2024/2493

27.9.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2493 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Meán Fómhair 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 a mhéid a bhaineann leis an bhfaireachán agus an tuairisciú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a thabhairt cothrom le dáta de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lámháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ([1]), ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 14(1) agus Airteagal 30f(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinneadh athbhreithniú agus leasú le Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ar Threoir 2003/87/CE lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas (CTA AE) chun í a ailíniú le Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) ina leagtar amach sprioc maidir le laghdú 55 % ar a laghad ar ghlanastaíochtaí faoi 2030 i gcomparáid le 1990.

(2) Tar éis an leasaithe ar Threoir 2003/87/CE le Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) agus le Treoir (AE) 2023/959, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún ([5]) a leasú dá réir chun na sainmhínithe agus na socruithe mionsonraithe is gá a ionchorprú chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí ó bhreoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch agus ó bhreoslaí carbóin athchúrsáilte agus chun ailíniú cuí a áirithiú leis na critéir inbhuanaitheachta agus leis na critéir maidir le gáis ceaptha teasa a laghdú dá leagtar síos i dTreoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]), chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí ó iompar CO_2 trí mhodhanna eile seachas píblínte le haghaidh stóráil gheolaíoch, astaíochtaí ón eitlíocht lena n-áirítear faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2, astaíochtaí ón gcóras nua trádála astaíochtaí d'fhoirgnimh, d'iompar de bhóthar agus don tionscal neamh-ETS.

(3) Faoin gcóras nua trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise, is gá, chun 'tomhaltóir deiridh' a shainmhíniú in Airteagal 3(69) foráil a dhéanamh maidir le tagairt níos sonraí don sainmhíniú ar eintiteas rialáilte in Airteagal 3(ae) de Threoir 2003/87/CE.

([1]) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj.

([2]) Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/959/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj).

([4]) Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus le cur chun feidhme iomchuí birt dhomhanda mhargadhbhunaithe (IO L 130, 16.5.2023, lch. 115, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/958/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún (IO L 334, 31.12.2018, lch. 1, ELI:http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2066/oj).

([6]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj).

(4) Ba cheart Airteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 a leasú chun a léiriú gur cheart astaíochtaí próisis agus dócháin uile na suiteála do-aistrithe a chumhdach le hiomláine an fhaireacháin agus an tuairiscithe, ó gach foinse astaíochtaí agus sreabh fhoinseach a bhaineann le gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE agus gníomhaíochtaí eile a bhfuil baint dhíreach acu leo i gcomhréir le hAirteagal 3(e) den Treoir sin.

(5) Chun feabhas a chur ar cháilíocht na faisnéise maidir le bithmhais, maidir le breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch (RFNBOnna), maidir le breoslaí carbóin athchúrsáilte (RCFanna), agus maidir le breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin agus chun tuairisciú náisiúnta faoi Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a éascú, ([7]) ba cheart d'oibreoirí faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí ó chodán carbóin na mbreoslaí sin a bhfuil ráta neamh-nialasach agus ráta nialasach acu mar mhíreanna meabhráin sna tuarascálacha ar astaíochtaí. Chun na críche sin, ba cheart paraiméadair a bhaineann le bithmhais nialas-rátaithe agus nialas-rátaithe, RFNBOnna agus RCFanna, nó breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin a chinneadh agus a thuairisciú do gach sreabh fhoinseach comhfhreagrach faoin modheolaíocht ríomha chaighdeánach de bhun Airteagal 24 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 agus faoin gcóras cothromúcháin maise de bhun Airteagal 25 den Rialachán sin. Tá gá le rialacha sonracha maidir le fachtóirí ríomha a bhaineann le comhdhéanamh a chinneadh a bhaineann le bithmhais neamh-rátaithe agus nialas-rátaithe, RFNBOnna agus RCFanna, agus breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin, lena n-áirítear an codán carbóin nialas-rátaithe agus neamh-nialasach.

(6) Chun gannmheastachán córasach a dhéanamh ar na hastaíochtaí iomlána sa chóras cothromúcháin maise nuair atá carbón nialas-rátaithe san ionchur agus sna sruthanna aschuir, tá sé tábhachtach d'oibreoirí cion carbóin nialas-rátaithe na sruthanna aschuir a chinneadh. Tá gá le fianaise shoiléir chun a léiriú gur seachnaíodh an gannmheastachán agus go bhfuil mais iomlán na gcodán carbóin nialas-rátaithe in ábhair aschuir coibhéiseach le mais iomlán ó chodáin nialas-rátaithe in ábhair ionchuir.

(7) Sonraítear i dTreoir 2003/87/CE, arna hathbhreithniú le Treoir (AE) 2023/959, gurb é nialas fachtóir astaíochta na bithmhaise má chomhlíonann an bhithmhais na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa maidir le húsáid breoslaí bithmhaise a bhunaítear le Treoir (AE) 2018/2001, agus aon choigeartú is gá á chur san áireamh maidir le cur i bhfeidhm faoi Threoir 2003/87/CE, mar a leagtar amach sna gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 14 den Treoir sin. Chun soiléiriú a dhéanamh ar na coinníollacha faoinar féidir ráta nialasach a chur ar astaíochtaí bithmhaise agus chun ailíniú le Treoir (AE) athbhreithnithe 2018/2001, ba cheart Airteagal 38(5) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 a leasú. I gcás nach bhfuil feidhm ag na critéir ábhartha inbhuanaitheachta agus ag na critéir ábhartha maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa maidir le cineál sonrach bithmhaise, is féidir ráta nialasach a chur ar an mbithmhais sin go díreach. Sa chás sin, áfach, ba cheart d'oibreoirí a léiriú fós nach bhfuil na critéir infheidhme. Is cuid fhíor-riachtanach den fhíorú iad cruthúnas na hinfheidhmeachta agus na hinbhuanaitheachta a mheasúnú, lena seiceálann an fíoraitheoir cur i bhfeidhm ceart na modheolaíochta faireacháin, lena n-áirítear nialas-rátú na bithmhaise. I gcás go bhfuil feidhm ag na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10), is gá na critéir sin a chomhlíonadh chun nialas-rátú a dhéanamh. Ba cheart caitheamh le bithmhais nach gcomhlíonann na critéir sa chás sin mar bhreosla iontaise. Tá nialas-rátú astaíochtaí faoi CTA AE ar leithligh ó scéimeanna tacaíochta a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (5) de Threoir (AE) 2018/2001.

(8) Le hAirteagal 31a de Threoir leasaithe (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ([8]) bunaítear bunachar sonraí de chuid an Aontais chun go bhféadfar breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha, breoslaí carbóin athchúrsáilte agus breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin a rianú ('Bunachar sonraí an Aontais'). Faoin 21 Samhain 2024, ba cheart Bunachar sonraí an Aontais a bheith ag feidhmiú go hiomlán. I gcás ina n-éilítear comhlíonadh na gcritéar inbhuanaitheachta agus na gcritéar maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29, míreanna (2) go (7) agus (10) de Threoir (AE) 2018/2001, maidir le bithmhais, agus in Airteagal 29a den Treoir sin, maidir le breoslaí in-athnuaite leachtacha agus gásacha agus RCFanna, ba cheart cruthúnas ar inbhuanaitheacht a sholáthar i gcomhréir le hAirteagail 30 agus 31 den Treoir sin. Chun an próiseas sin a éascú agus chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann brath ar an bhfianaise

([7]) Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE, agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 328, 21.12.2018, lch. 1) ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj).

([8]) Treoir (AE) 2023/2413 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Deireadh Fómhair 2023 lena leasaítear Treoir (AE) 2018/2001, Rialachán (AE) 2018/1999 agus Treoir 98/70/CE a mhéid a bhaineann le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn, agus lena n-aisghairtear Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle, (IO L , 2023/2413, 31.10.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/2413/oj).

arna soláthar ag oibreoirí CTA AE, oibreoirí aerárthaí agus eintitis rialáilte ó Bhunachar sonraí an Aontais maidir leis na hidirbhearta a bhaineann le haon mhéid breosla a ceannaíodh agus a úsáideadh le linn na bliana tuairiscithe agus a bhí nasctha le cealú na cainníochta faoi seach i mbunachar sonraí an Aontais. I gcás neamhchomhlíonadh ina dhiaidh sin maidir le cruthúnas inbhuanaitheachta na gcainníochtaí a cealaíodh sna bunachair sonraí, ceartóidh an t-údarás inniúil na hastaíochtaí fíoraithe dá réir.

(9) De réir Airteagal 33 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066, beidh an tsampláil ionadaíoch don bhaisc shonrach agus beidh sí saor ó laofacht. I gcás ina n-úsáidtear sampláil leanúnach ar an sruth gáis múcháin, ba cheart minicíocht na hanailíse a ailíniú leis an bpróiseas sin agus an bhliain tuairiscithe iomlán a chumhdach gan bhriseadh.

(10) Le Treoir (AE) 2023/959, leathnaíodh raon feidhme na ngníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE chun aon ola a scagadh, aon iarann a tháirgeadh, alúmana a tháirgeadh, hidrigin a tháirgeadh agus CO_2 a iompar trí mhodhanna eile seachas píblínte. Chun ailíniú le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE a áirithiú, is gá na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 a thabhairt cothrom le dáta.

(11) Aithnítear i dTreoir 2003/87/CE an ról a d'fhéadfadh a bheith ag RCFanna agus RFNBOnna chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú in earnálacha ar deacair iad a dhícharbónú. Chun rannchuidiú leis an dícharbónú, ní mór dá laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa an t-íoslaghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagal 29a de Threoir (AE) 2018/2001 a chomhlíonadh agus ní mór iad a ríomh de réir na modheolaíochta a leagtar amach sa ghníomh arna ghlacadh de bhun an Airteagail sin.

(12) Maidir le RCFanna nó RFNBOnna a bhfuil carbón ina gcomhdhéanamh ceimiceach, amhail leictricheirisín nó leictrimheatánól, tá gá le bunábhar carbóin chun iad a tháirgeadh. Go dtí go mbeidh gach céim de shaolré táirge ina n-úsáidtear carbón gafa faoi réir praghsála carbóin, go háirithe ag céim an loiscthe dramhaíola, is é an toradh a bheadh ar spleáchas ar astaíochtaí a chur i gcuntas ag an bpointe a scaoiltear amach as táirgí isteach san atmaisféar go ndéanfaí astaíochtaí a mheas faoi bhun a luacha. I gcás ina dtáirgtear RFNBOnna nó RCFanna ó CO_2 a gabhadh faoi ghníomhaíocht a chumhdaítear le Treoir 2003/87/CE, ba cheart na hastaíochtaí a chur san áireamh faoin ngníomhaíocht sin. Chun comhaireamh dúbailte agus ceanglas maidir le híocaíocht dhúbailte le haghaidh na n-astaíochtaí céanna a sheachaint, ba cheart fachtóir astaíochta nialasach a bheith ag na hastaíochtaí CO_2 ó RCFanna agus ó RFNBOnna a chomhlíonann na critéir a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001.

(13) Ní mór do bhreoslaí sintéiseacha ísealcharbóin na critéir maidir le laghdú ar gháis cheaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 2 pointe 13 de Threoir (AE) 2024/... maidir le comhrialacha do na margaí inmheánacha sa ghás in-athnuaite agus nádúrtha agus sa hidrigin a chomhlíonadh. Teastaíonn bunábhar carbóin ó bhreoslaí sintéiseacha ísealcharbóin chun iad a tháirgeadh. Faoi réir athbhreithniú i leith carbón nialas-rátaithe a dhóitear i suiteálacha atá díolmhaithe ó CTA AE mar gheall ar an ardúsáid a bhaineann siad as bithmhais de bhun phointe 1 d'Iarscríbhinn I, chun áireamh dúbailte laistigh de CTA AE a sheachaint i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún, má eascraíonn cion carbóin na mbreoslaí ó CTA AE agus má cuireadh san áireamh é dá bhrí sin, lena n-áirítear nuair is nialas a fhachtóir astaíochtaí, ba cheart na hastaíochtaí ón mbreosla sintéiseach ísealcharbóin a bheith nialas-rátaithe. Ba cheart caitheamh leis na hastaíochtaí a eascraíonn as breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin ina bhfuil cion carbóin eile mar a gcoibhéisí breosla iontaise. Is gá rialacha a sholáthar chun an codán de bhreoslaí sintéiseacha ísealcharbóin nialas-rátaithe a chinneadh.

(14) Meastar nach leor na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a thagann as RCFanna nó RFNBOnna nach gcomhlíonann na laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar amach in Airteagal 29a de Threoir (AE) 2018/2001 i gcomparáid le breoslaí iontaise. Dá bhrí sin, ba cheart caitheamh leis na hastaíochtaí a eascraíonn as dóchán RCFanna nó RFNBOnna den sórt sin mar a gcoibhéisí breosla iontaise. Ós rud é go bhféadfar breoslaí iontaise a chumasc le RCFanna nó RFNBOnna, is gá rialacha a sholáthar chun an codán de RCF nó RFNBO nialas-rátaithe a chinneadh.

(15) Ba cheart a chinneadh le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 an mhodheolaíocht faireacháin ba cheart a chur i bhfeidhm maidir le hastaíochtaí ó RFNBOnna nialas-rátaithe, RCFanna agus breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin. Ba cheart forálacha a chur san áireamh maidir le hasbhaint iomlán astaíochtaí nialasacha RFNBO, RCF agus breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin, i gcás ina n-úsáideann an t-oibreoir an mhodheolaíocht thomhasbhunaithe chun astaíochtaí iomlána CO_2 a chinneadh. Agus scéimeanna tacaíochta á gceapadh acu le haghaidh breoslaí in-athnuaite nó ísealcharbóin, coinníonn na Ballstáit an ceart chun a shonrú conas na RFNBOnna, na RCFanna nó na breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin éagsúla a dhreasú.

(16) Ina theannta sin, agus an mhodheolaíocht thomhasbhunaithe le haghaidh breoslaí agus ábhair ina bhfuil bithmhais á cur i bhfeidhm, ba cheart coinníollacha a chur leis nuair is ionann an codán bithmhaise agus an codán bithmhaise nialas-rátaithe. Ba cheart soiléirithe a sholáthar freisin nuair nach gcomhlíontar na coinníollacha sin agus sa chás sin ba cheart don oibreoir na forálacha a úsáidtear a bhaineann le cur chuige ríomhbhunaithe a leanúint.

(17) Nuair a bhíonn sampláil leanúnach ón sruth gáis múcháin i gceist le modheolaíocht bheartaithe na suiteála, agus nuair a ídíonn an tsuiteáil dho-aistrithe gás nádúrtha ón eangach an tráth céanna, chun áireamh dúbailte a sheachaint, ba cheart CO_2 a eascraíonn as bithghás a chinneadh trí anailís saotharlainne agus ba cheart an méid sin a asbhaint faoi seach ón CO_2 iomlán nialas-rátaithe a cinneadh roimhe sin trí chur chuige ríomhbhunaithe.

(18) Ní aithnítear astaíochtaí diúltacha gás ceaptha teasa le Treoir 2003/87/CE. Chun giniúint astaíochtaí diúltacha a sheachaint, níor cheart d'oibreoir aon CO_2 a thagann as breoslaí nialas-rátaithe a dhealú óna astaíochtaí. I gcás ina ngabhtar astaíochtaí ó mheascán d'fhoinsí nialas-rátaithe agus d'fhoinsí nach bhfuil nialas-rátaithe, chun soiléireacht agus simplíocht a áirithiú, an chainníocht CO_2 a eascraíonn as foinsí nach bhfuil nialas-rátaithe is féidir a asbhaint as astaíochtaí an oibreora, ba cheart í a bhunú ar bhonn chion na n-astaíochtaí nialas-rátaithe agus nach bhfuil nialas-rátaithe.

(19) Cumhdaítear leis na gníomhaíochtaí 'gáis ceaptha teasa a iompar le haghaidh stóráil gheolaíoch', agus 'stóráil gheolaíoch gás ceaptha teasa', in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, gach CO_2 a iompraítear agus a stóráiltear i láithreán stórála a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE, gan beann ar thionscnamh geografach agus fisiceach an CO_2. Chun aon bhearnaí sa chreat faireacháin agus tuairiscithe a sheachaint agus chun na dreasachtaí a sholáthar d'oibreoirí bonneagair iompair CO_2 nó d'oibreoirí láithreán stórála CO_2chun sceitheadh a íoslaghdú, is gá a shoiléiriú gur cheart do na hoibreoirí sin faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar aon astaíochtaí ó gach CO_2 le haghaidh stóráil gheolaíoch atá faoina gcoimeád, lena n-áirítear más de thionscnamh gníomhaíochtaí lasmuigh de raon feidhme Threoir 2003/87/CE iad.

(20) Ós rud é go bhfuil coinne leis go n-iomprófar CO_2 le haghaidh stóráil gheolaíoch ar mhodhanna éagsúla, le Treoir (AE) 2023/959 leathnaíodh raon feidhme na gníomhaíochta 'gáis ceaptha teasa a iompar le haghaidh stóráil gheolaíoch' in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE chuig aon mhodh iompair. Dá bhrí sin, is gá athbhreithniú a dhéanamh ar na forálacha faireacháin agus tuairiscithe a bhaineann le gníomhaíocht iompair CO_2 chun a áirithiú go mbeidh siad infheidhme maidir le bonneagar iompair CO_2 ar bhonn aon mhodh iompair. I gcás ina gcumhdaítear modh iompair freisin le gníomhaíocht eile faoi Threoir 2003/87/CE, chun comhaireamh dúbailte astaíochtaí a sheachaint, ba cheart na hastaíochtaí a chumhdaítear leis an ngníomhaíocht eile faoin Treoir sin a eisiamh ó theorainneacha na gníomhaíochta iompair CO_2.

(21) Féadfar CO_2 a iompar le haghaidh stóráil gheolaíoch thar achair fhada. Dá bhrí sin, féadfar an CO_2 bheith faoi bhealach ar feadh tréimhsí fada. I gcásanna den sórt sin, is iomchuí an tsolúbthacht a thabhairt d'oibreoir bhonneagar iompair CO_2 aon mhéid CO_2 atá fós faoi bhealach faoin 31 Nollaig den bhliain sin a dhealú ó na hastaíochtaí atá le tuairisciú i mbliain ar leith, ar choinníoll go sroicheann an lastas CO_2 a cheann scríbe agus go n-aistrítear é chuig láithreán stórála nó chuig suiteáil CTA AE eile tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir den bhliain dár gcionn.

(22) Le Treoir 2003/87/CE athbhreithnithe, leasaíodh an sainmhíniú ar astaíochtaí chun gáis ceaptha teasa nach scaoiltear go díreach san atmaisféar a chuimsiú freisin. Dá bhrí sin, ba cheart iad sin a mheas mar astaíochtaí faoi CTA AE freisin, ach amháin má stóráiltear i láithreán stórála iad i gcomhréir le Treoir 2009/31/CE nó má tá siad ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge ionas nach dtéann siad isteach san atmaisféar sa ghnáthúsáid, agus nach dtéann siad isteach san atmaisféar faoi aon ghnáthghníomhaíocht a tharlaíonn tar éis dheireadh shaolré an táirge. Dá thoradh sin, is gá na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 a thabhairt cothrom le dáta dá réir chun gáis ceaptha teasa a scaoiltear ar bhealaí eile seachas go díreach san atmaisféar a chur san áireamh, agus comhaireamh dúbailte astaíochtaí á sheachaint san am céanna i gcás ina n-athúsáidtear gáis ceaptha teasa nach n-astaítear go díreach san atmaisféar laistigh den tsuiteáil chéanna nó i suiteálacha CTA AE eile. Chun suaitheadh míchuí a sheachaint i gcás suiteálacha a ndéanann na hathruithe sin difear dóibh, ba cheart a gcur i bhfeidhm a chur siar go dtí an 1 Eanáir 2025 chun dóthain ama a thabhairt do na hoiriúnuithe is gá.

(23) Agus fachtóir ocsaídiúcháin nó coinbhéartachta sreabha foinsí á chinneadh, ba cheart aonocsaíd charbóin (CO) a astaítear isteach san atmaisféar a mheas mar an méid coibhéise mólaraí CO_2. Ní mheastar gur astaíocht faoi raon feidhme Threoir 2003/87/CE é CO a aistrítear ar shlí eile i dtáirge nó mar bhunábhar.

(24) Foráiltear le hAirteagal 12(3b) de Threoir 2003/87/CE nach gá lamháltais a thabhairt suas le haghaidh gáis ceaptha teasa a mheastar a bheith gafa agus úsáidte ar bhealach a fhágann go bhfuil siad ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge ionas nach dtéann siad isteach san atmaisféar sa ghnáthúsáid, lena n-áirítear aon ghnáthghníomhaíocht a tharlaíonn tar éis dheireadh shaolré an táirge. Is gá foráil ghinearálta a chur san áireamh d'oibreoirí chun an méid CO_2 ca mheastar a bheith ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge a liostaítear sa ghníomh tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 12(3b) de Threoir 2003/87/CE a chinneadh agus a dhealú óna n-astaíochtaí, ar foráil í a chuirfear in ionad na forála lenar féidir an CO_2 a mheastar a bheith ceangailte go ceimiceach i gcarbónáit chailciam dheasctha a dhealú.

(25) Ag féachaint d'Airteagal 14(5) de Threoir 2003/87/CE, is cleachtadh neamhspleách, ar leithligh ó phraghsáil carbóin é an creat faireacháin, tuairiscithe agus fíoraithe (MRV) d'éifeachtaí neamh-CO_2. Tá gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta an Aontais maidir le tionchar agus réitigh theicneolaíocha éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 ar siúl ó 1994 i leith agus ba cheart leanúint díobh. I bhfianaise na héiginnteachta a bhaineann le tionchair éifeachtaí neamh-CO_2, tá sé ríthábhachtach tús a chur leis an MRV ar éifeachtaí neamh-CO_2 d'fhonn bailíochtú eolaíoch na dtionchar a áirithiú.

(26) Ba cheart d'oibreoirí aerárthaí faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a tharlaíonn ón 1 Eanáir 2025, ó na gníomhaíochtaí a dhéanann eitleáin atá feistithe le scaird-innill, le gur féidir coibhéis CO_2 (CO_2(e)) in aghaidh na heitilte a ríomh. Ba cheart do na hoibreoirí aerárthaí na héifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 sin a thuairisciú uair sa bhliain. Mar sin féin, chun tús MRV a éascú d'éifeachtaí neamh-CO_2, in 2025 agus 2026, cé go bhféadfadh an tuairisciú na bealaí uile a chumhdach, ní éilítear tuairisciú den sórt sin ach amháin i leith bealaí a bhfuil dhá aeradróm atá lonnaithe sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) páirteach iontu, agus i leith bealaí ó aeradróm atá lonnaithe in LEE a imíonn go dtí an Eilvéis nó go dtí an Ríocht Aontaithe. I ndáil le 2025 agus 2026, is féidir éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a tharlaíonn ó eitiltí eile a thuairisciú.

(27) Chun an t-ualach riaracháin a íoslaghdú, ba cheart d'oibreoirí aerárthaí plean faireacháin aonair a sholáthar le haghaidh éifeachtaí astaíochtaí CO_2 agus neamh-CO_2.

(28) Ba cheart CO_2(e)in aghaidh na heitilte a ríomh trí úsáid a bhaint as méadrach na hAcmhainneachta Téite Domhanda (GWP) i dtrí thréimhse ama GWP_{20}, GWP_{50} agus GWP_{100} chun tuiscint níos fearr a fháil ar na tionchair sin ar an aeráid, agus éifeachtúlacht á cur i bhfeidhm, mar a shainmhínítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066, agus córas rianaithe éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 an Choimisiúin (NEATS), chun méadrach GWP a bheachtú.

(29) Chun CO_2(e) a ríomh le haghaidh éifeachtaí neamh-CO_2, ba cheart do na hoibreoirí aerárthaí cur chuige ríofa CO_2(e) a úsáid. Áirítear leis an gcur chuige sin modúil chun meastachán a dhéanamh ar dhó breosla agus astaíochtaí éagsúla (NOx, CO, HC), samhlacha lena ríomhtar CO_2(e) trí úsáid a bhaint as na sonraí ionchuir agus na luachanna réamhshocraithe mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn IIIa agus in Iarscríbhinn IIIb a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066, i gcás ina bhfuil bearnaí sonraí ann.

(30) Chun tearcthuairisciú a sheachaint, féadfar luachanna réamhshocraithe coimeádacha a úsáid. I gcás nach bhfuil sonraí arna bhfoinsiú ag an oibreoir aerárthaigh ar fáil, ní mór don obair leanúint de thuairisciú luachanna tomhaiste a chumasú, ar bhonn na faisnéise is fearr atá ar fáil. Trí bheith ag brath ar luachanna réamhshocraithe laghdaítear beachtas na sonraí.

(31) Agus aitheantas á thabhairt don tábhacht a bhaineann le huirlisí iomchuí a sholáthar chun teorainn a chur leis an iarracht riaracháin a bhaineann le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2, féadfaidh na hoibreoirí aerárthaí brath ar an uirlis teicneolaíochta faisnéise, NEATS, arna soláthar ag an gCoimisiún. Féadfaidh na hoibreoirí aerárthaí a roghnú freisin a n-uirlisí teicneolaíochta faisnéise féin nó uirlisí teicneolaíochta faisnéise tríú páirtí a úsáid ar choinníoll go gcomhlíonann na huirlisí sin forálacha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066, go háirithe Airteagal 56a, agus ar choinníoll go bhformheasann an Coimisiún iad.

(32) Ba cheart do na hoibreoirí aerárthaí sonraí a ndéantar faireachán orthu a bhailiú agus a stóráil go slán, lena n-áirítear sonraí eitilte agus faisnéis maidir le haerárthaí. Chun na críche sin, féadfaidh na hoibreoirí aerárthaí brath ar uirlis TF an Choimisiúin agus/nó ar acmhainní tríú páirtí, lena n-áiritheofar go gcomhlíonfar rialacha rúndachta agus inrochtaineacht chun críocha fíoraithe.

(33) I gcás nach soláthraíonn na hoibreoirí aerárthaí aon sonraí, ba cheart go mbeadh NEATS in ann CO_2(e) a ríomh go huathoibríoch, ar bhonn sonraí arna mbailiú ó fhoinsí seachtracha agus ar bhonn na luachanna réamhshocraithe mar a thuairiscítear in Iarscríbhinní IIIa agus IIIb a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066.

(34) I gcás nach mbeidh uirlisí TF ar fáil, ba cheart d'oibreoirí aerárthaí faireachán a dhéanamh ar fhaisnéis maidir le hairíonna riachtanacha eitiltí agus aerárthaí mar bheart eatramhach.

(35) I gcás nach mbeidh an tsamhail tagartha chomhchoiteann Tuartha Uimhriúil Aimsire (TUA) ar fáil, ba cheart d'oibreoirí aerárthaí cur chuige suíomhbhunaithe simplithe a úsáid chun CO_2(e) éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a ríomh mar bheart eatramhach.

(36) Chun an t-ualach riaracháin a íoslaghdú, féadfaidh astaírí beaga rogha a dhéanamh cur chuige suíomhbhunaithe simplithe a úsáid chun CO_2(e) éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a ríomh.

(37) Ar bhonn an aiseolais ar chur chun feidhme CTA AE, is gá sainaithint oibreora aerárthaigh a éascú a thuilleadh de bhun Airteagal 3(o) de Threoir 2003/87/CE agus céim bhreise a chur san áireamh sa phróiseas sin.

(38) Chun forálacha Airteagal 28a(4) de Threoir 2003/87/CE agus an Rialacháin seo maidir leis an sainmhíniú ar astaírí beaga a ailíniú, ba cheart an Rialachán seo a thabhairt cothrom le dáta chun go mbeidh oibreoirí a chomhlíonann na critéir a shainítear in Airteagal 28a(4) den Treoir sin in ann na huirlisí meastacháin breosla arna gcur chun feidhme ag Eurocontrol a úsáid.

(39) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe maidir le faireachán ceart ar astaíochtaí agus forfheidhmiú ceart reachtaíochta a áirithiú. Chun na ceanglais tuairiscithe sin a chuíchóiriú, ba cheart rialacha tuairiscithe iomchuí a bhunú d'oibreoirí aerárthaí maidir le húsáid cineálacha éagsúla breoslaí eitlíochta malartacha, lena n-áirítear bithbhreoslaí, RFNBOnna, RCFanna agus breoslaí eile atá incháilithe faoi chóras tacaíochta CTA AE arna bhunú de bhun Airteagal 3c(6) de Threoir 2003/87/CE.

(40) Tá feidhm ag tairseacha astaíochtaí maidir le hoibreoirí aerárthaí lena gcur san áireamh in CTA AE nó i Scéim Frithláirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta ICAO (CORSIA). Is féidir oibreoirí aerárthaí a mheas mar astaírí beaga nó is féidir cead a thabhairt dóibh uirlisí simplithe a úsáid. I gcomhréir le cuspóir CTA AE agus leis na prionsabail a áirítear freisin i scéim CORSIA ICAO, níor cheart go gcuirfí san áireamh le ríomh na dtairseach astaíochtaí sin an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as breoslaí ag a bhfuil fachtóir astaíochta nialasach. Dá bhrí sin, is iomchuí réamhfhachtóir tosaigh a bhunú chun críoch na tairseacha sin a ríomh.

(41) I gcomhréir le Treoir (AE) 2023/959, tosóidh tabhairt suas lamháltas faoin gcóras trádála astaíochtaí nua d'fhoirgnimh, d'iompar de bhóthar agus d'earnálacha breise in 2028 le haghaidh astaíochtaí bliantúla 2027. Mar sin féin, cuirfear tús le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí faoin gcóras nua trádála astaíochtaí ón 1 Eanáir 2025. Ba cheart rialacha faireacháin agus tuairiscithe soiléire le haghaidh an chórais trádála astaíochtaí a leagan síos sách fada roimh ré le haghaidh na hearnála foirgníochta, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise, chun an cur chun feidhme ordúil sna Ballstáit a éascú. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, chun comhsheasmhacht idir modheolaíochtaí faireacháin a áirithiú agus chun cur leis an taithí a fuarthas ón gcóras reatha trádála astaíochtaí le haghaidh suiteálacha do-aistrithe agus eitlíochta, is iomchuí na rialacha ábhartha a bhunú don chóras nua.

(42) Chun leibhéal láidir cruinnis faireacháin a áirithiú agus chun an t-ualach riaracháin ar na heintitis rialáilte agus ar na húdaráis inniúla a íoslaghdú, ba cheart an fachtóir raoin a chur i bhfeidhm tar éis chatagóiriú an eintitis rialáilte agus na sreabh breosla. Leis sin, ba cheart go bhféadfaí faireachán níos cruinne a dhéanamh agus ba cheart go seachnófaí athruithe neamhriachtanacha ar na pleananna faireacháin, lena laghdaítear an t-ualach riaracháin ar eintitis rialáilte agus ar údaráis inniúla.

(43) Chun teorainn a chur leis an ualach riaracháin, is iomchuí rialacha sonracha a chur ar fáil d'eintitis rialáilte a bhfuil astaíochtaí ísle acu agus solúbthacht a thabhairt do na húdaráis inniúla maidir le heintitis rialáilte a chatagóiriú.

(44) Chun cur chun feidhme na mbeart nua a éascú, is iomchuí maolú faoi cheangal ama a sholáthar, roimh 2027, maidir le cur i bhfeidhm an fhachtóra raoin tar éis an chatagóirithe. Is iomchuí go mbeadh na húdaráis inniúla in ann eintiteas rialáilte a cháiliú mar eintitis rialáilte ag a bhfuil astaíochtaí ísle, nó cead a thabhairt don eintiteas rialáilte é féin agus gach sreabh breosla a aicmiú, ar bhonn na n-astaíochtaí tar éis chur i bhfeidhm an fhachtóra raoin, cé is moite de CO_2 a eascraíonn as breosla nialas-rátaithe, i gcás inar féidir a léiriú chun sástacht an údaráis inniúil go mbeidh an fachtóir raoin a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an aicmiú ionadaíoch fós sna blianta amach romhainn.

(45) Chun fíorú a éascú, is iomchuí go ndéanfaidh oibreoirí suiteálacha do-aistrithe, oibreoirí aerárthaí, cuideachtaí loingseoireachta agus eintitis rialáilte an fhaisnéis maidir le breoslaí a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE a chur isteach in éineacht leis an tuarascáil bhliantúil astaíochtaí. Níor cheart aon tuarascáil ar leithligh a éileamh maidir leis na méideanna breoslaí a fuarthas agus a úsáideadh. Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 a leasú dá réir.

(46) Chun cur isteach ordúil comhleanúnach an phlean faireacháin le haghaidh eintitis rialáilte chuig na húdaráis inniúla a éascú, agus i bhfianaise na bhforálacha a glacadh cheana i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2122 ón gCoimisiún an 17 Deireadh Fómhair 2023, lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066, ba cheart feidhm a bheith ag na forálacha uile atá sa Rialachán seo a bhaineann leis an trádáil astaíochtaí nua le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise, ón 1 Iúil 2024.

(47) Foráiltear cheana féin le Treoir 2003/87/CE go mbeidh na hastaíochtaí ó RFNBOnna a úsáidtear le haghaidh oibreoirí aerárthaí nialas-rátaithe roimh theacht i bhfeidhm an athbhreithnithe seo ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066. Dá bhrí sin, chun comhsheasmhacht, soiléireacht agus cothrom iomaíochta a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag na rialacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí ó RFNBO nialas-rátaithe, RCF agus breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin ón 1 Eanáir 2024.

(48) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Athrú Aeráide,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 1 agus 2:

'*Airteagal 1*

Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

(i) ón 1 Eanáir 2021 agus ó thréimhsí trádála ina dhiaidh sin, faireachán agus tuairisciú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus sonraí gníomhaíochta de bhun Threoir 2003/87/CE i dtréimhse trádála chóras trádála astaíochtaí an Aontais;

(ii) ón 1 Eanáir 2025, faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 de bhun Airteagal 14 de Threoir 2003/87/CE.

Airteagal 2

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a shonraítear i ndáil leis na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, maidir le sonraí gníomhaíochta ó shuiteálacha do-aistrithe, maidir le gníomhaíochtaí eitlíochta, lena n-áirítear éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 agus maidir le méideanna breosla arna scaoileadh ó ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin.

Beidh feidhm aige maidir leis an méid seo a leanas:

(i) ón 1 Eanáir 2021, astaíochtaí, sonraí gníomhaíochta agus méideanna breosla arna scaoileadh a tharlaíonn;

(ii) ón 1 Eanáir 2025, éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2.

Cumhdófar le faireachán agus tuairisciú ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 ó 2025 gach éifeacht neamh-CO_2 ó ghníomhaíochtaí eitlíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir a bhaineann le haeradróm atá lonnaithe in LEE.Mar sin féin, i ndáil le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a tharlaíonn in 2025 agus 2026, ní éileofar tuairisciú den sórt sin ach amháin i leith bealaí a bhaineann le dhá aeradróm atá lonnaithe in LEE, agus i leith bealaí ó aeradróm atá lonnaithe in LEE a imíonn go dtí an Eilvéis nó go dtí an Ríocht Aontaithe. I ndáil le 2025 agus 2026, féadfar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a tharlaíonn ó eitiltí eile a thuairisciú ar bhonn deonach.';

(2) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 4(b):

'(b) i gcás modheolaíocht maidir le cothromúchán maise i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán seo, ceann de na nithe seo a leanas:

(i) cineál sonrach breosla, amhábhair nó táirge ina bhfuil carbón;

(ii) CO_2 arna aistriú i gcomhréir le hAirteagal 49 den Rialachán seo;';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (7):

'(7) ciallaíonn 'fachtóirí ríomha' glanluach calrach, fachtóir astaíochta, réamhfhachtóir astaíochta, fachtóir ocsaídiúcháin, fachtóir coinbhéartachta, cion carbóin, codán iontaise, codán bithmhaise, codán bithmhaise nialas-rátaithe, codán RFNBO nó RCF, codán RFNBO nialas-rátaithe nó codán RCF, codán sintéiseach ísealcharbóin, codán sintéiseach ísealcharbóin nialas-rátaithe, codán nialas-rátaithe, nó fachtóir coinbhéartúcháin aonaid;',

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (15):

'(15) ciallaíonn 'fachtóir coinbhéartachta' an cóimheas idir an carbón a astaítear mar CO_2 agus an carbón iomlán atá sa tsreabh fhoinseach sula dtarlaíonn an próiseas astaithe, arna shloinneadh mar chodán, agus CO a astaítear san atmaisféar á mheas mar an méid coibhéise mólaraí CO_2. I gcás astaíochtaí CO_2 a mheastar a bheith ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge, ciallaíonn fachtóir coinbhéartachta an cóimheas CO_2 atá ceangailte mar charbón i dtáirge le linn próiseas, leis an CO_2 iomlán atá mar charbón i dtáirge a fhágann an próiseas céanna;';

(d) cuirtear pointí (23b) go (23h) isteach:

'(23b) ciallaíonn 'breoslaí eitlíochta malartacha' breoslaí eitlíochta íona ina bhfuil carbón seachas breoslaí iontaise íona a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo;

(23c) ciallaíonn 'nialas-rátú' an sásra lena laghdaítear fachtóir astaíochta breosla nó ábhair chun na nithe seo a leanas a aithint:

(a) i gcás bithmhaise, a comhlíontacht leis na critéir inbhuanaitheachta nó leis na critéir maidir le laghdú ar gháis cheaptha teasa dá bhforáiltear le hAirteagal 29(2) go (7) agus (10) de Threoir (AE) 2018/2001, mar a shonraítear in Airteagal 38(5) den Rialachán seo;

(b) i gcás RFNBO nó RCF, a chomhlíontacht leis na critéir maidir le laghdú ar gháis cheaptha teasa i gcomhréir le hAirteagal 29a de Threoir (AE) 2018/2001, mar a shonraítear in Airteagal 39a(3) den Rialachán seo;

(c) i gcás breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin, a mhéid a chomhlíonann sé na critéir maidir le laghdú ar gháis cheaptha teasa dá bhforáiltear in Airteagal 2 pointe 13 de Threoir (AE) 2024/1788 maidir le comhrialacha do na margaí inmheánacha sa ghás in-athnuaite agus nádúrtha agus sa hidrigin; agus lamháltais a thabhairt suas roimh ré faoi Threoir 2003/87/CE don charbón gafa is gá chun na breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin a tháirgeadh, mar a shonraítear in Airteagal 39a(4) den Rialachán seo, ach amháin más carbón nialas-rátaithe an carbón gafa sin mar a shainmhínítear in Airteagal 3(38f).

(23d) ciallaíonn 'breoslaí nialas-rátaithe' bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin, RFNBO nó RCF nó codáin de bhreoslaí measctha nó d'ábhair mheasctha a chomhlíonann na critéir mar a shonraítear in Airteagail 38(5) nó 39a(3) nó 39a(4) den Rialachán seo, de réir mar is infheidhme;

(23e) ciallaíonn 'breoslaí carbóin athchúrsáilte' (RCF) breoslaí carbóin athchúrsáilte mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (35) de Threoir (AE) 2018/2001;

(23f) ciallaíonn 'breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch' (RFNBO) breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (36) de Threoir (AE) 2018/2001;

(23g) ciallaíonn 'breosla íon' breosla ina fhoirm íon nach bhfuil ach ceann amháin de na codáin seo a leanas ann:

(i) codán iontaise;

(ii) codán bithmhaise nach bhfuil nialas-rátaithe;

(iii) codán bithmhaise nialas-rátaithe;

(iv) codán RFNBO nó RCF nach bhfuil nialas-rátaithe;

(v) codán RFNBO nialas-rátaithe nó RCF;

(vi) codán ísealcharbóin sintéiseach nach bhfuil nialas-rátaithe;

(vii) codán ísealcharbóin sintéiseach nialas-rátaithe;

(viii) codán de bhreoslaí ina bhfuil carbón seachas breoslaí iontaise a liostaítear i dTábla 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo nó ó bhithmhais, RFNBO, RCF nó breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin;

(23h) ciallaíonn 'breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin' breoslaí gásacha agus leachtacha, a ndíorthaítear a luach fuinnimh ó hidrigin ísealcharbóin mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (13) de Threoir (AE) 2024/1788, a chomhlíonann an tairseach 70 % um laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa i gcomparáid leis an táirge comparáide breoslaí iontaise le haghaidh breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a leagtar amach sa mhodheolaíocht arna glacadh de réir Airteagal 29a(3) de Threoir (AE) 2018/2001, arna deimhniú i gcomhréir le hAirteagal 9 de Threoir 2024/1788.;';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (34) agus phointe (34a):

'(34) ciallaíonn 'breosla measctha' breosla ina bhfuil dhá cheann ar a laghad de na nithe seo a leanas:

(i) carbón a eascraíonn as bithmhais;

(ii) carbón a eascraíonn as RFNBO nó RCF;

(iii) carbón a eascraíonn as breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin;

(iv) carbón iontaise eile;

nó ina bhfuil carbón nialas-rátaithe agus carbón eile araon.

(34a) ciallaíonn 'breosla eitlíochta measctha' breosla ina bhfuil dhá bhreosla íona éagsúla ar a laghad;';

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (36) agus (38):

'(36) ciallaíonn 'réamhfhachtóir astaíochta' fachtóir astaíochta iomlán toimhdithe breosla nó ábhair ar bhonn a chion carbóin iomlán sula ndéantar é a iolrú faoin gcodán iontaise chun an fachtóir astaíochta a tháirgeadh;

(38) ciallaíonn 'codán bithmhaise' an cóimheas idir an carbón a eascraíonn as bithmhais agus an cion carbóin iomlán i mbreosla nó in ábhar, arna shloinneadh mar chodán, gan beann ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an bhithmhais critéir Airteagal 38(5) den Rialachán seo;';

(g) scriostar pointe (38a).

(h) cuirtear pointí (38b) go (38h) isteach mar a leanas:

'(38b) ciallaíonn 'codán bithmhaise nialas-rátaithe' an cóimheas idir an carbón a eascraíonn as bithmhais a chomhlíonann critéir Airteagal 38(5) den Rialachán seo agus an cion carbóin iomlán breosla nó ábhair, arna shloinneadh mar chodán;

(38c) ciallaíonn 'codán RFNBO nó RCF' an cóimheas idir carbón a eascraíonn as RFNBO nó RCF agus an cion carbóin iomlán i mbreosla, arna shloinneadh mar chodán, gan beann ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann RFNBO nó RCF critéir Airteagal 39a(3) den Rialachán seo;

(38d) ciallaíonn 'codán RFNBO nó RCF nialas-rátaithe' an cóimheas idir carbón a eascraíonn as RFNBO nó RCF a chomhlíonann critéir Airteagal 39a(3) den Rialachán seo, an cion carbóin iomlán i mbreosla, arna shloinneadh mar chodán;

(38e) ciallaíonn 'codán carbóin nialas-rátaithe':

(i) i gcás breosla, suim a chodáin bithmhaise nialas-rátaithe, a chodáin shintéisigh ísealcharbóin nialas-rátaithe agus a RFNBO nialas-rátaithe nó a chodáin RCF gan áireamh dúbailte aon charbóin;

(ii) i gcás ábhair, a chodán bithmhaise nialas-rátaithe.

(38f) ciallaíonn 'carbón nialas-rátaithe' carbón atá i mbreosla nó in ábhar a bhaineann le codán carbóin nialas-rátaithe an bhreosla nó an ábhair sin.

(38g) ciallaíonn 'codán sintéiseach ísealcharbóin' an cóimheas idir an carbón a eascraíonn as breosla sintéiseach ísealcharbóin agus an cion carbóin iomlán i mbreosla, arna shloinneadh mar chodán, gan beann ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann an breosla sintéiseach ísealcharbóin critéir Airteagal 39a(4) den Rialachán seo;

(38h) ciallaíonn 'codán sintéiseach ísealcharbóin nialas-rátaithe' an cóimheas idir carbón a eascraíonn as breosla sintéiseach ísealcharbóin a chomhlíonann critéir Airteagal 39a(4) den Rialachán seo, agus an cion carbóin iomlán i mbreosla;';

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 42:

'(42) ciallaíonn 'carbón iontaise' carbón neamhorgánach agus orgánach nach carbón nialas-rátaithe é;';

(j) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 55:

'(55) ciallaíonn 'iompar CO_2' CO_2 a iompar le haghaidh stóráil gheolaíoch i láithreán stórála a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE;';

(k) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 63:

'(63) ciallaíonn 'bonneagar iompair CO_2' bonneagar mar a shainmhínítear in Airteagal 3(29) de Rialachán(EU) 2024/1735, ;';

(l) cuirtear isteach pointe (63b):

'(63b) ciallaíonn 'CO_2 faoi bhealach' aon mhéid CO_2 a aistríodh i mbonneagar iompair CO_2 nár aistríodh chuig suiteáil eile nó chuig bonneagar iompair CO_2 eile laistigh den tréimhse tuairiscithe chéanna a fuarthas é;';

(m) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 69:

'(69) chun an sainmhíniú ar eintiteas rialáilte a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 3(ae) de Threoir 2003/87/CE, sa Rialachán seo, ciallaíonn 'tomhaltóir deiridh' aon duine nádúrtha nó dlítheanach ar tomhaltóir an bhreosla é, nach mó a ídiú breosla bliantúil ná 1 tona CO_2;';

(n) cuirtear pointí (71) go (80) isteach:

'(71) ciallaíonn 'éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2' éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 mar a shainmhínítear in Airteagal 3(v) de Threoir 2003/87/CE;

(72) ciallaíonn 'CO_2(e) in aghaidh na heitilte' na héifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a théann an t-atmaisféar, arna sloinneadh mar mhéid coibhéiseach d'astaíochtaí CO_2 na heitilte ar leith;

(73) ciallaíonn 'fórsáil radantach' athrú forchurtha ar chomhardú fuinnimh an phláinéid, arna thomhas i vatanna in aghaidh an mhéadair chearnaigh (W/m^2);

(74) ciallaíonn 'éifeachtúlacht' an t-athrú ar an meánteocht dhomhanda in aghaidh an aonaid fórsála radantaí a chuireann an t-oibreán aeráide i bhfeidhm, i gcoibhneas leis an bhfreagairt arna giniúint ag fórsáil chaighdeánach CO_2a thosaíonn ón staid aeráide tosaigh chéanna;

(75) ciallaíonn 'samhail ríofa CO_2(e)' samhail a úsáidtear chun tionchar aeráide iomlán éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a ríomh, i gcomhréir le hIarscríbhinn IIIa Roinn 4 a ghabhann leis an Rialachán seo;

(76) ciallaíonn 'cur chuige aimsirbhunaithe' Modh C, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IIIa Roinn 4 a ghabhann leis an Rialachán seo, ina n-úsáidtear sonraí aimsire breisithe go príomha, mar aon le faisnéis eitilte, ruthag, airíonna aerárthaigh agus airíonna breosla;

(77) ciallaíonn 'cur chuige suíomhbhunaithe simplithe' Modh D, dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IIIa Roinn 4 a ghabhann leis an Rialachán seo, ina n-úsáidtear go príomha sonraí a bhaineann le suíomh aerárthaí le linn eitilte amhail faisnéis eitilte, ruthag, ach sonraí bunúsacha aimsire agus airíonna aerárthaigh freisin;

(78) ciallaíonn 'córas rianaithe éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 (NEATS)' uirlis teicneolaíochta faisnéise (TF) a sholáthraíonn an Coimisiún d'oibreoirí aerárthaí, d'fhíoraitheoirí creidiúnaithe agus d'údaráis inniúla chun faireachán, tuairisciú agus fíorú ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a éascú agus, a mhéid is féidir, a uathoibriú, i gcomhréir le hAirteagal 14(5) de Threoir 2003/87/EC;

(79) ciallaíonn 'airíonna aerárthaigh' an chatagóir faisnéise ina gcuimsítear ar a laghad agus i gcás gach eitilte, an cineál aerárthaigh, aitheantóir/aitheantóirí an innill/na n-inneall agus mais an aerárthaigh.

(80) ciallaíonn 'eitleán' aerárthach cumhacht-tiomáinte atá níos troime ná an t-aer, a fhaigheann a ardú le linn eitilte go príomha ó imoibrithe aeraidinimiciúla ar dhromchlaí atá fós seasta faoi choinníollacha áirithe eitilte.';

(3) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'*Airteagal 4*

Comhlíonfaidh oibreoirí agus oibreoirí aerárthaí a n-oibleagáidí a bhaineann le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 faoi Threoir 2003/87/CE i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos in Airteagail 5 go 9 den Rialachán seo.';

(4) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Beidh an faireachán agus an tuairisciú iomlán agus cumhdófar leo na hastaíochtaí próisis agus dócháin uile ó na foinsí astaíochtaí agus na sreabha foinseacha uile a bhaineann leis na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE agus gníomhaíochtaí ábhartha eile a áirítear de bhun Airteagal 24 den Treoir sin, chomh maith le gníomhaíochtaí gaolmhara a áirítear i dteorainneacha na suiteála, agus na ngás ceaptha teasa uile a shonraítear i ndáil leis na gníomhaíochtaí sin, agus comhaireamh dúbailte á sheachaint.';

(5) in Airteagal 6, cuirtear isteach mír 3:

'3. Gheobhaidh oibreoirí aerárthaí sonraí faireacháin, lena n-áirítear toimhdí, tagairtí, sonraí gníomhaíochta agus fachtóirí ríomha, agus déanfaidh siad iad a thaifeadadh, a thiomsú, a anailísiú agus a dhoiciméadú ar bhealach trédhearcach lena gcumasófar don fhíoraitheoir agus don údarás inniúil cinneadh éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 in aghaidh na heitilte a atáirgeadh.';

(6) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

'*Airteagal 8*

Cumasóidh oibreoirí agus oibreoirí aerárthaí dearbhú réasúnach ar shláine na sonraí maidir le héifeachtaí eitlíochta astaíochtaí agus neamh-CO_2 atá le tuairisciú. Cinnfidh siad éifeachtaí astaíochtaí agus eitlíochta neamh-CO_2 trí úsáid a bhaint as na modheolaíochtaí faireacháin iomchuí a leagtar amach sa Rialachán seo.

Beidh sonraí maidir le hastaíochtaí tuairiscithe agus éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 agus nochtaí gaolmhara saor ó mhíráiteas ábhartha mar a shainmhínítear in Airteagal 3(6) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 ón gCoimisiún (*), seachnóidh siad claontacht i roghnú agus i gcur i láthair na faisnéise, agus soláthróidh siad cuntas inchreidte cothrom ar astaíochtaí suiteála nó oibreora aerárthaigh agus ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2.

Agus modheolaíocht faireacháin á roghnú, tabharfar aird ar chothromaíocht idir an feabhas a eascraíonn as beachtas níos fearr agus na costais bhreise. Beidh an faireachán agus an tuairisciú dírithe ar an gcruinneas is airde is féidir a bhaint amach, ach amháin mura bhfuil sé sin indéanta go teicniúil nó má thabhaíonn sé costais mhíréasúnta.

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 201819 Nollaig 2018 maidir le fíorú na sonraí agus creidiúnú fíoraitheoirí de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 334, 31.12.2018, lch. 94, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2067/oj).';

(7) in Airteagal 11(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'1. Déanfaidh gach oibreoir nó oibreoir aerárthaí faireachán ar astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2, ar bhonn plean faireacháin arna fhormheas ag an údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 12 den Rialachán seo, agus cineál agus feidhmiú na suiteála nó na gníomhaíochta eitlíochta a bhfuil feidhm aige maidir léi á gcur san áireamh.';

(8) in Airteagal 14(2), cuirtear an pointe (aa) seo a leanas isteach:

'(aa) tarlaíonn éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 de bharr gníomhaíochtaí nua a dhéantar;';

(9) leasaítear Airteagal 15(4) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad abairt tosaigh mhír (4) agus abairt tosaigh phointe (a):

'4. Áirítear an méid seo a leanas ar mhodhnuithe suntasacha ar phleananna faireacháin oibreora aerárthaí:

(a) maidir le hastaíochtaí:';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a)(iv):

'(iv) athruithe ar stádas an oibreora aerárthaigh mar astaíre beag de réir bhrí Airteagal 55(1) den Rialachán seo agus cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe ag an oibreoir aerárthaí an simpliú a úsáid de bhun Airteagal 28a(4) de Threoir 2003/87/CE.';

(c) cuirtear isteach pointe (b):

'(b) maidir leis na héifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2:

(i) (athrú ar an gcur chuige ríofa CO_2(e) a roghnaíodh, mar a leagtar síos in Airteagal 56a(4) den Rialachán seo, go háirithe i dtéarmaí uirlisí TF chun samhlacha ríofa CO_2(e) a chur i bhfeidhm;

(ii) athruithe ar stádas an oibreora aerárthaí mar astaíre beag de réir bhrí Airteagal 55(1) den Rialachán seo.';

(10) in Airteagal 18(2), an dara fomhír, Airteagal 19(2), pointí (a), (b) agus (c), Airteagal 19(5), Airteagal 38(1) agus Airteagal 47(2), pointí (a) agus (b), cuirtear 'carbón nialas-rátaithe' in ionad an téarma 'bithmhais'.

(11) in Airteagal 19, scriostar mír 6.

(12) Leasaítear Airteagal 24 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Faoin modheolaíocht chaighdeánach, ríomhfaidh an t-oibreoir astaíochtaí dócháin gach sreabh fhoinseach trí na sonraí gníomhaíochta a bhaineann leis an méid breosla a dhóitear, arna shloinneadh mar theirigiúil ar bhonn glanluach calrach (NCV), a iolrú faoin bhfachtóir astaíochta comhfhreagrach, arna shloinneadh mar thonaí CO_2 in aghaidh an teirigiúil (t CO_2/TJ) atá comhsheasmhach le húsáid NCV, agus leis an bhfachtóir ocsaídiúcháin comhfhreagrach.';

(b) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'1a. Chun míreanna meabhráin a thuairisciú, déanfaidh an t-oibreoir na paraiméadair seo a leanas a ríomh freisin do gach sreabh fhoinseach a dhóitear agus do bhreoslaí a úsáidtear mar ionchur próisis, ar paraiméadair iad a shainítear leis na ríomha sin:

(i) déanfar na réamhastaíochtaí iomlána a ríomh trí na sonraí gníomhaíochta a bhaineann leis an méid breosla a dhóitear, arna shloinneadh i dtonaí nó i ngnáthmhéadair chiúbacha, a iolrú faoin bhfachtóir astaíochta tosaigh comhfhreagrach agus faoin bhfachtóir ocsaídiúcháin comhfhreagrach;

(ii) déanfar astaíochtaí bithmhaise a ríomh trí iomlán na réamhastaíochtaí a iolrú faoin gcodán bithmhaise;

(iii) déanfar astaíochtaí bithmhaise nialas-rátaithe a ríomh trí na réamhastaíochtaí iomlána a iolrú faoin gcodán bithmhaise nialas-rátaithe;

(iv) Déanfar astaíochtaí ó RFNBO, RCF nó breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin a ríomh trí na réamhastaíochtaí iomlána a iolrú faoin gcodán RFNBO nó RCF nó faoin gcodán sintéiseach ísealcharbóin;

(v) Déanfar astaíochtaí ó RFNBO nialas-rátaithe, RCF nó breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin a ríomh trí na réamhastaíochtaí iomlána a iolrú faoin gcodán RFNBO nialas-rátaithe nó faoin gcodán RCF nialas-rátaithe nó faoin gcodán sintéiseach ísealcharbóin nialas-rátaithe;';

(c) cuirtear an mhír 2a seo a leanas isteach:

'2a. Chun míreanna meabhráin a thuairisciú, ríomhfaidh an t-oibreoir freisin, le haghaidh gach sreabha foinsí a bhaineann le hastaíochtaí próisis, na paraiméadair seo a leanas a shainítear leis na ríomha sin:

(i) Déanfar na réamh-astaíochtaí iomlána a ríomh trí na sonraí gníomhaíochta a bhaineann leis an ídiú ábhair, leis an tréchur nó leis an aschur táirgeachta, arna sloinneadh i dtonaí nó i ngnáthmhéadair chiúbacha, a iolrú faoin bhfachtóir astaíochta comhfhreagrach, arna shloinneadh in t CO_2/t nó t CO_2/Nm^3, agus faoin bhfachtóir coinbhéartachta comhfhreagrach;

(ii) Déanfar astaíochtaí bithmhaise a ríomh trí na réamhastaíochtaí iomlána a iolrú faoin gcodán bithmhaise ábhartha;

(iii) ríomhfar astaíochtaí bithmhaise nialas-rátaithe trí na réamhastaíochtaí iomlána a iolrú faoin gcodán bithmhaise nialas-rátaithe ábhartha.';

(13) Leasaítear Airteagal 25 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'(1) Faoin modheolaíocht cothromúcháin maise, ríomhfaidh an t-oibreoir an chainníocht CO_2 a chomhfhreagraíonn do gach sreabh fhoinseach a áirítear sa chothromúcháin maise trí na sonraí gníomhaíochta a bhaineann le méid an bhreosla, an ábhair nó an CO_2 a aistrítear ag dul isteach i dteorainneacha an chothromúcháin maise nó ag dul amach astu a iolrú faoi chion carbóin aistriú an bhreosla, an ábhair nó CO_2 arna iolrú faoina chodán iontaise agus faoi 3,664 t CO_2/t C, agus Roinn 3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á cur i bhfeidhm.';

(b) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'1a. Chun míreanna meabhráin a thuairisciú, ríomhfaidh an t-oibreoir freisin, maidir le gach sreabh fhoinseach a chumhdaítear leis an gcothromúchán maise, na paraiméadair seo a leanas a shainítear leis na ríomha sin:

(i) Ríomhfar réamhchainníocht iomlán CO_2 trí na sonraí gníomhaíochta a bhaineann le méid an bhreosla nó an ábhair a théann isteach i dteorainneacha an chothromúcháin maise nó a fhágann iad, a iolrú faoi chion carbóin an bhreosla nó an ábhair agus faoi 3,664 t CO_2/t C;

(ii) Ríomhfar an chainníocht CO_2 a bhaineann le bithmhais tríd an réamhchainníocht iomlán CO_2 a iolrú faoin gcodán bithmhaise;

(iii) Ríomhfar an chainníocht CO_2 a bhaineann le bithmhais nialas-rátaithe trí réamhchainníocht iomlán CO_2 a iolrú faoin gcodán bithmhaise nialas-rátaithe;

(iv) Más infheidhme, déanfar an chainníocht CO_2 a bhaineann le RFNBO, RCF nó breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin a ríomh tríd an réamhchainníocht iomlán CO_2 a iolrú faoin gcodán RFNBO nó RCF nó faoin gcodán sintéiseach ísealcharbóin;

(v) Más infheidhme, déanfar an chainníocht CO_2 a bhaineann le RFNBO, RCF nó breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin nialas-rátaithe a ríomh trí réamhchainníocht iomlán CO_2 a iolrú faoin gcodán RFNBO nialas-rátaithe nó faoin gcodán RCF nialas-rátaithe nó faoin gcodán sintéiseach ísealcharbóin nialas-rátaithe.';

(c) cuirtear an mhír 3 seo a leanas isteach:

‘3. I gcás ina n-úsáideann an t-oibreoir cothromúchán maise i gcomhréir leis an Airteagal seo, agus ina bhfuil carbón nialas-rátaithe in ábhair ionchuir nó i mbreoslaí, agus ina bhfuil carbón in ábhair aschuir, soláthróidh an t-oibreoir sonraí don údarás inniúil maidir leis an gcodán nialas-rátaithe de chion carbóin na sruthanna aschuir. Ar an gcaoi sin, soláthróidh an t-oibreoir fianaise nach ndéantar gannmheastachán córasach ar astaíochtaí iomlána na suiteála leis an modheolaíocht faireacháin a chuirtear i bhfeidhm agus nach bhfuil mais iomlán an charbóin a chomhfhreagraíonn do na codáin charbóin nialas-rátaithe atá sna hábhair aschuir ábhartha uile níos ísle ná mais iomlán na gcodán nialas-rátaithe den charbón atá in ábhair ionchuir agus i mbreoslaí.

Chun críoch na chéad fhomhíre, beidh feidhm ag Airteagal 39, míreanna 3 agus 4 maidir leis an gcodán bithmhaise nialas-rátaithe den bhithghás agus den ghás nádúrtha a úsáidtear mar ionchur.’;

(14) Leasaítear Airteagal 30 mar a leanas:

(a) i mír 2, scriostar an fhomhír dheireanach.

(b) cuirtear mír 2a agus mír 3 seo a leanas isteach:

‘2a. TNí chinnfidh an t-oibreoir an codán bithmhaise ach amháin i gcás breoslaí measctha nó ábhair mheasctha ina bhfuil bithmhais. I gcás breoslaí nó ábhair eile, úsáidfear an luach réamhshocraithe 0 % le haghaidh chodán bithmhaise na mbreoslaí iontaise nó na n-ábhar iontaise, agus luach réamhshocraithe 100 % le haghaidh codán bithmhaise le haghaidh breoslaí bithmhaise nó ábhair nach bhfuil iontu ach bithmhais.

Ní chinnfidh an t-oibreoir an codán RFNBO nó RCF nó an codán sintéiseach ísealcharbóin ach amháin le haghaidh breoslaí measctha ina bhfuil RFNBOnna, RCFanna nó breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin. I gcás breoslaí eile, úsáidfear an luach réamhshocraithe 0 % don chodán RFNBO nó RCF nó don chodán sintéiseach ísealcharbóin, agus luach réamhshocraithe 100 % don chodán RFNBO nó RCF nó don chodán sintéiseach ísealcharbóin le haghaidh breoslaí arb éard atá iontu go heisiach RFNBOnna, RCFanna nó breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin.

Ní chinnfidh an t-oibreoir an codán bithmhaise nialas-rátaithe, an codán RFNBO nialas-rátaithe ná an codán RCF nialas-rátaithe agus an codán sintéiseach ísealcharbóin nialas-rátaithe ach amháin i gcás inar mian leis an oibreoir úsáid a bhaint as nialas-rátú.

3. Maidir le hidirspleáchas na bhfachtóirí ríomha a bhaineann le comhdhéanamh, cuirfidh an t-oibreoir na rialacha seo a leanas i bhfeidhm:

(i) I gcás ina bhfuil bithmhais i mbreosla nó in ábhar, cinnfidh an t-oibreoir an codán bithmhaise i gcomhréir le hAirteagal 39 den Rialachán seo.

(ii) I gcás nach bhfuil an codán bithmhaise cothrom le nialas agus i gcás inar mian leis an oibreoir úsáid a bhaint as nialas-rátú, cinnfidh an t-oibreoir an codán bithmhaise nialas-rátaithe i gcomhréir le hAirteagal 38(5) den Rialachán seo.

(iii) I gcás ina bhfuil RFNBO, RCF nó breosla ísealcharbóin sintéiseach i mbreosla, cinnfidh an t-oibreoir codán RFNBO nó RCF nó an codán sintéiseach ísealcharbóin i gcomhréir le hAirteagal 39a(1) agus (2) den Rialachán seo.

(iv) I gcás nach nialas an codán RFNBO nó RCF agus i gcás inar mian leis an oibreoir úsáid a bhaint as nialas-rátú, cinnfidh an t-oibreoir an codán RFNBO nialas-rátaithe nó an codán RCF nialas-rátaithe i gcomhréir le hAirteagal 39a(3) den Rialachán seo.

(v) I gcás nach nialas é an codán sintéiseach ísealcharbóin agus i gcás inar mian leis an oibreoir úsáid a bhaint as nialas-rátú, cinnfidh an t-oibreoir an codán sintéiseach ísealcharbóin nialas-rátaithe i gcomhréir le hAirteagal 39a(4) den Rialachán seo.

(vi) I gcás nach nialas an codán bithmhaise nialas-rátaithe, an codán RFNBO nialas-rátaithe nó an codán RCF nialas-rátaithe nó an codán sintéiseach ísealcharbóin nialas-rátaithe, ríomhfaidh an t-oibreoir an codán nialas-rátaithe mar shuim an chodáin bithmhaise nialas-rátaithe, an chodáin RFNBO nialas-rátaithe nó an chodáin RCF nialas-rátaithe agus an chodáin shintéisigh ísealcharbóin nialas-rátaithe. Is é an codán iontaise suim na gcodán neamh-rátaithe go léir.

(vii) Ríomhfaidh an t-oibreoir an fachtóir astaíochta mar an réamhfhachtóir astaíochta arna iolrú faoin gcodán iontaise.

Chun críoch phointe (vi), i gcás nach ríomhann an t-oibreoir an codán nialas-rátaithe, beidh an codán iontaise cothrom le 100 %.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh an t-oibreoir:

(i) an codán bithmhaise a chinneadh mar chodán bithmhaise nialas-rátaithe, má chinntear an codán bithmhaise nialas-rátaithe ar bhonn an chothromúcháin maise de bhun Airteagal 30(1) de Threoir (AE) 2018/2001;

(ii) codán RFNBO nó RCF a chinneadh mar chodán atá comhionann le RFNBO nialas-rátaithe nó codán RCF nialas-rátaithe, má chinntear an codán RCF ar bhonn an chothromúcháin maise de bhun Airteagal 30(1) de Threoir (AE) 2018/2001;

(iii) an codán sintéiseach ísealcharbóin a chinneadh mar chodán atá comhionann leis an gcodán sintéiseach ísealcharbóin nialas-rátaithe, má chinntear an codán sin ar bhonn an chothromúcháin maise de bhun Airteagal 30(1) de Threoir (AE) 2018/2001.';

(15) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deireanaí d'Airteagal 37(2):

'I gcás ina n-úsáidtear breoslaí measctha, cuirfidh an t-oibreoir fianaise ar fáil nach mbeidh gannmheastachán ar astaíochtaí mar thoradh ar phointí (a) nó (b) den chéad fhomhír a chur i bhfeidhm.';

(16) i Roinn 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal fhoroinn 5:

'**Cóireáil bithmhaise, breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin, RFNBO agus RCF**';

(17) Leasaítear Airteagal 38 mar a leanas:

(a) i mír 1, scriostar an fhomhír dheireanach;

(b) scriostar an chéad fhomhír de mhír 2;

(c) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) cuirtear 'codán bithmhais nialas-rátaithe' in ionad an téarma 'codán bithmhaise';

(ii) scriostar an fhomhír dheireanach;

(d) leasaítear mír 5 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Comhlíonfaidh bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos i míreanna 2 go 7 agus mír 10 d'Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001, chun go n-áireofar iad mar chuid den chodán bithmhaise nialas-rátaithe de shreabh fhoinseach.';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú fomhír:

'Déanfar comhlíonadh na gcritéar a leagtar síos i míreanna 2 go 7 agus mír 10 d'Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001 a mheasúnú i gcomhréir le hAirteagail 30 agus 31(1) den Treoir sin. Féadfar a mheas go bhfuil na critéir comhlíonta freisin má sholáthraíonn an t-oibreoir fianaise gur ceannaíodh cainníocht bithbhreosla, bithleachta nó bithgháis atá nasctha le cealú na cainníochta faoi seach i mBunachar Sonraí an Aontais arna bhunú de bhun Airteagal 31a nó i mbunachar sonraí náisiúnta arna bhunú ag an mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 31a(5) den Treoir sin. I gcás neamhchomhlíonadh ina dhiaidh sin maidir le cruthúnas inbhuanaitheachta na gcainníochtaí a cuireadh ar ceal sna bunachair sonraí thuasluaite, ceartóidh an t-údarás inniúil na hastaíochtaí fíoraithe dá réir.';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an seachtú fomhír:

'I gcás nach gcomhlíonann an bhithmhais arna húsáid an mhír seo, measfar gur carbón iontaise a cion carbóin.';

(iv) cuirtear isteach an t-ochtú fomhír seo a leanas:

'I gcás, de réir na chéad fhomhíre go dtí an séú fomhír den mhír seo, nach bhfuil feidhm ag na critéir a leagtar síos i míreanna 2 go 7 agus 10 d'Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001 maidir le bithmhais, is ionann an codán bithmhaise nialas-rátaithe agus a chodán bithmhaise.';

(18) Leasaítear Airteagal 39 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I gcás breoslaí nó ábhair ina bhfuil bithmhais, féadfaidh an t-oibreoir a thoimhdiú nach bhfuil bithmhais ann agus codán bithmhaise réamhshocraithe 0 % a chur i bhfeidhm nó codán bithmhaise a chinneadh i gcomhréir le mír 2, agus leibhéil mar a shainmhínítear i Roinn 2.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo á gcur i bhfeidhm.';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'I gcás nach mór don oibreoir, faoi réir an leibhéil is gá, anailísí a dhéanamh chun an codán bithmhaise a chinneadh, ach nach bhfuil cur i bhfeidhm na chéad fhomhíre indéanta go teicniúil nó go dtabhódh sé costais mhíréasúnta, cuirfidh an t-oibreoir modh measctacháin malartach chun an codán bithmhaise a chinneadh faoi bhráid an údaráis inniúil lena fhormheas. I gcás breoslaí nó ábhair a thionscnaítear ó phróiseas táirgthe le sruthanna ionchuir sainithe agus inrianaithe, féadfaidh an t-oibreoir an meastachán a bhunú ar chothromaíocht ábhartha de charbón iontaise agus bithmhaise a thagann isteach sa phróiseas agus a fhágann é.';

(c) scriostar mír 2a.

(d) leasaítear mír 3 mar a leanas:

(i) sa chéad fhomhír, cuirtear 'Airteagal 43(4b)' in ionad na tagartha do 'Airteagal 43(4)'.

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

'Féadfaidh an t-oibreoir a chinneadh gur bithghás nialas-rátaithe atá i gcainníocht áirithe gáis nádúrtha ón eangach gáis trí úsáid a bhaint as an modheolaíocht a leagtar amach i mír 4. Sa chás sin, de mhaolú ar Airteagal 30(3), measfaidh an t-oibreoir go bhfuil an codán bithmhaise comhionann leis an gcodán bithmhaise nialas-rátaithe.';

(e) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'4. Féadfaidh an t-oibreoir an codán bithmhaise agus an codán bithmhaise nialas-rátaithe comhionann den bhithghás a chinneadh trí úsáid a bhaint as taifid cheannaigh ar bhithghás a bhfuil luach fuinnimh coibhéiseach aige, ar choinníoll go soláthraíonn an t-oibreoir fianaise chun sástacht an údaráis inniúil maidir leis an méid seo a leanas:';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deiridh:

'Chun a léiriú go bhfuil an mhír seo á comhlíonadh, féadfaidh an t-oibreoir úsáid a bhaint as na sonraí arna dtaifeadadh i mbunachar sonraí arna chur ar bun ag Ballstát amháin nó níos mó lenar féidir aistrithe bithgháis a rianú. Féadfar a mheas gur léiríodh comhlíonadh na míre sin má sholáthraíonn an t-oibreoir fianaise gur ceannaíodh cainníocht bithgháis atá nasctha le cealú na cainníochta faoi seach i mBunachar Sonraí an Aontais a bunaíodh de bhun Airteagal 31a de Threoir (AE) 2018/2001 nó i mbunachar sonraí náisiúnta a bhunaigh na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 31a(5) den Treoir sin. I gcás neamhchomhlíonadh ina dhiaidh sin maidir le cruthúnas inbhuanaitheachta na gcainníochtaí a cuireadh ar ceal sna bunachair sonraí thuasluaite, ceartóidh an t-údarás inniúil na hastaíochtaí fíoraithe dá réir.';

(19) cuirtear an tAirteagal 39a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 39a*

Codán RFNBO nó RCF nó ísealcharbóin sintéiseach agus codán RFNBO nó RCF nialas-rátaithe nó ísealcharbóin sintéiseach a chinneadh

1. I gcás breoslaí nó ábhair ina bhfuil RFNBOnna, RCFanna nó breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin nach féidir leis an oibreoir codán RFNBO nó RCF nó codán sintéiseach ísealcharbóin a chinneadh ina leith i gcomhréir le mír 2, glacfaidh an t-oibreoir leis go bhfuil RFNBO, RCF nó breosla sintéiseach ísealcharbóin in easnamh agus cuirfidh sé codán réamhshocraithe RFNBO nó RCF nó codán sintéiseach ísealcharbóin 0 % i bhfeidhm.

2. Cinnfidh an t-oibreoir na fachtóirí ríomha seo a leanas a bhaineann le comhdhéanamh breoslaí ar bhonn an chothromúcháin maise de bhun Airteagal 30(1) de Threoir (AE) 2018/2001:

(i) an codán RFNBO nó RCF nialas-rátaithe nó an codán sintéiseach ísealcharbóin nialas-rátaithe;

(ii) an codán RFNBO nó RCF nó an codán sintéiseach ísealcharbóin.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, mura mian leis an oibreoir úsáid a bhaint as nialas-rátú, i gcás an chodáin RFNBO nó RCF nó an chodáin shintéisigh ísealcharbóin, féadfar cineálacha cur chuige eile a úsáid amhail cothromaíocht ábhair sa phróiseas cumaisc nó táirgthe óna bhfaightear an breosla nó an t-ábhar.

3. Maidir le cion carbóin breoslaí a cháilíonn mar RFNBOnna nó RCFanna faoi Threoir (AE) 2018/2001 a chomhlíonann na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29a den Treoir sin, measfar é a bheith nialas-rátaithe.

Tá comhlíonadh na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 29a de Threoir (AE) 2018/2001 le measúnú i gcomhréir le hAirteagail 30 agus 31(1) den Treoir sin. Féadfar a mheas go bhfuil na critéir comhlíonta freisin má sholáthraíonn an t-oibreoir fianaise gur ceannaíodh cainníocht RFNBOnna nó RCFanna atá nasctha le cealú na cainníochta faoi seach i mBunachar Sonraí an Aontais a bunaíodh de bhun Airteagal 31a de Threoir (AE) 2018/2001, nó i mbunachar sonraí náisiúnta arna bhunú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 31a(5) den Treoir sin. I gcás neamhchomhlíonadh ina dhiaidh sin maidir le cruthúnas inbhuanaitheachta na gcainníochtaí a cealaíodh sna bunachair sonraí thuasluaite, ceartóidh an tÚdarás Inniúil na hastaíochtaí fíoraithe dá réir sin.

I gcás nach gcomhlíonann RFNBO ná RCF na critéir dá dtagraítear sa chéad fhomhír, measfar gur carbón iontaise a chion carbóin.

4. Beidh breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin nialas-rátaithe i gcás ina raibh a gcion carbóin faoi réir lamháltais a thabhairt suas roimh ré faoi Threoir 2003/87/CE, ach amháin más carbón nialas-rátaithe an carbón gafa sin mar a shainmhínítear in Airteagal 3(38f) den Rialachán seo.

Tá comhlíonadh na gcritéar a leagtar síos in Airteagal 29a(3) de Threoir (AE) 2018/2001 le measúnú i gcomhréir le hAirteagail 30 agus 31(1) den Treoir sin. Féadfar a mheas go bhfuil na critéir comhlíonta freisin má sholáthraíonn an t-oibreoir fianaise gur ceannaíodh cainníocht breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin atá nasctha le cealú na cainníochta faoi seach i mBunachar Sonraí an Aontais a bunaíodh de bhun Airteagal 31a de Threoir (AE) 2018/2001, nó i mbunachar sonraí náisiúnta arna bhunú ag an mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 31a(5) den Treoir sin. I gcás neamhchomhlíonadh ina dhiaidh sin maidir le cruthúnas inbhuanaitheachta na gcainníochtaí a cealaíodh sna bunachair sonraí thuasluaite, ceartóidh an tÚdarás Inniúil na hastaíochtaí fíoraithe dá réir sin.

In aon chás eile, measfar gur carbón iontaise é an cion carbóin i mbreoslaí sintéiseacha ísealcharbóin.

5. Féadfaidh an t-oibreoir codán RFNBO nó RCF agus codán RFNBO nó RCF comhionann nialas-rátaithe de ghás nádúrtha a chinneadh i gcás ina ndearnadh codáin den sórt sin a instealladh in eangach gáis nádúrtha trí úsáid a bhaint as taifid cheannaigh RFNBO nó RCF a bhfuil luach fuinnimh coibhéiseach acu, ar choinníoll go gcuirfidh an t-oibreoir fianaise ar fáil chun sástacht an údaráis inniúil maidir leis an méid seo a leanas:

(a) níl aon chomhaireamh dúbailte ar an gcainníocht chéanna RFNBO ná RCF, go háirithe nach maítear go n-úsáideann aon duine eile RFNBO ná RCF a ceannaíodh, lena n-áirítear trí ráthaíocht tionscnaimh a nochtadh mar a shainmhínítear in Airteagal 2(12) de Threoir (AE) 2018/2001;

(b) tá oibreoir agus táirgeoir RFNBO nó RCF nasctha leis an eangach gháis chéanna.

Féadfar a mheas go bhfuil comhlíonadh na míre sin léirithe má sholáthraíonn an t-oibreoir fianaise gur ceannaíodh cainníocht RFNBO gásach nó RCF atá nasctha le cealú na cainníochta faoi seach i mBunachar Sonraí an Aontais a bunaíodh de bhun Airteagal 31a de Threoir (AE) 2018/2001, nó i mbunachar sonraí náisiúnta arna bhunú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 31a(5) den Treoir sin. I gcás neamhchomhlíonadh ina dhiaidh sin maidir le cruthúnas inbhuanaitheachta na gcainníochtaí a cuireadh ar ceal sna bunachair sonraí thuasluaite, ceartóidh an t-údarás inniúil na hastaíochtaí fíoraithe dá réir.';

(20) Leasaítear Airteagal 43 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 4 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'4. I gcás inarb ábhartha, déanfaidh an t-oibreoir aon mhéid CO_2 a eascraíonn as bithmhais a chinneadh ar leithligh. Chun na críche sin, féadfaidh an t-oibreoir úsáid a bhaint as na nithe seo a leanas:';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'I gcás ina mbeidh sampláil leanúnach ón sruth gáis múcháin i gceist leis an modh a mholann an t-oibreoir, cuirfear EN 15259 (Cáilíocht an aeir — Astaíochtaí ó fhoinsí do-aistrithe a thomhas — Ceanglais maidir le codanna agus láithreáin tomhais agus maidir leis an gcuspóir tomhais, an plean

tomhais agus an tuarascáil tomhais) i bhfeidhm. Beidh an plean samplála de bhun Airteagal 33 ar cóimhéid le minicíocht na hanailíse i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an Rialachán seo agus áiritheoidh sé go mbeidh an plean ionadaíoch chun an bhliain tuairiscithe iomlán a chumhdach.';

(b) cuirtear isteach míreanna 4a, 4b agus 4c mar seo a leanas:

'4a. Úsáidfidh an t-oibreoir an codán bithmhaise arna chinneadh i gcomhréir le mír 4 mar chodán bithmhaise nialas-rátaithe, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas le haghaidh gach breosla nó ábhair as a n-eascraíonn astaíochtaí a gcuirtear an mhodheolaíocht thomhasbhunaithe i bhfeidhm maidir leo:

(i) de réir na chéad fhomhíre go dtí an séú fomhír d'Airteagal 38(5) den Rialachán seo, níl feidhm ag na critéir a leagtar síos i míreanna 2 go 7 agus mír 10 d'Airteagal 29 de Threoir (AE) 2018/2001; nó

(ii) Cumhdaítear 100 % de chodán bithmhaise an bhreosla nó an ábhair úsáidte leis an bhfianaise atá ábhartha de réir Airteagal 38(5) den Rialachán seo.

Measfar an coinníoll (ii) a bheith comhlíonta i gcás bithgháis a ndéantar faireachán air i gcomhréir le hAirteagal 39(4) den Rialachán seo.

I gcás nach gcomhlíontar coinníollacha (i) agus (ii) le haghaidh breoslaí nó ábhair as a n-eascraíonn astaíochtaí ar ina leith a chuirtear an mhodheolaíocht thomhasbhunaithe i bhfeidhm, cinnfidh an t-oibreoir an codán bithmhaise nialas-rátaithe le haghaidh na mbreoslaí nó na n-ábhar sin trí chur chuige ríomhbhunaithe a úsáid i gcomhréir le hAirteagail 24 go 39a den Rialachán seo.

4b. Féadfaidh an t-oibreoir na hastaíochtaí ó bhithmhais nialas-rátaithe arna gcinneadh i gcomhréir le mír 4a den Airteagal seo a asbhaint ó astaíochtaí iomlána na foinse astaíochtaí.

I gcás ina mbaineann an modh a mholann an t-oibreoir chun codán bithmhaise nialas-rátaithe a chinneadh le sampláil leanúnach ón sruth gáis múcháin agus ina n-ídíonn an tsuiteáil gás nádúrtha ón eangach, cinnfidh an t-oibreoir méid fisiciúil CO_2 an bhithgháis a úsáidtear i gcomhréir le hAirteagail 32 go 35 den Rialachán seo agus bainfidh sé an méid CO_2 faoi seach ón CO_2 nialas-rátaithe arna chinneadh i gcomhréir le mír 4a den Airteagal seo.

4c. I gcás ina n-úsáideann an t-oibreoir RFNBOnna nialas-rátaithe, RCFanna nó breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin i bpróiseas a gcuirtear an mhodheolaíocht thomhasbhunaithe i bhfeidhm ina leith, féadfaidh an t-oibreoir na hastaíochtaí ó RFNBOnna nialas-rátaithe, RCFanna nó breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin a asbhaint as na hastaíochtaí iomlána.

Cinnfear na hastaíochtaí ó RFNBOnna nialas-rátaithe, RCFanna nó breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin trí úsáid a bhaint as cur chuige ríomhbhunaithe i gcomhréir le hAirteagail 24 go 39a den Rialachán seo. Beidh siad cothrom le sonraí gníomhaíochta an bhreosla ábhartha arna n-iolrú faoin réamhfhachtóir astaíochta agus faoin gcodán RFNBO nó RCF nialas-rátaithe nó faoin gcodán sintéiseach ísealcharbóin nialas-rátaithe.';

(c) i mír 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) ríomh trí bhíthin cothromúchán maise oiriúnach, agus na paraiméadair shuntasacha uile ar thaobh an ionchuir á gcur san áireamh, lena n-áirítear le haghaidh astaíochtaí CO_2, lóid ábhair ionchuir, aershreabh ionchuir agus éifeachtúlacht próisis ar a laghad, agus ar thaobh an aschuir, lena n-áirítear ar a laghad aschur an táirge agus an tiúchan ocsaigine (O_2), dé-ocsaíde sulfair (SO_2) agus ocsaídí nítrigine (NO_x)';

(21) in Airteagal 44(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'1. Ríomhfaidh an t-oibreoir meáin in aghaidh na huaire le haghaidh gach paraiméadair, lena n-áirítear tiúchain agus sreabhadh, atá ábhartha chun astaíochtaí nó méideanna CO_2 arna n-aistriú a chinneadh, agus úsáid á baint as modheolaíocht thomhasbhunaithe trí úsáid a bhaint as na pointí sonraí uile atá ar fáil don uair shonrach sin.';

(22) in Airteagal 46 agus in Iarscríbhinn I, Roinn 1, pointí (7)(a), (b) agus (c), cuirtear 'bonneagar iompair CO_2' in ionad an téarma 'gréasán iompair'.

(23) in Airteagal 47(2), scriostar an fhomhír dheireanach.

(24) Leasaítear Airteagal 48 mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'2. I gcás ina dtagann CO_2 bunúsach ó ghníomhaíochtaí a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE nó a áirítear de bhun Airteagal 24 den Treoir sin agus ina n-aistrítear amach as an tsuiteáil ina dhiaidh sin é mar chuid de shreabh fhoinseach chuig suiteáil eile agus chuig gníomhaíocht eile a chumhdaítear leis an Treoir sin, ní áireofar é mar astaíochtaí na suiteála ina dtionscnaítear é. Chun an codán bithmhaise nialas-rátaithe, an codán RFNBO nialas-rátaithe nó an codán RCF nialas-rátaithe nó an codán ísealcharbóin sintéiseach nialas-rátaithe de CO_2 fréimhíochta a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 39 den Rialachán seo, áiritheoidh oibreoir na suiteála aistrithe nach ndéantar gannmheastachán córasach leis an modheolaíocht faireacháin roghnaithe ar astaíochtaí iomlána na suiteála aistrithe.';

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'3. Féadfaidh na hoibreoirí cainníochtaí CO_2 fréimhíochta a aistrítear amach as an tsuiteáil a chinneadh ag an tsuiteáil aistrithe agus ag an tsuiteáil ghlactha araon. Sa chás sin, beidh na cainníochtaí de CO_2 fréimhíochta a aistrítear agus a fhaightear faoi seach mar aon leis an gcodán bithmhaise nialas-rátaithe comhfhreagrach, an codán RFNBO nialas-rátaithe nó an codán RCF nialas-rátaithe agus an codán sintéiseach ísealcharbóin nialas-rátaithe comhionann.';

(25) Leasaítear Airteagal 49 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Bainfidh an t-oibreoir ó astaíochtaí na suiteála aon mhéid CO_2 de thionscnamh na ngníomhaíochtaí a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE nach de thionscnamh carbóin nialas-rátaithe é agus nach n-astaítear ón tsuiteáil, ach a aistrítear amach as an tsuiteáil chuig aon cheann de na suiteálacha seo a leanas:

(i) suiteáil gabhála chun críche iompair agus stórála geolaíche fadtéarmaí i láithreán stórála a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE;

(ii) bonneagar iompair CO_2 chun críche stóráil gheolaíoch fhadtéarmach i láithreán stórála a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE;

(iii) láithreán stórála a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE chun críche stórála geolaíche fadtéarmaí.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 3 agus 4:

'3. Chun cainníocht CO_2 a aistrítear ó shuiteáil amháin nó ó bhonneagar iompair CO_2 chuig suiteáil eile nó ó bhonneagar iompair CO_2 a chinneadh i gcomhréir le mír 1, cuirfidh an t-oibreoir modheolaíocht ríomhbhunaithe nó modheolaíocht thomhasbhunaithe i bhfeidhm, faoi réir na bhforálacha breise a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo, i gcomhréir le hAirteagail 43, 44 agus 45 den Rialachán seo.

I gcás ina gcuirtear an mhodheolaíocht thomhasbhunaithe i bhfeidhm, comhfhreagróidh an fhoinse astaíochtaí don phointe tomhais agus sloinnfear na hastaíochtaí mar chainníocht CO_2 arna haistriú.

4. Agus modheolaíocht thomhasbhunaithe á húsáid chun cainníocht CO_2 a aistrítear ó shuiteáil amháin nó ó bhonneagar iompair CO_2 go suiteáil eile a chinneadh, cuirfidh an t-oibreoir an leibhéal is airde i bhfeidhm mar a shainmhínítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo.

Mar sin féin, féadfaidh an t-oibreoir an chéad leibhéal eile is ísle a chur i bhfeidhm ar choinníoll go suífidh sé nach bhfuil sé indéanta go teicniúil an leibhéal is airde mar a shainmhínítear i Roinn 1 d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm nó go dtabhaíonn sé costais mhíréasúnta.';

(c) cuirtear isteach míreanna 6 agus 7:

'6. I gcás ina n-aistrítear CO_2 chuig suiteáil gabhála a eascraíonn as ábhair nó breoslaí ina bhfuil codán de charbón nialas-rátaithe, ní dhéanfaidh an tsuiteáil aistrithe ach an chainníocht CO_2 atá comhréireach leis an gcodán carbóin nach dtagann ó charbón nialas-rátaithe a dhealú óna hastaíochtaí tuairiscithe i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo.

Déanfaidh oibreoir bonneagair iompair CO_2 nó láithreáin stórála faireachán ar astaíochtaí ó theagmhais sceite, astaíochtaí éalaitheacha agus astaíochtaí scaoilte ó aon CO_2 a luaitear sa chéad fhomhír, lena n-áirítear astaíochtaí ó CO_2 a eascraíonn as eintitis nach ndéanann gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, agus tuairisceoidh sé astaíochtaí amhail is gur breosla iontaise an CO_2.

7. Féadfaidh oibreoir bonneagair iompair CO_2 aon CO_2 faoi bhealach agus a aistríodh chuig suiteáil eile nó chuig bonneagar iompair CO_2 a áireamh sna hastaíochtaí a thuairiscítear i dtréimhse tuairiscithe ar leith tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir den bhliain dár gcionn. Tiomsóidh an t-oibreoir fardal bliantúil de CO_2 a théann isteach i mbonneagar iompair CO_2 agus a fhágann é agus déanfaidh sé aon CO_2 faoi bhealach a thuairisciú ar leithligh.';

(26) cuirtear an tAirteagal 49a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 49a*

Astaíochtaí atá ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge

1. Dealóidh an t-oibreoir ó astaíochtaí na suiteála aon mhéid CO_2 de thionscnamh carbóin neamh-rátaithe i ngníomhaíochtaí a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE nach n-astaítear ón tsuiteáil, ach atá ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge a liostaítear sa Rialachán Tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 12(3b) de Threoir 2003/87/CE.

I gcás CO_2 a eascraíonn as ábhair nó breoslaí ina bhfuil codán de charbón nialas-rátaithe, ní dhéanfaidh an t-oibreoir ach an chainníocht den CO_2 atá ceangailte go ceimiceach go buan i dtáirge a liostaítear sa Rialachán Tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 12(3b) de Threoir 2003/87/CE a dhealú ó astaíochtaí na suiteála, i gcomhréir leis an gcodán den charbón nach de thionscnamh carbóin nialas-rátaithe é.

2. Chun cainníocht CO_2 atá ceangailte i dtáirge a chomhlíonann na sonraíochtaí a leagtar amach i mír 1 a chinneadh, cuirfidh an t-oibreoir an mhodheolaíocht chaighdeánach i bhfeidhm i gcomhréir le Ranna 2 agus 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo, nó cuirfidh sé cothromúchán maise i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 25 den Rialachán seo trí úsáid a bhaint as na breoslaí agus na hábhair a thagann isteach sa phróiseas agus a fhágann an próiseas ina bhfuil CO_2 ceangailte go ceimiceach mar na sreabha foinseacha ábhartha don ríomh sin, agus aon astaíochtaí dócháin a bhaineann leis an bpróiseas á gcur san áireamh. Chuige sin, déanfar an leibhéal is airde mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm mar a shonraítear san Iarscríbhinn chéanna don ghníomhaíocht as a n-eascraíonn an CO_2. Mar sin féin, féadfaidh an t-oibreoir an chéad leibhéal eile is ísle a chur i bhfeidhm ar choinníoll go léiríonn an t-oibreoir chun sástacht an údaráis inniúil nach bhfuil sé indéanta go teicniúil an leibhéal is airde mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm nó go dtabhaíonn sé costais mhíréasúnta.';

(27) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil ar Chaibidil IV:

'**FAIREACHÁN AR ASTAÍOCHTAÍ AGUS ÉIFEACHTAÍ NEAMH-CO_2 ÓN EITLÍOCHT**';

(28) Leasaítear Airteagal 51 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'1. Déanfaidh gach oibreoir aerárthaigh faireachán agus tuairisciú ar astaíochtaí agus ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 ó ghníomhaíochtaí eitlíochta le haghaidh na n-eitiltí uile a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE a dhéanann an t-oibreoir aerárthaigh sin le linn na tréimhse tuairiscithe agus a bhfuil an t-oibreoir aerárthaigh freagrach astu.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Chun an t-oibreoir aerárthaigh uathúil dá dtagraítear i bpointe (o) d'Airteagal 3 de Threoir 2003/87/CE atá freagrach as eitilt a shainaithint, úsáidfear an glao-chomhartha a úsáidtear chun críoch rialaithe aerthráchta mar a leagtar síos i mír 7 den phlean eitilte. Cinnfear leis an nglao-chomhartha an t-oibreoir aerárthaigh mar a leanas:

(a) i gcás ina bhfuil sainitheoir ICAO le haghaidh na gníomhaireachta oibríochta aerárthaigh i mír 7, is é an ghníomhaireacht oibríochta aerárthaigh a sannadh an sainitheoir ICAO sin a bheidh san oibreoir aerárthaigh uathúil;

(b) i gcás ina bhfuil náisiúntacht nó marc coiteann, agus marc clárúcháin an aerárthaigh a liostaítear go sainráite i ndeimhniú aeroibreora (nó a choibhéis) nó i ndoiciméad arna eisiúint ag Stát agus lena sainaithnítear an t-oibreoir aerárthaigh i mír 7, ansin is é an duine dlítheanach nó nádúrtha ag a bhfuil an deimhniú aeroibreora sin (nó a choibhéis) nó a luaitear sa doiciméad a bheidh san oibreoir aerárthaigh uathúil.';

(c) cuirtear an mhír 3a seo a leanas isteach:

'3a. I gcás nach féidir an t-oibreoir aerárthaigh uathúil a shainaithint leis an nglao-chomhartha dá dtagraítear i mír 3, is é an t-oibreoir aerárthaigh uathúil dá dtagraítear i bpointe (o) d'Airteagal 3 de Threoir 2003/87/CE atá freagrach as eitilt, an duine dlítheanach nó nádúrtha a bhfuil gaol fostaíochta nó gaol conarthach eile aige le captaen na heitilte.';

(29) In Airteagal 52(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an chéad dá fhomhír:

'1. Ceithre mhí ar a dhéanaí sula dtosóidh oibreoir aerárthaigh ar ghníomhaíochtaí eitlíochta a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, cuirfidh sé plean faireacháin faoi bhráid an údaráis inniúil chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí agus ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 i gcomhréir le hAirteagal 12 den Rialachán seo.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, oibreoir aerárthaigh a dhéanann gníomhaíocht eitlíochta a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, nó a dhéanann faireachán agus tuairisciú ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 den chéad uair nach bhféadfaí a thuar ceithre mhí roimh an ngníomhaíocht, cuirfidh sé plean faireacháin faoi bhráid an údaráis inniúil gan moill mhíchuí, ach tráth nach déanaí ná sé seachtaine tar éis an ghníomhaíocht sin a dhéanamh. Soláthróidh an t-oibreoir aerárthaigh údar leordhóthanach don údarás inniúil maidir leis an bhfáth nárbh fhéidir plean faireacháin a chur isteach 4 mhí roimh an ngníomhaíocht';

(30) Leasaítear Airteagal 53 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cinnfidh gach oibreoir aerárthaigh na hastaíochtaí bliantúla CO_2 ó ghníomhaíochtaí eitlíochta trí ídiú bliantúil gach breosla íon (arna shloinneadh i dtonaí) a iolrú faoin bhfachtóir astaíochta faoi seach.

I gcás breoslaí eitlíochta measctha, déanfaidh an t-oibreoir aerárthaigh méid teoiriciúil gach breosla íon ó mhéid iomlán an bhreosla eitlíochta mheasctha sin agus ó na sonraí comhdhéanaimh ábhartha a chinneadh tríd an méid seo a leanas a chur i bhfeidhm:

(i) i gcás ina bhfuil bithmhais i mbreosla, cinnfidh an t-oibreoir aerárthaigh an codán bithmhaise i gcomhréir le hAirteagal 54;

(ii) i gcás ina bhfuil RFNBO, RCF nó breosla sintéiseach ísealcharbóin i mbreosla, cinnfidh an t-oibreoir aerárthaigh codán RFNBO nó RCF nó an codán sintéiseach ísealcharbóin i gcomhréir le hAirteagal 54b;

(iii) i gcás nach nialas an codán RFNBO nó RCF nó an codán sintéiseach ísealcharbóin agus i gcás inar mian leis an oibreoir aerárthaigh úsáid a bhaint as nialas-rátú, cinnfidh an t-oibreoir aerárthaigh an codán RFNBO nó RCF nialas-rátaithe nó an codán sintéiseach ísealcharbóin nialas-rátaithe i gcomhréir le hAirteagal 54c;

(iv) i gcás nach nialas an codán bithmhaise nialas-rátaithe, an codán RFNBO nialas-rátaithe nó an codán RCF nialas-rátaithe nó an codán sintéiseach ísealcharbóin nialas-rátaithe, ríomhfaidh an t-oibreoir aerárthaigh an codán nialas-rátaithe mar shuim an chodáin bithmhaise nialas-rátaithe, an chodáin RFNBO nialas-rátaithe nó an chodáin RCF nialas-rátaithe agus an chodáin shintéisigh ísealcharbóin nialas-rátaithe. Is é an codán iontaise suim na gcodán neamh-rátaithe go léir.

(v) ríomhfaidh an t-oibreoir aerárthaigh méid gach breosla íon mar mhéid iomlán an bhreosla eitlíochta mheasctha arna iolrú faoin gcodán ábhartha.

Chun críoch phointe (iv) den mhír seo, i gcás nach ríomhann an t-oibreoir aerárthaí an codán nialas-rátaithe, is é 100 % a bheidh sa chodán iontaise.';

(b) cuirtear na míreanna 1a agus 1b seo a leanas isteach:

'1a. De mhaolú ar mhír 1, chun measúnú a dhéanamh ar thairseacha astaíochtaí a leagtar amach in Airteagail 55(1) agus 55(2) den Rialachán seo, in Airteagal 28a(4) de Threoir 2003/87/CE agus san iontráil 'Eitlíocht' den tábla in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, cinnfidh an t-oibreoir aerárthaigh na hastaíochtaí CO_2 trí ídiú bliantúil gach breosla a iolrú faoina fhachtóir astaíochtaí tosaigh.

1b. Chun tuairisciú a dhéanamh de bhun Airteagal 3 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún (*), cinnfidh agus tuairisceoidh an t-oibreoir aerárthaigh na hastaíochtaí a eascraíonn as ídiú bliantúil gach breosla a iolrú faoina réamhfhachtóir astaíochta.

_____

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún an 18 Iúil 201918 Iúil 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta a ghlac an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú astaíochtaí eitlíochta chun beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme (IO L 250, 30.9.2019, lch. 10), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/1603/oj).'

(c) i mír 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deiridh:

'I gcás breoslaí eitlíochta malartacha seachas bithbhreoslaí, RFNBO, RCF nó breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin, cinnfidh an t-oibreoir aerárthaigh an fachtóir astaíochta i gcomhréir le hAirteagal 32 den Rialachán seo. I gcás breoslaí den sórt sin, déanfar an glanluach calrach a chinneadh agus a thuairisciú mar mhír mheabhráin.'

(31) cuirtear an tAirteagal 53a seo a leanas isteach:

'*Airteagal 53a*

Rialacha tuairiscithe maidir le húsáid breoslaí eitlíochta malartacha

1. Déanfaidh an t-oibreoir aerárthaigh faireachán ar mhéid na mbreoslaí eitlíochta malartacha a úsáidtear agus tuairisceoidh sé an méid sin mar a shanntar do gach eitilt nó do gach péire aeradróm.

2. I gcás ina seachadfar na breoslaí eitlíochta malartacha chuig an aerárthach i mbaisceanna atá inaitheanta go fisiceach, cuirfidh an t-oibreoir aerárthaigh fianaise ar fáil chun sástacht an údaráis inniúil go sanntar an breosla eitlíochta malartach don eitilt díreach tar éis breosla a chur ar bord na heitilte sin.

I gcás ina ndéanfar roinnt eitiltí ina dhiaidh sin gan breosla a chur ar bord idir na heitiltí sin, déanfaidh an t-oibreoir aerárthaigh méid an bhreosla mhalartaigh a dheighilt agus é a shannadh do na heitiltí sin go comhréireach leis na hastaíochtaí ó na heitiltí sin arna ríomh agus an réamhfhachtóir astaíochta á úsáid.

3. I gcás nach féidir breoslaí eitlíochta malartacha a shannadh go fisiceach ag aeradróm d'eitilt shonrach, sannfaidh an t-oibreoir aerárthaigh an breosla dá eitiltí nach mór lamháltais a thabhairt suas lena n-aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Threoir 2003/87/CE go comhréireach leis na hastaíochtaí ó na heitiltí sin a imíonn ón aeradróm sin arna ríomh agus an réamhfhachtóir astaíochta á úsáid.

I ndáil leis sin, ní mór don oibreoir aerárthaigh fianaise a sholáthar chun sástacht an údaráis inniúil gur seachadadh an breosla eitlíochta malartach chuig córas breoslaithe an aeradróim imeachta sa tréimhse tuairiscithe, nó 3 mhí roimh thús na tréimhse tuairiscithe sin, nó 3 mhí tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe sin.

4. Chun críoch mhíreanna 2 agus 3, soláthróidh an t-oibreoir aerárthaigh fianaise chun sástacht an údaráis inniúil maidir leis an méid seo a leanas:

(i) nach mó méid iomlán an bhreosla eitlíochta mhalartaigh a éilítear ná úsáid breosla iomlán an oibreora aerárthaigh sin le haghaidh eitiltí nach mór lamháltais a thabhairt suas ina leith i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Threoir 2003/87/CE, de thionscnamh an aeradróim ag a soláthraítear an breosla eitlíochta malartach;

(ii) nach mó méid an bhreosla eitlíochta mhalartaigh le haghaidh eitiltí nach mór lamháltais a thabhairt suas lena n-aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Threoir 2003/87/CE ná cainníocht iomlán an bhreosla eitlíochta mhalartaigh arna ceannach óna mbaintear cainníocht iomlán na mbreoslaí eitlíochta malartacha arna ndíol le tríú páirtithe;

(iii) nach sáróidh an cóimheas idir breoslaí eitlíochta malartacha agus breoslaí iontaise a shanntar d'eitiltí arna gcomhiomlánú in aghaidh an phéire aeradróm an uasteorainn chumaiscthe don chineál breosla sin mar a dheimhnítear i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta aitheanta;

(iv) níl aon chomhaireamh dúbailte ar an gcainníocht chéanna de bhreosla eitlíochta malartach, go háirithe nach maítear go bhfuil an breosla eitlíochta malartach arna cheannach á úsáid i dtuarascáil níos luaithe ná ag oibreoir aerárthaigh eile, ná i gcóras praghsáil carbóin eile.

Chun críocha phointí (i) go (iii), aon bhreosla a bheidh fágtha in umair tar éis eitilte agus sula gcuirfear breosla ar bord, glactar leis gur breosla iontaise 100 % atá ann.

Chun a léiriú go gcomhlíontar na ceanglais dá dtagraítear faoi phointe (iv), féadfaidh an t-oibreoir aerárthaigh úsáid a bhaint as na sonraí a thaifeadtar i mbunachar sonraí an Aontais a cuireadh ar bun i gcomhréir le hAirteagal 31a de Threoir (AE) 2018/2001 nó i mbunachar sonraí náisiúnta a chuir an Ballstát ar bun i gcomhréir le hAirteagal 31a(5) den Treoir sin.';

(32) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 54 agus Airteagal 54a:

'*Airteagal 54*

An codán bithmhaise a chinneadh le haghaidh bithbhreoslaí

1. Cinnfidh an t-oibreoir aerárthaí codán bithmhaise na mbreoslaí eitlíochta measctha ina bhfuil bithbhreoslaí. Féadfaidh an t-oibreoir aerárthaigh a thoimhdiú go bhfuil bithbhreosla in easnamh agus codán iontaise réamhshocraithe 100 % a chur i bhfeidhm nó codán bithbhreosla a chinneadh de réir mhíreanna 2 nó 3. Úsáidfidh an t-oibreoir aerárthaigh luach réamhshocraithe 100 % de chodán bithmhaise le haghaidh bithbhreoslaí íona.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh an t-oibreoir aerárthaigh a úsáideann breoslaí eitlíochta measctha ina bhfuil bithbhreoslaí a roghnú faireachán a dhéanamh ar chion an bhithbhreosla agus ar chion an bhreosla eitlíochta iontaise mar shreabha foinseacha ar leithligh má cheadaíonn an fhianaise a sholáthraíonn na soláthróirí breosla an cur chuige sin.

2. I gcás ina ndéantar bithbhreoslaí a mheascadh go fisiceach le breoslaí iontaise agus ina seachadtar iad chuig an aerárthach i mbaisceanna atá inaitheanta go fisiceach, féadfaidh an t-oibreoir aerárthaigh anailísí a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagail 32 go 35 chun an codán bithmhaise a chinneadh, ar bhonn caighdeán ábhartha agus na modhanna anailíse a leagtar amach sna hAirteagail sin, ar choinníoll go bhformheasann an t-údarás inniúil úsáid an chaighdeáin sin agus na modhanna anailíse sin. I gcás ina soláthróidh an t-oibreoir aerárthaigh fianaise don údarás inniúil go dtabhódh anailísí den sórt sin costais mhíréasúnta nó nach mbeadh siad indéanta go teicniúil, féadfaidh an t-oibreoir aerárthaigh an meastachán ar an gcion bithbhreosla a bhunú ar chothromúchán ábhartha idir breoslaí iontaise agus bithbhreoslaí a cheannaítear a chumasc. Má cinneadh an codán bithmhaise trí úsáid a bhaint as an gcothromúchán maise de bhun Airteagal 30(1) de Threoir (AE) 2018/2001, ní éileofar aon fhianaise ar chostais mhíréasúnta ná ar indéantacht theicniúil.

3. I gcás nach ndéanfar baisceanna bithbhreosla ceannaithe a sheachadadh go fisiceach chuig aerárthach sonrach, ní úsáidfidh an t-oibreoir aerárthaí anailísí chun codán bithmhaise na mbreoslaí a úsáidtear a chinneadh. Féadfaidh an t-oibreoir aerárthaigh an codán bithmhaise a chinneadh trí úsáid a bhaint as taifid cheannaigh bithbhreosla a bhfuil luach fuinnimh coibhéiseach aige.

Airteagal 54a

Forálacha sonracha maidir le breoslaí eitlíochta incháilithe

1. Chun críoch Airteagal 3c(6) de Threoir 2003/87/CE, déanfaidh an t-oibreoir aerárthaigh tráchtála nós imeachta i scríbhinn a bhunú, a dhoiciméadú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun chun faireachán a dhéanamh ar aon mhéid breosla eitlíochta incháilithe íon (i dtonaí) a úsáidtear le haghaidh eitiltí foshonacha, agus tuairisceoidh sé na méideanna breoslaí eitlíochta incháilithe a mhaítear mar mhír mheabhráin ar leithligh ina thuarascáil astaíochtaí bhliantúil.

2. Chun críoch mhír 1, áiritheoidh an t-oibreoir aerárthaigh go ndéanfar aon mhéid breosla eitlíochta incháilithe a éilítear a dheimhniú i gcomhréir le hAirteagal 30 de Threoir (AE) 2018/2001 nó le deimhniú eile a nglactar leis faoi Rialachán 2023/2405. Féadfaidh an t-údarás inniúil cead a thabhairt don oibreoir aerárthaigh úsáid a bhaint as na sonraí a thaifeadtar i mbunachar sonraí an Aontais a cuireadh ar bun i gcomhréir le hAirteagal 31a de Threoir (AE) 2018/2001 nó i mbunachar sonraí náisiúnta arna chur ar bun ag an mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 31a(5) den Treoir sin. I gcás neamhchomhlíonadh ina dhiaidh sin maidir le cruthúnas inbhuanaitheachta na gcainníochtaí a cealaíodh sna bunachair sonraí thuasluaite, ceartóidh an tÚdarás Inniúil na méideanna fíoraithe de bhreoslaí eitlíochta incháilithe íona dá réir sin.

3. I gcás breoslaí eitlíochta measctha, féadfaidh an t-oibreoir aerárthaigh a thoimhdiú go bhfuil breosla eitlíochta incháilithe in easnamh agus codán iontaise réamhshocraithe 100 % a chur i bhfeidhm nó méid an bhreosla eitlíochta incháilithe íon a chinneadh i gcomhréir le mír 3a.

3a. Cinnfidh an t-oibreoir aerárthaigh méid an bhreosla eitlíochta incháilithe íon mar shuim de bhreoslaí malartacha íona atá incháilithe faoi Airteagal 3c(6) de Threoir 2003/87/CE mar a chinntear i gcomhréir le hAirteagal 53(1) den Rialachán seo. Sannfar na breoslaí incháilithe íona do gach eitilt nó do gach péire aeradróm i gcomhréir le míreanna 4 nó 5.

4. I gcás ina seachadfar breoslaí eitlíochta incháilithe chuig an aerárthach i mbaisceanna atá inaitheanta go fisiceach, cuirfidh an t-oibreoir aerárthaigh fianaise ar fáil chun sástacht an údaráis inniúil go sanntar an breosla eitlíochta incháilithe don eitilt díreach tar éis breosla na heitilte sin a chur ar bord.

I gcás ina ndéanfar roinnt eitiltí dá éis sin gan breosla a chur ar bord idir na heitiltí sin, déanfaidh an t-oibreoir aerárthaí an méid bithbhreosla eitlíochta incháilithe a dheighilt agus é a shannadh do na heitiltí sin go comhréireach leis na hastaíochtaí ó na heitiltí sin arna ríomh agus an réamhfhachtóir astaíochta á úsáid.

5. I gcás nach féidir breoslaí eitlíochta incháilithe a shannadh go fisiceach ag aeradróm d'eitilt shonrach, sannfaidh an t-oibreoir aerárthaigh an breosla dá eitiltí nach mór lamháltais a thabhairt suas lena n-aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Threoir 2003/87/CE agus dá eitiltí a chumhdaítear le hAirteagal 3c(8) den Treoir sin go comhréireach leis na hastaíochtaí ó na heitiltí sin a imíonn ón aeradróm sin arna ríomh agus an réamhfhachtóir astaíochta á úsáid.

Chun na críche sin, ní mór don oibreoir aerárthaigh fianaise a sholáthar chun sástacht an údaráis inniúil gur seachadadh an breosla eitlíochta incháilithe chuig córas breoslaithe an aeradróim imeachta sa tréimhse tuairiscithe, nó 3 mhí roimh thús na tréimhse tuairiscithe sin, nó 3 mhí i ndiaidh dheireadh na tréimhse tuairiscithe sin.

6. Chun críoch mhíreanna 4 agus 5, soláthróidh an t-oibreoir aerárthaigh fianaise chun sástacht an údaráis inniúil maidir leis an méid seo a leanas:

(a) nach mó an méid iomlán breosla eitlíochta incháilithe a mhaítear ná úsáid breosla iomlán an oibreora aerárthaigh sin le haghaidh eitiltí nach mór lamháltais a thabhairt suas ina leith i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Threoir 2003/87/CE agus le haghaidh eitiltí a chumhdaítear le hAirteagal 3c(8) den Treoir sin, de thionscnamh an aeradróim ag a soláthraítear an breosla eitlíochta incháilithe;

(b) nach mó an méid breosla eitlíochta incháilithe le haghaidh eitiltí nach mór lamháltais a thabhairt suas lena n-aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Threoir 2003/87/CE agus ó eitiltí a chumhdaítear le hAirteagal 3c(8) den Treoir sin ná cainníocht iomlán an bhreosla eitlíochta incháilithe a ceannaíodh óna mbaintear cainníocht iomlán na mbreoslaí eitlíochta incháilithe a dhíoltar le tríú páirtithe;

(c) nach sáróidh an cóimheas idir breoslaí eitlíochta incháilithe agus breoslaí iontaise a shanntar d'eitiltí arna gcomhiomlánú in aghaidh an phéire aeradróm an uasteorainn chumaiscthe don chineál breosla sin mar a dheimhnítear i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta aitheanta;

(d) níl aon chomhaireamh dúbailte ar an gcainníocht chéanna de bhreosla eitlíochta incháilithe, go háirithe nach maítear go bhfuil an breosla eitlíochta incháilithe ceannaithe á úsáid i dtuarascáil níos luaithe ná oibreoir aerárthaigh eile, ná i gcóras praghsála carbóin eile.

Chun críoch phointí (a), (b) agus (c), aon bhreosla a bheidh fágtha in umair tar éis eitilte agus sula gcuirfear breosla ar bord, glactar leis nach breosla incháilithe 100 % é.

Chun a léiriú go gcomhlíontar na ceanglais dá dtagraítear faoi phointe (d), féadfaidh an t-oibreoir aerárthaigh úsáid a bhaint as na sonraí a thaifeadtar i mbunachar sonraí an Aontais a cuireadh ar bun i gcomhréir le hAirteagal 31a de Threoir (AE) 2018/2001 nó i mbunachar sonraí náisiúnta a chuir an Ballstát ar bun i gcomhréir le hAirteagal 31a(5) den Treoir sin.';

(33) cuirtear isteach na hAirteagail 54b agus 54c seo a leanas:

‘*Airteagal 54b*

An codán RFNBO, RCF nó ísealcharbóin sintéiseach a chinneadh

1. Cinnfidh an t-oibreoir aerárthaigh an codán RFNBO nó RCF nó an codán sintéiseach ísealcharbóin de bhreoslaí eitlíochta measctha ina bhfuil RFNBO, RCF nó breosla sintéiseach ísealcharbóin. Féadfaidh an t-oibreoir aerárthaigh glacadh leis nach bhfuil RFNBO, RCF nó breosla ísealcharbóin sintéiseach ann agus codán iontaise réamhshocraithe 100 % a chur i bhfeidhm, nó codán RFNBO nó RCF nó codán ísealcharbóin sintéiseach a chinneadh i gcomhréir le míreanna 2 nó 3. Úsáidfidh an t-oibreoir aerárthaigh luach réamhshocraithe 100 % RFNBO nó codán RCF, nó codán sintéiseach ísealcharbóin 100 %, de réir mar is infheidhme, le haghaidh RFNBO íon nó RCF nó breosla sintéiseach ísealcharbóin íon.

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, féadfaidh an t-oibreoir aerárthaigh a úsáideann breoslaí eitlíochta measctha ina bhfuil RFNBO, RCF nó breosla sintéiseach ísealcharbóin, rogha a dhéanamh faireachán a dhéanamh ar chion RFNBO nó RCF nó ar chion sintéiseach ísealcharbóin agus ar chion breosla eitlíochta iontaise eile, mar shreabha foinseacha ar leithligh má cheadaíonn an fhianaise arna soláthar ag na soláthróirí breosla an cur chuige sin.

2. I gcás ina ndéantar RFNBO, RCF nó breosla sintéiseach ísealcharbóin a mheascadh go fisiceach le breoslaí iontaise agus a sheachadadh chuig an aerárthach i mbaisceanna atá inaitheanta go fisiceach, bunóidh an t-oibreoir aerárthaigh an meastachán ar chion RFNBO nó RCF nó ar chion sintéiseach ísealcharbóin ar chothromúcháin maise de bhun Airteagal 30(1) de Threoir (AE) 2018/2001, lena léirítear cumasc breoslaí iontaise agus RFNBO, RCF nó breosla sintéiseach ísealcharbóin a cheannaítear.

3. I gcás nach ndéantar RFNBO, RCF nó baisceanna breosla sintéiseacha ísealcharbóin ceannaithe a sheachadadh go fisiceach chuig aerárthach sonrach, féadfaidh an t-oibreoir aerárthaigh an codán RFNBO nó RCF nó codán sintéiseach ísealcharbóin a chinneadh trí thaifid cheannaigh RFNBO, RCF nó breosla sintéiseach ísealcharbóin a bhfuil luach fuinnimh coibhéiseach aige a úsáid.

Airteagal 54c

Coinníollacha le haghaidh bithbhreoslaí ráta nialasaigh, RFNBO, RCF agus breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin ag oibreoirí aerárthaí

1. Ní fhéadfaidh an t-oibreoir aerárthaí codán bithmhaise breosla eitlíochta mheasctha a áireamh mar chuid den chodán bithmhaise nialas-rátaithe ach amháin a mhéid a chomhlíonann an cion bithbhreosla na critéir a leagtar amach in Airteagal 38(5).

2. Ní fhéadfaidh an t-oibreoir aerárthaigh codán RFNBO nó RCF de bhreosla eitlíochta measctha a áireamh i dtreo chodán RFNBO nó RCF nialas-rátaithe ach amháin a mhéid a chomhlíonann an cion RFNBO nó RCF na critéir a leagtar amach in Airteagal 39a(3).

3. Ní fhéadfaidh an t-oibreoir aerárthaigh an codán sintéiseach ísealcharbóin de bhreosla eitlíochta measctha a áireamh mar chuid den chodán sintéiseach ísealcharbóin nialas-rátaithe ach amháin a mhéid a chomhlíonann an cion sintéiseach ísealcharbóin na critéir a leagtar amach in Airteagal 39a(4).

4. Ní fhéadfaidh an t-oibreoir aerárthaigh bithbhreoslaí nialas-rátaithe, RFNBO nialas-rátaithe nó RCF agus breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin nialas-rátaithe a mhaíomh, ach amháin a mhéid a chomhlíonann na breoslaí nialas-rátaithe sin an t-uasmhéid úsáide breosla arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 53a den Rialachán seo, i gcás eitiltí nach mór lamháltais a thabhairt suas ina leith i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Threoir 2003/87/CE.’;

(34) in Airteagal 55(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘2. De mhaolú ar Airteagal 53, féadfaidh astaírí beaga agus oibreoirí aerárthaigh a bhfuil a n-astaíochtaí bliantúla iomlána níos lú ná 3 000 tona CO_2 ó eitiltí seachas na cinn dá dtagraítear in Airteagal 28a(1), pointe (a), agus Airteagal 3c(8) de Threoir 2003/87/CE meastachán a dhéanamh ar an ídiú breosla ar bhonn fad in aghaidh an phéire aeradróm trí úsáid a bhaint as uirlisí arna gcur chun feidhme ag Eurocontrol nó ag eagraíocht ábhartha eile, ar féidir leo an fhaisnéis aerthráchta ábhartha uile a phróiseáil agus aon ghannmheastachán ar astaíochtaí a sheachaint.’;

(35) cuirtear isteach na hAirteagail 56a agus 56b seo a leanas:

‘*Airteagal 56a*

Coibhéis CO_2 a ríomh le haghaidh éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2

1. Déanfaidh gach oibreoir aerárthaigh faireachán ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 óna ghníomhaíochtaí arna ndéanamh ag eitleáin atá feistithe le scairdinnill i gcoibhéis CO_2 (CO_2(e)) in aghaidh na heitilte.

2. Déanfaidh an t-oibreoir aerárthaigh CO_2(e) in aghaidh na heitilte a ríomh trí úsáid a bhaint as an méadrach acmhainneachta téite domhanda, go háirithe acmhainneacht téite domhanda$_{20}$, acmhainneacht téite domhanda$_{50}$ agus acmhainneacht téite domhanda$_{100}$, as a dtiocfaidh luachanna $Co2_2$(e) le haghaidh tréimhsí ionchasach (20, 50, agus 100 bliain) le haghaidh gach ceann de na heitiltí a ndéantar faireachán orthu.

3. Úsáidfidh an t-oibreoir aerárthaigh éifeachtúlacht mar a shainmhínítear sa Rialachán seo agus in NEATS, chun an GWP dá dtagraítear i mír 2 a bheachtú chun CO_2(e) in aghaidh na heitilte a ríomh mura soláthraíonn an t-oibreoir aerárthaigh fianaise don údarás inniúil nach féidir éifeachtúlacht a úsáid.

4. Chun CO_2(e) a ríomh in aghaidh na heitilte, cuirfidh gach oibreoir aerárthaigh cur chuige ríofa CO_2(e) i bhfeidhm lena gcumhdófar na heilimintí seo a leanas:

(a) an modúl dó breosla agus an modúl measta astaíochtaí, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn IIIa, Roinn 3;

(b) Modh C arb é atá ann cur chuige aimsirbhunaithe agus Modh D arb é atá ann cur chuige suíomhbhunaithe simplithe, dá dtagraítear in Iarscríbhinn IIIa, Roinn 4;

(c) cur chuige luachanna réamhshocraithe, a úsáidtear i gcás bearnaí sonraí, a dtugtar tuairisc air in Iarscríbhinn IIIa, Roinn 5 agus Iarscríbhinn IIIb.

Beidh Modh C agus modh D ar bhonn sonraí ionchuir ó na modúil dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, ar shonraí ón oibreoir aerárthaigh agus ar shonraí aimsire ábhartha ón oibreoir aerárthaigh nó ó fhoinsí tríú páirtí.

5. Úsáidfidh gach oibreoir aerárthaí Modh C chun CO_2(e) a ríomh in aghaidh na heitilte.

6. De mhaolú ar mhír 5, féadfaidh astaírí beaga, mar a shainmhínítear in Airteagal 55(1), Modh D a úsáid.

7. Chun na samhlacha ríofa CO_2(e) a chur i bhfeidhm maidir lena n-eitiltí, comhlíonfaidh oibreoirí aerárthaí na coinníollacha uile seo a leanas, trí úsáid a bhaint as NEATS, de bhun Iarscríbhinn IIIa, Roinn 2, uirlisí TF dílse agus tríú páirtí, nó teaglaim de NEATS agus de na huirlisí sin:

(a) comhlíonann na huirlisí sin na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IIIa, maidir leis an modúl measta astaíochtaí i Roinn 3, i Roinn 4 agus i Roinn 5 den Iarscríbhinn sin;

(b) i gcás ina bhfuil gá le sonraí feabhsaithe aimsire mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IIIa, go n-úsáideann na huirlisí sin an tsamhail tagartha choiteann chéanna Tuartha Uimhriúil Aimsire (TUA) agus sonraí aimsire, leis an gceann a sholáthraítear trí NEATS;

(c) go gceadaíonn agus go n-éascaíonn na huirlisí sin, chun críche fíorúcháin, rochtain ar na sonraí a ndearnadh faireachán orthu i gcomhréir le hIarscríbhinn IIIa, Roinn 4;

(d) go n-áirithítear leis na huirlisí sin go stóráiltear na sonraí a ndéantar faireachán orthu go slán ar feadh 2 bhliain ar a laghad, le feidhmeanna cúltaca agus aisghabhála;

(e) comhlíonann na huirlisí sin na prionsabail a bhunaítear le hAirteagal 75(1).

8. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag oibreoir aerárthaigh uirlisí dá dtagraítear i mír 7 a úsáid, seachas an modúl dó breosla, cuirfidh an t-oibreoir aerárthaigh sonraíochtaí teicniúla na n-uirlisí faoi bhráid an Choimisiúin ar dtús. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar shonraíochtaí na n-uirlisí agus, i gcás ina gcomhlíonann na huirlisí sin ceanglais an Rialacháin seo, formheasfaidh sé na huirlisí. A luaithe a fhormheasfar iad, tabharfaidh an t-oibreoir aerárthaigh tuairisc bhreise ar shonraíochtaí teicniúla agus ar shreabhadh oibre na n-uirlisí sa phlean faireacháin.

Airteagal 56b

Faireachán sonraí

1. Déanfaidh an t-oibreoir aerárthaigh faireachán ar na sonraí a luaitear in Iarscríbhinn IIIa, Roinn 4.

2. Gheobhaidh an t-oibreoir aerárthaigh na sonraí a ndéantar faireachán orthu dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear ó threalamh taifeadáin sonraí eitilte an aerárthaigh, i gcás ina mbeidh sé ar fáil.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh an t-oibreoir aerárthaigh a roghnú brath ar an bhfaireachán ar chuid de na sonraí nó ar na sonraí uile, maidir leis an méid seo a leanas:

(a) foinsí neamhspleácha tríú páirtí amhail Eurocontrol;

(b) NEATS, mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn IIIa, Roinn 2.

4. I gcás ina mbeidh sonraí ar iarraidh agus ina mbeidh sé léirithe ag an oibreoir aerárthaigh nach bhfuil sé in ann na sonraí sin a aisghabháil trí NEATS nó trí mhodhanna eile, úsáidfidh an t-oibreoir aerárthaigh luachanna réamhshocraithe dá bhforáiltear in Iarscríbhinn IIIa, Roinn 5 agus in Iarscríbhinn IIIb.

5. Tabharfaidh na hoibreoirí aerárthaí rochtain don fhíoraitheoir ar na sonraí uile is gá don fhíorú, lena n-áirítear sonraí rúnda. Arna iarraidh sin don oibreoir aerárthaigh, déileálfaidh an t-údarás inniúil leis an bhfaisnéis a chuirfidh an t-oibreoir aerárthaigh ar fáil mar fhaisnéis rúnda.

6. I gcás nach féidir NEATS a úsáid toisc nach bhfuil sé ar fáil, déanfaidh an t-oibreoir aerárthaigh faireachán ar an bhfaisnéis eitilte agus ar airíonna aerárthaigh in aghaidh na heitilte ar a laghad. I gcás den sórt sin, déanfaidh an t-oibreoir aerárthaigh an ríomh CO_2(e) in aghaidh na heitilte ag céim níos déanaí, ar a dhéanaí, a luaithe a chuirfidh an Coimisiún NEATS ar fáil.

7. I gcás nach féidir samhail tagartha chomhchoiteann TUA a úsáid toisc nach bhfuil sí ar fáil in NEATS, úsáidfidh an t-oibreoir aerárthaigh, de mhaolú ar Airteagal 56a(5), Modh D. A luaithe a chuirfear samhail tagartha chomhchoiteann TUA ar fáil, úsáidfidh an t-oibreoir aerárthaigh an modh iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 56a(5) agus (6).

8. Tabharfar NEATS cothrom le dáta de réir mar is iomchuí';

(36) Leasaítear Airteagal 58 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Déanfaidh an t-oibreoir nó an t-oibreoir aerárthaí nósanna imeachta i scríbhinn a bhunú, a dhoiciméadú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun maidir le gníomhaíochtaí sreafa sonraí chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 agus áiritheoidh sé nach mbeidh míráitis sa tuarascáil astaíochtaí bhliantúil a eascraíonn as gníomhaíochtaí sreafa sonraí agus go mbeidh sí i gcomhréir leis an bplean faireacháin, leis na nósanna imeachta i scríbhinn sin agus leis an Rialachán seo.';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) gach céim sa sreabhadh sonraí ó shonraí príomhúla go hastaíochtaí bliantúla agus éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a léireoidh an seicheamh agus an idirghníomhaíocht idir gníomhaíochtaí an tsreafa sonraí, lena n-áirítear foirmlí ábhartha agus céimeanna comhiomlánaithe sonraí arna gcur i bhfeidhm';

(37) Leasaítear Airteagal 66 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid a seo a leanas in ionad an teidil:

'**Bearnaí sonraí a láimhseáil le haghaidh tuairisciú astaíochtaí**';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na fomhíre deiridh:

'I gcás ina sáraíonn an líon eitiltí ag a bhfuil bearnaí sonraí dá dtagraítear sa chéad dá fhomhír 5 % de na heitiltí bliantúla a thuairiscítear, cuirfidh an t-oibreoir aerárthaigh an t-údarás inniúil ar an eolas faoi sin gan moill mhíchuí agus déanfaidh sé gníomhaíocht feabhais chun feabhas a chur ar an modheolaíocht faireacháin.';

(38) in Airteagal 68, cuirtear isteach na míreanna 5 agus 6 seo a leanas:

'5. Cuirfidh an t-oibreoir aerárthaigh faoi bhráid an údaráis inniúil, faoi na coinníollacha céanna dá dtagraítear i mír 1, tuarascáil ar leithligh mar cheangaltán leis an tuarascáil astaíochtaí bhliantúil, lena gcumhdaítear éifeachtaí eitlíochta bliantúla neamh-CO_2.

6. Beidh ar a laghad an fhaisnéis a liostaítear i Roinn 2a d'Iarscríbhinn X sa tuarascáil ar leithligh dá dtagraítear i mír 5.';

(39) in Airteagal 69(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'1. Seiceálfaidh gach oibreoir go rialta an féidir an mhodheolaíocht faireacháin a chuirtear i bhfeidhm a fheabhsú.';

(40) Leasaítear Airteagal 70 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'1. Déanfaidh an t-údarás inniúil meastachán coimeádach ar astaíochtaí suiteála nó oibreora aerárthaigh agus, i gcás inarb ábhartha, ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 oibreora aerárthaigh in aon cheann de na cásanna seo a leanas:';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'2. I gcás ina bhfuil sé luaite ag fíoraitheoir, sa tuarascáil fíorúcháin de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067, go bhfuil míráitis neamhábhartha ann nár cheartaigh an t-oibreoir ná an t-oibreoir aerárthaigh sular eisíodh an tuarascáil fíorúcháin, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar na míráitis sin, agus déanfaidh sé meastachán coimeádach ar astaíochtaí agus ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 na suiteála nó an oibreora aerárthaigh i gcás inarb iomchuí. Cuirfidh an t-údarás inniúil an t-oibreoir nó an t-oibreoir aerárthaigh ar an eolas cé acu atá nó nach bhfuil gá le ceartúcháin ar an tuarascáil astaíochtaí bhliantúil agus cé na ceartúcháin a bhfuil gá leo. Cuirfidh an t-oibreoir nó an t-oibreoir aerárthaí an fhaisnéis sin ar fáil don fhíoraitheoir.';

(41) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 72(1):

'1. Déanfar astaíochtaí iomlána bliantúla gach ceann de na gáis cheaptha teasa CO_2, N_2O agus PFCanna, chomh maith le héifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a thuairisciú mar thonaí slánaithe CO_2 nó CO_2(e). Déanfar astaíochtaí bliantúla iomlána na suiteála a ríomh mar shuim na luachanna slánaithe le haghaidh CO_2, N_2O agus PFCanna.';

(42) leasaítear Airteagal 75d(3) mar a leanas:

(a) sa dara fomhír, cuirtear 'breoslaí nialas-rátaithe' in ionad an téarma 'bithmhais';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'Chun críche na míre seo, beidh feidhm ag Airteagal 38(5) agus Airteagal 39a(3), ar choinníoll go bhfuil an fhaisnéis ábhartha maidir leis na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann le breoslaí nialas-rátaithe a úsáidtear le haghaidh dócháin ar fáil don eintiteas rialáilte.';

(43) leasaítear Airteagal 75e mar a leanas:

(a) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

(a) 'eintiteas i gcatagóir A, i gcás inarb amhlaidh ó 2027 go 2030 go bhfuil na meánastaíochtaí bliantúla fíoraithe sa 2 bhliain roimh an tréimhse tuairiscithe roimh chur i bhfeidhm an fhachtóra raoin, cé is moite de CO_2 a eascraíonn as breoslaí nialas-rátaithe, cothrom le 50 000 tona CO_2(e) nó níos lú ná sin;

(b) eintiteas i gcatagóir B, i gcás inarb amhlaidh ó 2027 go 2030 go bhfuil na meánastaíochtaí bliantúla fíoraithe sa 2 bhliain roimh an tréimhse tuairiscithe roimh chur i bhfeidhm an fhachtóra raoin, cé is moite de CO_2 a eascraíonn as breoslaí nialas-rátaithe, níos mó ná 50 000 tona CO_2(e).';

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) sreabha breosla *de minimis*, i gcás ina seasann na sreabha breosla arna roghnú ag an eintiteas rialáilte go comhpháirteach do níos lú ná 1 000 tona CO_2 iontaise in aghaidh na bliana roimh chur i bhfeidhm an fhachtóra raoin;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. I gcás nach bhfuil na meánastaíochtaí fíoraithe bliantúla a úsáidtear chun catagóir an eintitis rialáilte dá dtagraítear i mír 2 a chinneadh ar fáil nó nach bhfuil siad ionadaíoch a thuilleadh chun críoch mhír 2, úsáidfidh an t-eintiteas rialáilte meastachán coimeádach ar mheánastaíochtaí bliantúla arna ríomh roimh chur i bhfeidhm an fhachtóra raoin, cé is moite de CO_2 a eascraíonn as breoslaí nialas-rátaithe, chun catagóir an eintitis rialáilte a chinneadh.';

(d) cuirtear an mhír 4a seo a leanas isteach:

'4a. De mhaolú ar mhíreanna 2, 3 agus 4, roimh 2027, féadfaidh an t-údarás inniúil cead a thabhairt don eintiteas rialáilte é féin agus gach sreabh breosla a aicmiú ar bhonn na n-astaíochtaí tar éis chur i bhfeidhm an fhachtóra raoin, cé is moite de CO2 a eascraíonn as breoslaí nialas-rátaithe, i gcás inar féidir leis an eintiteas rialáilte a léiriú chun sástachta an údaráis inniúil go mbeidh an fachtóir raoin a chuirtear i bhfeidhm maidir leis an aicmiú ionadaíoch fós sna blianta amach romhainn.';

(e) scriostar mír 5.

(44) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal fhomhír 4:

'**Cóireáil breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin bithmhaise, RFNBO agus RCF**';

(45) leasaítear Airteagal 75m mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil agus na chéad mhíre, san abairt tosaigh:

'*Airteagal 75m*

Scaoileadh sreabha breosla ina bhfuil bithmhais, breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin, RFNBO agus RCF

1. Beidh feidhm ag Airteagal 38, Airteagal 39, míreanna 1, 3 agus 4, agus Airteagal 39a. Chun na críche sin:';

(b) i míreanna 3 agus 4, cuirtear 'codán carbóin nialas-rátaithe' in ionad an téarma 'codán bithmhaise'.

(46) leasaítear Airteagal 75n mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Féadfaidh an t-údarás inniúil a mheas gur eintiteas rialáilte ag a bhfuil astaíochtaí ísle é eintiteas rialáilte i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

(a) ó 2027 go 2030, bhí na meánastaíochtaí bliantúla fíoraithe sa 2 bhliain roimh an tréimhse tuairiscithe roimh chur i bhfeidhm an fhachtóra raoin, cé is moite de CO_2 a eascraíonn as breoslaí nialas-rátaithe, níos lú ná 1 000 tona CO_2 in aghaidh na bliana;

(b) ó 2031, bhí meánastaíochtaí bliantúla an eintitis rialáilte sin a tuairiscíodh sna tuarascálacha astaíochtaí fíoraithe le linn na tréimhse trádála díreach roimh an tréimhse trádála reatha, arna ríomh roimh chur i bhfeidhm an fhachtóra raoin agus cé is moite de CO_2 a eascraíonn as breoslaí nialas-rátaithe, níos lú ná 1 000 tona CO_2 in aghaidh na bliana;

(c) i gcás nach bhfuil na meánastaíochtaí bliantúla dá dtagraítear i bpointe (a) ar fáil nó nach bhfuil siad ionadaíoch a thuilleadh chun críoch phointe (a), ach maidir le hastaíochtaí bliantúla an eintitis rialáilte sin go ceann na chéad 5 bliana eile, arna ríomh roimh chur i bhfeidhm an fhachtóra raoin agus cé is moite de CO_2 a eascraíonn as breoslaí nialas-rátaithe, beidh na hastaíochtaí sin, ar bhonn modh meastacháin coimeádach, níos lú ná 1 000 tona CO_2(e) in aghaidh na bliana.';

(b) cuirtear an mhír 1a seo a leanas isteach:

'1a. De mhaolú ar mhír 1, roimh 2027, féadfaidh an t-údarás inniúil a mheas gur eintiteas rialáilte é eintiteas rialáilte ag a bhfuil astaíochtaí ísle ar bhonn na n-astaíochtaí tar éis chur i bhfeidhm an fhachtóra raoin, cé is moite de CO_2 a eascraíonn as breoslaí nialas-rátaithe, i gcás inar féidir leis an eintiteas rialáilte a léiriú chun sástachta an údaráis inniúil go mbeidh an fachtóir raoin a chuirtear i bhfeidhm le haghaidh an aicmithe fós ionadaíoch sna blianta amach romhainn.';

(47) leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) leasaítear Roinn 1 mar seo a leanas:

(i) i bpointe (4), pointe (g) cuirtear 'breoslaí nialas-rátaithe' in ionad an téarma 'bithmhais';

(ii) i bpointe (7), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

'(f) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an modh meastacháin coimeádach a úsáidtear chun an codán nialas-rátaithe agus an codán RFNBO nialas-rátaithe nó RCF de CO_2 bunúsach nó aistrithe a chinneadh i gcomhréir le hAirteagail 48, 49 nó 49a;';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (8):

'(8) tuairisc mhionsonraithe ar an modheolaíocht faireacháin i gcás ina bhfuil CO_2 ceangailte go ceimiceach i gcomhréir le hAirteagal 49a, i gcás inarb iomchuí i bhfoirm tuairisc ar na nósanna imeachta i scríbhinn a cuireadh i bhfeidhm, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) na nósanna imeachta chun a chinneadh cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann táirge ina bhfuil an CO_2 ceangailte go ceimiceach go buan i gcomhréir le hAirteagal 49a(1) den Rialachán seo, na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán tarmligthe de bhun Airteagal 12(3b) de Threoir 2003/87/CE agus cineálacha úsáidí na dtáirgí sin;

(b) tuairisc ar an modheolaíocht ríomha chun na méideanna CO_2 atá ceangailte go ceimiceach go buan a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 49a(2)'.

(iv) (ii) cuirtear isteach na pointí (9) agus (9a) seo a leanas:

'(9) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an nós imeachta a úsáidtear chun a mheasúnú an gcomhlíonann sreabha foinseacha nialas-rátaithe Airteagal 38(5) nó Airteagal 39a(3) nó Airteagal 39a(4);';

(9a) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an nós imeachta a úsáidtear chun cainníochtaí bithgháis nialas-rátaithe a chinneadh ar bhonn taifid cheannaigh i gcomhréir le hAirteagal 39(4), nó cainníochtaí RFNBO nó RCF nialas-rátaithe i gcomhréir le hAirteagal 39a(5);';

(b) leasaítear Roinn 2 mar a leanas:

(i) leasaítear pointe (1) mar a leanas:

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) tuairisc ar na nósanna imeachta, na córais agus na freagrachtaí arna n-úsáid chun iomláine an liosta d'fhoinsí astaíochtaí a nuashonrú i gcaitheamh na bliana faireacháin chun críche iomláine an fhaireacháin agus an tuairiscithe ar astaíochtaí agus ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 aerárthaí atá faoi úinéireacht, chomh maith le haerárthaí atá ar léas isteach, a áirithiú;';

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (k), (l) agus (m):

'(k) deimhniú an bhfuil sé beartaithe ag an oibreoir aerárthaigh aon cheann de na huirlisí dá dtagraítear in Airteagal 55(2) den Rialachán seo a úsáid agus cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe ag an oibreoir aerárthaigh an simpliú a úsáid de bhun Airteagal 28a(4) de Threoir 2003/87/CE;

(l) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an nós imeachta a úsáidtear chun a mheas an gcomhlíonann bithbhreosla, RFNBO, RCF, nó breosla sintéiseach ísealcharbóin nialas-rátaithe Airteagal 54c den Rialachán seo;

(m) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an nós imeachta a úsáidtear chun cainníochtaí breoslaí eitlíochta malartacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 53(1) agus chun a áirithiú go gcomhlíonann na breoslaí íona tuairiscithe na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 53a den Rialachán seo;';

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (o):

'(o) i gcás inarb infheidhme tuairisc ar an nós imeachta a úsáidtear chun cainníochtaí incháilithe breosla eitlíochta a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 54a(3) agus chun a áirithiú go gcomhlíonann na breoslaí tuairiscithe na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 54a(4) agus 54a(5) den Rialachán seo;';

— cuirtear isteach na pointí (p) agus (q) seo a leanas:

'(p) deimhniú maidir le cé acu a oibríonn nó nach n-oibríonn an t-oibreoir aerárthaí aon eitilt faoi Airteagal 56a(1);

(q) deimhniú maidir le cé acu atá nó nach bhfuil sé beartaithe ag an oibreoir aerárthaigh NEATS amháin a úsáid chun éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a chinneadh, nó an bhfuil sé beartaithe aige uirlisí TF dá chuid féin nó de chuid díobh a úsáid, le haghaidh na sonraí uile a ndearnadh faireachán orthu nó le haghaidh cuid díobh, mar a thuairiscítear in Airteagal 56a(7);';

(ii) i bpointe (2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

'2. Chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí, beidh an fhaisnéis seo a leanas sa phlean faireacháin d'oibreoirí aerárthaí nach astaírí beaga iad i gcomhréir le hAirteagal 55(1) nó nach bhfuil sé beartaithe acu uirlis astaírí beaga a úsáid i gcomhréir le hAirteagal 55(2):';

(iii) cuirtear isteach an pointe (3) seo a leanas:

'3. Chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2, beidh sa phlean faireacháin, de réir mar is ábhartha, an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh oibreoirí aerárthaí nach n-úsáideann NEATS amháin chun na héifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a chinneadh:

(a) tuairisc ar an modúl measta dó breosla agus astaíochtaí, ar an tsamhail ríofa CO_2(e) agus ar na huirlisí TF gaolmhara a bheartaíonn na hoibreoirí aerárthaí a úsáid;

(b) tuairisc agus sreabhchairt ar phróiseas faireacháin na sonraí i gcoibhneas le samhail ríofa CO_2(e) mar a thuairiscítear in Iarscríbhinn IIIa, Roinn 4 a ghabhann leis an Rialachán seo;

(c) tuairisc ar an nós imeachta i scríbhinn chun a áirithiú go n-úsáidfear sonraí iomchuí chun samhlacha ríofa CO_2(e) a ionchur i gcomhréir le hIarscríbhinn IIIa a ghabhann leis an Rialachán seo agus go gcuirfear éifeachtaí aeráide gach gníomhaire neamh-CO_2 san áireamh in aghaidh na heitilte;

(d) tuairisc ar an nós imeachta i scríbhinn chun bearnaí sonraí a shainaithint agus a mheasúnú agus chun na luachanna réamhshocraithe a dtugtar tuairisc orthu in Iarscríbhinn IIIa, Roinn 5 agus Iarscríbhinn IIIb a ghabhann leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm, chun na bearnaí sonraí a líonadh.';

(c) i Roinn 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3):

'3. I gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an nós imeachta a úsáidtear chun a mheas an gcomhlíonann sreabha breosla nialas-rátaithe Airteagal 38(5), nó 39a(3), nó 39a(4) agus, i gcás inarb ábhartha, Airteagal 75m(2) den Rialachán seo;';

(48) leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) leasaítear Roinn 1 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

'I gcás nach n-áirítear i dTábla 1 gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE agus nach gcuirtear an cothromúchán maise a leagtar amach in Airteagal 25den Rialachán seo i bhfeidhm, úsáidfidh an t-oibreoir na leibhéil a liostaítear i dTábla 1 faoi 'Dóchán breoslaí agus breoslaí a úsáidtear mar ionchur próisis' le haghaidh na ngníomhaíochtaí sin.';

(ii) Leasaítear Tábla 1 mar a leanas:

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad an aonú ró déag, an ceannteideal '**Mínghlanadh ola mianra**':

'**Ola a mhínghlanadh**';

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad an aonú ró is caoga**, an ceannteideal** '**Táirgeadh alúmanaim príomhúil**':

'**Táirgeadh alúmanaim phríomhúil nó alúmana**';

— cuirtear an ró seo a leanas isteach ag deireadh an Tábla:

'**Gabháil, aistriú agus stóráil gheolaíoch CO_2 i láithreán stórála atá ceadaithe faoi Threoir 2009/31/CE**					
Cothromúchán maise CO_2 aistrithe	CO_2 a aistrítear isteach i suiteáil, bonneagar iompair nó láithreán stórála nó amach astu, astaíochtaí scaoilte, sceite nó éalaitheacha [t]	± 7,5 %	± 5 %	± 2,5 %	± 1,5 %
Astaíochtaí scaoilte, sceite agus éalaitheacha CO_2	CO_2 scaoilte, sceite nó ó astaíochtaí éalaitheacha [t]	±17,5 %	± 12,5 %	± 7,5 %'	

(b) i Roinn 2.1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'I gcás ina gcinntear codán bithmhaise, nó codán RFNBO nó RCF nó codán sintéiseach ísealcharbóin le haghaidh breosla measctha nó ábhar measctha, bainfidh na leibhéil a shainítear leis an réamhfhachtóir astaíochta. I gcás breoslaí iontaise agus ábhair iontaise, bainfidh na leibhéil leis an bhfachtóir astaíochta.';

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 2.4:

'2.4 **Leibhéil le haghaidh codán bithmhaise**

Leibhéal 1: Cuirfidh an t-oibreoir luach is infheidhme i bhfeidhm arna fhoilsiú ag an údarás inniúil nó ag an gCoimisiún, nó luachanna i gcomhréir le hAirteagal 31(1).

Leibhéal 2: Cuirfidh an t-oibreoir modh meastacháin i bhfeidhm arna fhormheas i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 39(2).

Leibhéal 3a: Cuirfidh an t-oibreoir anailísí i bhfeidhm i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 39(2), agus i gcomhréir le hAirteagail 32 go 35.

Leibhéal 3b: I gcás breoslaí a thagann ó phróiseas táirgthe ina bhfuil sruthanna ionchuir sainithe agus inrianaithe, féadfaidh an t-oibreoir an meastachán a bhunú ar chothromaíocht ábharach de charbón iontaise agus bithmhaise a thagann isteach sa phróiseas agus a imíonn as, amhail an córas cothromúcháin maise i gcomhréir le hAirteagal 30(1) de Threoir (AE) 2018/2001.

I gcás ina nglacann oibreoir leis go mbeidh codán iontaise 100 % ann i gcomhréir le hAirteagal 39(1) den Rialachán seo, ní shannfar aon leibhéal don chodán bithmhaise.';

(d) cuirtear isteach an Roinn 2.5. seo a leanas:

'2.5 **Leibhéil le haghaidh chodán RFNBO nó RCF nó codán ísealcharbóin sintéiseach**

Leibhéal 1: Cinnfidh an t-oibreoir an codán RFNBO nó RCF nó an codán sintéiseach ísealcharbóin ar bhonn an chórais cothromúcháin maise i gcomhréir le hAirteagal 30(1) de Threoir (AE) 2018/2001.

I gcás ina nglacann oibreoir le codán iontaise 100 % i gcomhréir le hAirteagal 39a(1) den Rialachán seo, ní shannfar aon leibhéal don chodán RFNBO nó RCF nó don chodán sintéiseach ísealcharbóin.';

(e) leasaítear Roinn 3.1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fomhír:

'I gcás ina gcinntear codán bithmhaise nó codán RFNBO nó RCF nó codán sintéiseach ísealcharbóin le haghaidh breosla measctha nó ábhar measctha, bainfidh na leibhéil a shainítear leis an gcion carbóin iomlán. Cinnfear codán bithmhaise an charbóin trí úsáid a bhaint as na leibhéil a shainítear i Roinn 2.4 den Iarscríbhinn seo. Cinnfear codán RFNBO nó RCF nó codán sintéiseach ísealcharbóin an charbóin trí úsáid a bhaint as na leibhéil a shainmhínítear i Roinn 2.5 den Iarscríbhinn seo.';

(ii) i bhfo-cheannteideal Leibhéal 2b, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte:

'Leibhéal 2b: Díorthóidh an t-oibreoir an cion carbóin ó fhachtóirí astaíochta le haghaidh an bhreosla ar bonn ceann amháin de na hionadaigh bhunaithe seo a leanas in éineacht le comhghaol eimpíreach mar a chinntear uair sa bhliain ar a laghad i gcomhréir le hAirteagail 32 go 35 den Rialachán seo:';

(f) cuirtear an Roinn 3.4 seo a leanas isteach:

'3.4 **Leibhéil le haghaidh codán RFNBO nó RCF nó codán ísealcharbóin sintéiseach**

Úsáidfear na leibhéil a shainmhínítear i Roinn 2.5 den Iarscríbhinn seo.';

(g) i Roinn 4, roimh Roinn 4.1, cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'De mhaolú ar na forálacha sa roinn seo agus ar na foranna seo a leanas, féadfaidh oibreoirí astaíochtaí ó ábhair a phróiseáil a rátáil mar nialas, ar choinníoll go gcomhlíonann na hábhair sin na coinníollacha uile seo a leanas:

(i) ní chomhlíonann siad na sainmhínithe ar RFNBOnna, RCFanna ná breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin;

(ii) táirgeadh iad i suiteáil eile a chumhdaítear le Treoir 2003/87/CE;

(iii) bhí CO_2 ceangailte go ceimiceach chun na hábhair a tháirgeadh;

(iv) chuir an tsuiteáil a d'astaigh an CO_2 i bpointe (iii) an CO_2 sin san áireamh ina tuarascáil astaíochtaí bhliantúil;

(v) nach gcomhlíonann sonraíocht táirge a liostaítear sa Rialachán tarmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 12(3b) de Threoir 2003/87/CE.';

(h) cuirtear isteach an Roinn 4.7 seo a leanas:

'4.7 **Leibhéil don chodán RFNBO nó RCF nó don chodán sintéiseach ísealcharbóin**

Úsáidfear na leibhéil a shainmhínítear i Roinn 2.5 den Iarscríbhinn seo.';

(49) leasaítear Iarscríbhinn IIa mar a leanas:

(a) i Roinn 2.1, cuirtear an dara fomhír isteach tar éis na chéad fhomhíre:

'I gcás ina ndéantar codán RFNBO nó RCF nó codán sintéiseach ísealcharbóin a chinneadh le haghaidh breosla measctha, bainfidh na leibhéil a shainítear leis an réamhfhachtóir astaíochta';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 2.3a:

'2.3a **Leibhéil le haghaidh codán RFNBO nó RCF nó codán sintéiseach ísealcharbóin**

Leibhéal 1: Cinnfidh an t-oibreoir codán RFNBO nó RCF nó codán sintéiseach ísealcharbóin ar bhonn an chórais cothromúcháin maise i gcomhréir le hAirteagal 30(1) de Threoir (AE) 2018/2001.

I gcás ina nglacann oibreoir le codán iontaise 100 % i gcomhréir le hAirteagal 39a(1) den Rialachán seo, ní shannfar aon leibhéal don chodán RFNBO nó RCF nó don chodán sintéiseach ísealcharbóin.';

(50) in Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'**Modheolaíochtaí faireacháin le haghaidh astaíochtaí ón eitlíocht (Airteagal 53)**';

(51) cuirtear isteach na hIarscríbhinní IIIa agus IIIb seo a leanas:

'

IARSCRÍBHINN IIIa

Modheolaíochtaí faireacháin le haghaidh éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 (Airteagal 56a)

1. SAINMHÍNITHE A BHAINEANN LE hÉIFEACHTAÍ EITLÍOCHTA NEAMH-CO_2

1. ciallaíonn 'faisnéis eitilte' ar a laghad an glao-chomhartha dá bhforáiltear in Airteagal 51 den Rialachán seo, lá agus am imeachta agus teachta na heitilte, arna shloinneadh in Am Uilíoch Lárnach (AUL) agus i gcóid ICAO agus/nó in aitheantóirí suímh an Chomhlachais Aeriompair Idirnáisiúnta (IATA) le haghaidh aerfoirt tionscnaimh agus aerfoirt cinn scríbe lenar féidir an eitilt ar leith a shainaithint go huathúil;

2. ciallaíonn 'faisnéis faoi chéim na heitilte' na sonraí a roinnt (e.g. suíomh 4D aerárthaigh, sreabhadh breosla) de réir céimeanna eitilte oibríochtúla (éirí de thalamh, dreapadh, cúrsáil, etc.);

3. ciallaíonn 'imchlúdach eitilte oibríochta' teorainneacha airde, luais aerárthaigh, agus lódfhachtóra le haghaidh gach céime eitilte;

4. ciallaíonn 'fíor-aerluas' luas an aerárthaigh i gcoibhneas leis an aermhais trína n-eitlíonn sé, i méadair in aghaidh an tsoicind (m/s);

5. ciallaíonn 'suíomh 4D aerárthaigh' suíomh ceathairthoiseach aerárthaigh mar a shainmhínítear lena dhomhanleithead, i gcéim dheachúil; domhanfhad, i gcéim dheachúil; agus airde, in airde brú, ag am ar bith idir tús agus deireadh na heitilte;

6. ciallaíonn 'stampa ama' roghbhlúire sonraí (e.g. suíomh 4D aerárthaigh, sreabhadh breosla) a chomhfhreagraíonn d'aon tráth áirithe ama, i soicindí, le linn eitilte agus atá le breithniú in éineacht le heatramh ama;

7. ciallaíonn 'eatramh ama' an t-am, i soicindí, idir dhá stampa ama le linn na heitilte, nach faide ná 60 soicind;

8. ciallaíonn 'plean eitilte is déanaí' an plean eitilte is déanaí atá ar fáil agus atá aitheanta ag an tseirbhís aerloingseoireachta ábhartha le haghaidh eitilt ar leith, sula dtarlaíonn sé. D'fhéadfadh Samhail Rialaithe Oirbheartaíochta um Thrácht Eitilte (RTFM) EUROCONTROL a bheith sa phlean eitilte is déanaí, nó de rogha air sin, Samhail Eitilte Oirbheartaíochta Chomhdaithe (FTFM) Eurocontrol nó a coibhéis ó thaobh cruinneas sonraí de;

9. ciallaíonn 'ruthag eitilte a eitlíodh' an ruthag a leanann an t-aerárthach óna phointe tionscnaimh (imeacht) go dtí a cheann scríbe (teacht isteach), arb é atá ann na stampaí ama uile a thaifeadtar le linn na heitilte. Is féidir an ruthag eitilte a eitlíodh a fháil ó threalamh an taifeadáin sonraí eitilte nó ó thríú páirtí. Ba cheart a chruinneas a bheith coibhéiseach, i gcás inar féidir, le Samhail Reatha Eitilte Oirbheartaíochta EUROCONTROL (CTFM);

10. 'trealamh taifeadáin sonraí eitilte', gaireas speisialaithe leictreonach atá suiteáilte ar an aerárthach chun paraiméadair agus imeachtaí éagsúla a thaifeadadh le linn oibríochtaí eitilte. Féadfar ionchuir rialaithe eitilte, faisnéis maidir le feidhmíocht aerárthaí, sonraí innill, faisnéis loingseoireachta a áireamh ar na paraiméadair sin, ach gan a bheith teoranta dóibh.

11. ciallaíonn 'athróga radantacha tríthoiseacha' líon na n-athróg amhail dlús flosc radantach, rátaí téimh radantacha, lena ndéantar cur síos ar an gcaoi a n-athraíonn an radaíocht ar fud an spáis, lena n-áirítear dromchla agus atmaisféar an Domhain, agus ar an gcaoi a n-athraíonn sí le himeacht ama;

12. ciallaíonn 'brú' an fórsa, i bPascail (Pa), arna fheidhmiú ag meáchan an aeir san atmaisféar os cionn pointe áirithe ina bhfuil an t-aerárthach suite ag aon nóiméad áirithe ama le linn eitilte agus athróga radantacha tríthoiseacha á dtabhairt san áireamh;

13. ciallaíonn 'aertheocht chomhthimpeallach' teocht an aeir, i gceilviní (K), timpeall ar aerárthach ag aon tráth áirithe ama le linn na heitilte agus a thugtar le haghaidh athróga radaitheacha tríthoiseacha;

14. ciallaíonn ‘bogthaise shonrach’ an cóimheas idir gal uisce in aghaidh an chileagraim d’aermhais iomlán (kg/kg) a bhaineann le haerárthach ag aon am áirithe le linn eitilte agus a thugtar le haghaidh athróga radaíochta tríthoiseacha;

15. ciallaíonn ‘Atmaisféar Caighdeánach Idirnáisiúnta (ISA)’ caighdeán ar féidir an t-atmaisféar iarbhír a chur i gcomparáid leis ag pointe agus tráth ar bith, ar bhonn luachanna sonracha brú, dlúis, agus teochta ag meánleibhéal na mara, a laghdaíonn gach ceann acu le méadú ar airde;

16. ciallaíonn ‘sonraí aimsire bunúsacha’ an chatagóir faisnéise ina gcuimsítear le haghaidh gach eitilte, an brú, teocht chomhthimpeallach an aeir agus an bhogthaise shonrach ar a laghad, a úsáidtear sna modúil measta dó breosla agus astaíochtaí. Anseo, is féidir na luachanna sin a mheas, ar a laghad, trí cheartú caighdeánaithe atá ag brath ar airde agus/nó is féidir iad a bhunú ar bhreathnóireachtaí iaroibríochtúla tríú páirtí;

17. ciallaíonn ‘bogthaise choibhneasta i dtaca le hoighear’ tiúchan an ghaluisce, mar chéatadán, atá san aer i gcomparáid lena thiúchan ag pointe sáithithe an oighir;

18. ciallaíonn ‘gaoth thoir agus thuaidh’ luas cothrománach an aeir a ghluaiseann i dtreo an Oirthir nó an Tuaiscirt, i méadair in aghaidh an tsoicind, ag aon am áirithe le linn eitilte agus a thugtar le haghaidh athróga radantacha tríthoiseacha;

19. ciallaíonn ‘treoluas ingearach’ luas na haerghluaisne i dtreo aníos nó síos (i Pa/s), i gcás ina léiríonn luachanna diúltacha an treoluais ingearaigh gluaisne aníos. Is gá ríomh a dhéanamh, e.g., trasiompar agus fiaradh gaoithe;

20. ciallaíonn ‘sainchion uisce néaloighir’ mais na gcáithníní néaloighir in aghaidh an chileagraim de mhais iomlán an aeir tais (kg/kg) timpeall ar aerárthach ag aon tráth áirithe ama le linn eitilte agus a thugtar le haghaidh athróga radantacha tríthoiseacha;

21. ciallaíonn ‘geophoitéinseal’ an neart réimse imtharraingteach a bhíonn ag aerárthach ag airdí éagsúla, ag aon am áirithe le linn eitilte, i méadair chearnacha in aghaidh an tsoicind chearnaithe (m^2/s^2) agus a thugtar le haghaidh athróga radantacha tríthoiseacha;

22. ciallaíonn ‘radaíocht fadtoinne amach’ an radaíocht iomlán a astaíonn córas atmaisféir an domhain chuig an spás, in $W/m^{2,}$ ag aon am áirithe le linn eitilte agus a thugtar le haghaidh athróga radaíochta tríthoiseacha;

23. ciallaíonn ‘grianradaíocht fhrithchaite’ an chuid sin de sholas na gréine a fhrithchaitear ar ais sa spás ag dromchla, scamaill, aerasóil agus cáithníní atmaisféaracha eile an Domhain, in $W/m^{2,}$ ag aon am áirithe le linn eitilte agus a thugtar le haghaidh athróga radantacha tríthoiseacha;

24. ciallaíonn ‘radaíocht dhíreach ghréine’ an chuid de sholas na gréine a shroicheann dromchla an Domhain go díreach ón nGrian gan í a bheith scaipthe ná frithchaite ag an atmaisféar ná ag na scamaill, in $W/m^{2,}$ ag aon am áirithe le linn eitilte agus tugtha le haghaidh athróga radantacha tríthoiseacha;

25. Tagraíonn ‘samhail tagartha chomhchoiteann Tuartha Uimhriúil Aimsire (TUA)’ do chóras ríomhaireachtúil a úsáidtear sa mheitéareolaíocht, ina bhfuil algartaim agus foirmlithe matamaiticiúla a chuirtear chun feidhme i mbogearraí, atá deartha chun dálaí atmaisféaracha a ionsamhlú agus a thuar thar fhearann sainithe spásúil agus ama (eangach spásúil). I gcás na sonraí aimsire breisithe, cuireann an Coimisiún samhail tagartha chomhchoiteann TUA ar fáil trí NEATS;

26. ciallaíonn ‘sonraí aimsire breisithe’ an chatagóir faisnéise athghrúpála le haghaidh gach eitilte, an brú, teocht chomhthimpeallach an aeir, an bhogthaise shonrach, an bhogthaise choibhneasta thar oighear, an ghaoth thoir agus thuaidh, an treoluas ingearach, an sainchion uisce néaloighir, an geophoitéinseal, an tonnfhad amach, radaíocht dhíreach na gréine agus na gréine frithchaite, a ghlactar mar ionchur ó shamhail tagartha chomhchoiteann TUA, arna soláthar ag an gCoimisiún trí NEATS;

27. ciallaíonn ‘aitheantóir innill’ uimhir aitheantóra uathúil an innill aerárthaigh mar atá i mbunachar sonraí astaíochtaí innill ICAO, nó a coibhéis, lenar féidir na hinnill a ghabhann leis an aerárthach a shainaithint gan iomrall, trí liostaí caighdeánaithe a aithnítear go hidirnáisiúnta;

28. ciallaíonn ‘mais aerárthaigh’ mais an aerárthaigh i gcileagraim feadh an ruthaig, arb ionann í agus an breosla a dhóitear le linn eitilte ag aon tráth áirithe a dhealú ón mais éirí de thalamh. Mura bhfuil mais an aerárthaigh ar fáil, is féidir í a neasú ar bhonn na maise éirí de thalamh nó ar an lódfhachtóir, agus ar bhonn an tsreabhfa breosla ar leith nó an tsreafa breosla mar a ríomhtar le hionsamhlú feidhmíochta aerárthaigh agus úsáid á baint as an modúl dó breosla;

29. ciallaíonn ‘mais éirí de thalamh’ mais an aerárthaigh ag tús an chúrsa éirí de thalamh, lena n-áirítear gach rud agus gach duine a iompraítear an tráth sin, i gcileagraim. Úsáidtear é chun mais an aerárthaigh a neasú mura soláthraítear mais an aerárthaigh. Mura bhfuil an mhais éirí de thalamh ar fáil, is féidir í a neasú ar bhonn an lódfhachtóir;

30. ciallaíonn ‘uasmhais éirí de thalamh’ an uasmhais, i gcileagraim, ag a gceadaítear do phíolóta aerárthaigh éirí de thalamh, mar atá sonraithe ag monaróir an aerárthaigh;

31. is éard is ‘uasmhais phálasta’ ann an t-uasmhais paisinéirí agus an bagáiste gaolmhar, mais an lastais, lena n-áirítear post agus bagáiste láimhe, is féidir le haerárthach a iompar. Is féidir leis an modúl dóite breosla a chuirtear i bhfeidhm luachanna don phálasta uasta a aisghabháil;

32. ciallaíonn ‘fachtóir ualaigh’ meáchan paisinéirí, lasta agus bagáiste, lena n-áirítear post agus bagáiste láimhe, arna shloinneadh mar chodán den uasmhais phálasta. Úsáidtear an lódfhachtóir chun an mhais éirí de thalamh a neasú mura soláthraítear an mhais sin. Mura bhfuil an lódfhachtóir ar fáil, úsáidfear luach coimeádach réamhshocraithe, i gcomhréir le hIarscríbhinn IIIa, Roinn 5;

33. ciallaíonn ‘sreabhadh breosla’ mais an bhreosla i gcileagraim a théann trí chóras breosla an aerárthaigh agus isteach in innill an aerárthaigh in aghaidh an tsoicind le linn na heitilte. Is féidir é a shamhaltú le linn pleanáil eitilte, a thomhas le linn eitilte, nó a mheas trí mhodúl dóite breosla;

34. ciallaíonn ’éifeachtúlacht innill aerárthaigh’ an céatadán de shá úsáideach a ghineann inneall aerárthaigh i gcoibhneas leis an ionchur fuinnimh ó bhreosla;

35. ciallaíonn ‘feidhmíocht aerárthaigh’ an chatagóir faisnéise ina gcuimsítear sreabhadh breosla agus éifeachtúlacht innill aerárthaigh le stampaí uile-ama;

36. ciallaíonn ‘cóimheas hidrigine agus carbóin (H/C) an bhreosla in aghaidh na heitilte’ líon na n-adamh hidrigine (H) in aghaidh an adaimh carbóin (C) in aghaidh mhóilín an bhreosla a úsáidtear in aghaidh na heitilte;

37. ciallaíonn ‘cion aramatach an bhreosla in aghaidh na heitilte’ céatadán na hidreacarbón aramatach atá sa bhreosla a úsáidtear in aghaidh na heitilte;

38. ciallaíonn ‘airíonna breosla na heitilte’ an chatagóir faisnéise ina gcuimsítear le haghaidh gach eitilte cóimheas an hidrigin in aghaidh an charbóin, an cion aramatach, agus glanluach calrach an bhreosla ar bord;

2. CÓRAS RIANAITHE ÉIFEACHTAÍ NEAMH-CO_2 (NEATS)

Cuireann an Coimisiún NEATS ar fáil d’oibreoirí aerárthaí, d’fhíoraitheoirí creidiúnaithe agus d’údaráis inniúla chun faireachán, tuairisciú agus fíorú ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 a éascú agus, a mhéid is féidir, a uathoibriú, chun aon ualach riaracháin a íoslaghdú.

Tá NEATS ailínithe leis na prionsabail a bhunaítear in Airteagal 75(1) den Rialachán seo agus soláthraíonn sé comhéadan úsáideora tiomnaithe slán in aghaidh an oibreora aerárthaí, an fhíoraitheora agus an údaráis inniúil.

Monatóireacht:

Le NEATS, déantar an próiseas faireacháin a chuíchóiriú toisc go n-ionchorpraítear ann go díreach ruthaig eitilte agus sonraí aimsire arna mbailiú ag tríú páirtí atá ar fáil, nó go dtugtar rochtain orthu, rud a fhágann gur féidir le hoibreoirí aerárthaí faireachán ar airíonna aerárthaigh a íoslaghdú, chomh maith le hairíonna breosla, i gcás inar gá, mar a shainítear in Iarscríbhinn IIIa, Roinn 1 nó chun é a dhéanamh go hiomlán uathoibríoch ag brath ar úsáid luachanna réamhshocraithe.

Ionchorpraítear in NEATS na cuir chuige ríofa CO_2(e) mar a liostaítear i mír 4 d’Airteagal 56a den Rialachán seo agus soláthraítear samhail tagartha chomhchoiteann TUA, i gcás ina bhfuil gá le sonraí aimsire breisithe (Modh C). Mar thoradh air sin, ríomhtar CO_2(e) in aghaidh na heitilte mar chuid de na sonraí a ndearnadh faireachán orthu.

Tuairisciú:

Le NEATS déantar an cleachtadh tuairiscithe dá dtagraítear in Airteagal 68(5) den Rialachán seo a chuíchóiriú. Gineann an uirlis an tábla XML dá dtagraítear in Iarscríbhinn X, Roinn 2a(9) a ghabhann leis an Rialachán seo go huathoibríoch ag deireadh gach bliana tuairiscithe, agus an t-ualach riaracháin a bhaineann le tuairisciú á íoslaghdú.

Fíorú:

Le NEATS déantar cuíchóiriú ar an bhfíorú agus ar na cros-seiceálacha a dhéanann an fíoraitheoir agus an t-údarás inniúil faoi seach. Soláthraíonn sé na modhanna chun CO_2(e) in aghaidh na heitilte a fhíorú, agus sonraí rúnda á gcosaint ag an am céanna.

Stóráil sonraí:

Le NEATS is féidir na sonraí uile a stóráil (ó oibreoirí aerárthaí agus ó thríú páirtithe), iad a ionchódú go slán agus iad a chosaint ar scaoileadh sonraí rúnda, i gcás ina ndéanann an t-oibreoir aerárthaí na sonraí sin a uaslódáil ar NEATS, fad a shainaithníonn an t-oibreoir aerárthaigh gur sonraí rúnda iad.

Trédhearcacht:

Braitheann NEATS ar shamhlacha úrscothacha chun CO_2(e) a ríomh le haghaidh éifeachtaí neamh-CO_2. Féadfaidh oibreoirí aerárthaí a gcuid uirlisí féin a fhorbairt nó uirlisí tríú páirtí a úsáid, ar choinníoll go gcomhlíonann siad na ceanglais a leagtar síos san Iarscríbhinn seo.

Cuirfidh NEATS le suíomh gréasáin poiblí ina ndéanfar achoimre ar na sonraí neamhrúnda agus CO_2(e) in aghaidh na heitilte agus in aghaidh an oibreora aerárthaí.

3. MODÚL MEASTA DÓ BREOSLA AGUS ASTAÍOCHTAÍ LE hAGHAIDH ÉIFEACHTAÍ EITLÍOCHTA NEAMH-CO_2

Modúl dóite breosla:

Tá an modúl dóite breosla ar bhonn cur chuige cinéiteach maidir le samhaltú feidhmíochta aerárthaí, lena gcumasaítear ruthaig aerárthaí agus an t-ídiú breosla gaolmhar a thuar go cruinn thar imchlúdach eitilte iomlán na hoibríochta agus i ngach céim d'eitilt. Próiseálann an tsamhail na bunphrionsabail theoiriciúla chun paraiméadair feidhmíochta aerárthaigh a ríomh, lena n-áirítear faisnéis maidir le tarraing, ardaitheoir, meáchan, sá, ídiú breosla, chomh maith leis na luasanna do chéimeanna dreaptha, cúrsála agus ísliúcháin aerárthaigh, ag glacadh leis go ndéantar gnáthoibríochtaí aerárthaigh. Ina theannta sin, is príomhionchuir sonraí iad comhéifeachtaí a bhaineann go sonrach le haerárthaí chun pleanáil ruthaig eitilte cineálacha sonracha aerárthaí a ríomh.

Modúl measta astaíochtaí:

Leis an modúl measta astaíochtaí, cumasaítear astaíochtaí innill aerárthaí NOx, HC, agus CO a ríomh trí bhíthin cothromóidí comhghaoil gan samhlacha feidhmíochta dílseánaigh eitleáin agus innill mar aon le tréithrithe astaíochtaí dílseánaigh innill. Leis an modúl seo, cuirtear innéacsanna astaíochtaí sceite (EIanna) i bhfeidhm ó dheimhniú cineáil innill ICAO faoi dhálaí tagartha réamhshainithe ar an talamh agus déantar meastachán ar na EInna comhfhreagracha le linn dálaí eitilte ag glacadh leis go bhfuil dálaí caighdeánacha idirnáisiúnta atmaisféir (ISA) ann agus úsáid á baint as fachtóirí ceartúcháin le haghaidh difríochtaí i ndálaí teochta, brú agus bogthaise ISA.

4. CO_2(e) SAMHLACHA RÍOFA ÉIFEACHTAÍ RÍOFA CO_2

Critéir ghinearálta:

Sna samhlacha ríofa CO_2(e), breithneoidh an t-oibreoir aerárthaigh éifeachtaí aeráide gach gníomhaire neamh-CO_2 in aghaidh na heitilte lena n-áirítear ruthaig eitilte (plean eitilte agus ruthaig eitilte a eitlíodh), chomh maith le hairíonna aerárthaí agus breosla na heitilte. Cuirfear na hastaíochtaí ó gach eitilt san áireamh mar bhíog-astaithe gáis. Agus samhlacha ríofa CO_2(e) á gcur i bhfeidhm, úsáidfear sonraí maidir le hastaíochtaí aerárthaigh atá spleách ar ruthag eitilte chun na heilimintí uile seo a leanas a ríomh:

(a) athruithe ar chomhdhéanamh;

(b) éabhlóid ama fórsála radantaí de bharr athruithe ar chomhdhéanamh;

(c) athruithe ar an teocht gar don dromchla arb iad astaíochtaí aerárthaigh atá spleách ar an ruthag eitilte is cúis leo.

Coinneofar iarrachtaí riaracháin agus ríomhaireachta íseal chun indéantacht a áirithiú do na geallsealbhóirí uile. Beidh an tsamhail/na samhlacha trédhearcach agus oiriúnach le haghaidh úsáid oibríochtúil.

Ag brath ar an tsamhail, tá dhá chineál liostaí riachtanas ann:

Modh C:

Maidir leis an gcur chuige aimsirbhunaithe, breithneofar éifeachtaí aeráide mionsonraithe na n-astaíochtaí uile ó aerárthaí neamh-CO_2 ag suíomh sonrach agus ag am sonrach agus faisnéis aimsire reatha á cur san áireamh chun ruthaig cheithrethoiseacha atá optamaithe don aeráid a ríomh le haghaidh pleanáil eitilte aonair. Chun gur féidir cuntas mionsonraithe a thabhairt ar éifeachtaí aeráide maidir le dálaí atmaisféaracha reatha, déanfar aerárthaí éagsúla, cineálacha tiomána éagsúla, chomh maith le hairíonna breosla a mheas go sainráite sna samhlacha. Áireofar meastacháin maidir le foirmiú, saolré agus éifeachtaí aeráide conaire chomhdhlúthaithe le haghaidh eitiltí aonair chomh maith leis na hamanna cónaithe le haghaidh H_2O agus NO_x a astaítear agus a dtionchar ar chomhdhéanamh an atmaisféir. Chun bheith in ann ardfhaisnéis a aschur lena húsáid i bpleanáil eitilte laethúil, beidh an tsamhail/na samhlacha éifeachtúil ar bhonn ríomhaireachtúil.

Déanfaidh gach oibreoir aerárthaí faireachán ar na sonraí seo a leanas in aghaidh na heitilte:

(a) faisnéis eitilte;

(b) an ruthag eitilte, arna shainiú ar a laghad mar an plean eitilte is déanaí;

(c) sonraí aimsire breisithe;

(d) airíonna aerárthaigh;

(e) (roghnach) faisnéis maidir le feidhmíocht aerárthaí. Tá tús áite le tabhairt do shreabhadh breosla pleanáilte, chun ailíniú leis na sonraí is déanaí atá ar fáil maidir leis an bplean eitilte;

(f) airíonna breosla na heitilte.

Modh D:

Maidir leis an gcur chuige suíomhbhunaithe simplithe, úsáidfidh an t-oibreoir aerárthaigh samhail/samhlacha freagartha aeráide chun meastachán a dhéanamh ar thionchar na n-éifeachtaí neamh-CO_2 uile in aghaidh na heitilte ar bhonn clíomeolaíochta. Úsáidfear an uirlis/na huirlisí chun measúnú a dhéanamh ar thairbhe aeráide na roghanna ródúcháin ginearálta, agus difríochtaí ginearálta in aerárthaí, i gcineálacha tiomána agus in airíonna breosla á gcur san áireamh trína bparaiméadaruithe fisiceacha. Le CO_2(e) arna ríomh leis an gcur chuige suíomhbhunaithe simplithe, déanfar aon diallta móra le haghaidh eitiltí aonair thar thréimhse níos faide a mheánú. Ba cheart go n-áiritheodh an tsamhail/na samhlacha iarrachtaí laghdaithe maidir le riachtanas, ríomh agus láimhseáil sonraí, i gcomparáid leis an tsamhail/na samhlacha don chur chuige aimsirbhunaithe.

De mhaolú ar Mhodh C, féadfaidh astaírí beaga, mar atá sainmhínithe in Airteagal 55(1) den Rialachán seo, faireachán a dhéanamh ar na sonraí seo a leanas in aghaidh na heitilte:

(a) faisnéis eitilte;

(b) ruthag eitilte, arna shainiú ag an ruthag eitilte a eitlíodh;

(c) sonraí aimsire bunúsacha;

(d) airíonna aerárthaigh;

(e) faisnéis maidir le feidhmíocht (roghnach) an aerárthaigh feadh na heitilte;

(f) airíonna breosla na heitilte (roghnach).

5. LUACHÁLACHA RÉAMHSHOCRAITHE A ÚSÁID LE HAGHAIDH ÉIFEACHTAÍ EITLÍOCHTA NEAMH-CO_2

Faoi réir grinnscrúdú breise ag an údarás inniúil agus ag an gCoimisiún, beidh CO_2(e) níos airde in aghaidh na heitilte i gcónaí mar thoradh ar luachanna réamhshocraithe a úsáid i gcomparáid leis an méid is féidir a fháil le sonraí a ndéantar faireachán orthu.

1. Ruthag eitilte:

   (a) Chun Modh C a chur i bhfeidhm, soláthrófar an plean eitilte is déanaí. Mura bhfuil RTFM, nó a choibhéis, ar fáil, úsáidfear FTFM, nó a choibhéis mar réamhshocrú. Sa chás sin, i gcás nach bhfuil sonraí de réir stampa ama ar fáil, is féidir iad a ríomh trí idirshuíomh líneach na sonraí tomhaiste a eascraíonn as an dá uair tomhais is gaire roimh an stampa ama atá á mheas agus ina dhiaidh, laistigh den chéim eitilte chéanna, ar choinníoll go mbeidh ruthag eitilte aonchineálach ann dá bharr le haghaidh na céime eitilte atá i gceist, go háirithe an chéim chúrsála.

   (b) Chun críoch Modh D a chur i bhfeidhm:

      (i) soláthrófar an ruthag eitilte a eitlíodh i gcónaí. Mura bhfuil CTFM, nó a choibhéis, ar fáil, is féidir an RTFM nó FTFM a úsáid.

(ii) i gcás nach bhfuil sonraí de réir stampa ama ar fáil, is féidir iad a ríomh trí idirshuíomh líneach na sonraí tomhaiste a eascraíonn as an dá thréimhse tomhais is gaire roimh an stampa ama atá á mheas agus ina dhiaidh, laistigh den chéim eitilte chéanna, ar choinníoll go mbeidh ruthag eitilte aonchineálach ann dá bharr le haghaidh na céime eitilte atá i gceist, go háirithe an chéim chúrsála.

2. Airíonna an aerárthaigh:

(a) Aitheantóir an innill: i gcás nach soláthraítear aitheantóir innill nó a choibhéis, úsáidfear luachanna réamhshocraithe coimeádacha in aghaidh chineál an aerárthaigh, mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IIIb a ghabhann leis an Rialachán seo.

(b) Maisan aerárthaigh: mura soláthraítear mais an aerárthaigh, is féidir leis an oibreoir aerárthaigh mais an aerárthaigh a ionsamhlú tríd an mais éirí de thalamh a úsáid. Mura bhfuil mais an aerárthaigh ná an mhais éirí de thalamh ar fáil, is féidir an lódfhachtóir a úsáid chun an mhais éirí de thalamh a neasú. Mura soláthraítear lódfhachtóir, úsáidtear luach réamhshocraithe 1.

3. Feidhmíocht an aerárthaigh:

Sreabhadh breosla: mura soláthraítear an sreabhadh breosla ón trealamh taifeadáin sonraí eitilte, féadfaidh an t-oibreoir aerárthaí modhanna eile a úsáid chun an sreabhadh breosla a dhíorthú, i gcomhréir le hIarscríbhinn IIIa, Roinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo lena sainítear sreabhadh breosla, agus an sá a bhraitheann ar mhais agus ar fhíor-aerluas an aerárthaigh á chur san áireamh.

4. Airíonna breosla eitilte:

Mura soláthraítear aon airíonna breosla eitilte, glactar leis gurb iad seo a leanas uasteorainneacha bhreosla Scaird A-1 de réir Shonraíocht Chaighdeánach ASTM le haghaidh Breoslaí Tuirbín Eitlíochta:

(a) Ábhar aramatach: 25 % toirte;

(b) Sulfar: mais 0,3 %;

(c) Naftailéin: 3,0 % toirte.

IARSCRÍBHINN IIIb

Sainaitheantóirí innill réamhshocraithe coimeádacha in aghaidh an chineáil aerárthaigh

ICAO	**An chéad UID**
A148	13ZM003
A19N	01P22PW163
A20N	01P22PW163
A21N	01P20CM132
A306	1PW048
A30B	1GE007
A310	1PW027
A318	7CM049
A319	1IA001
A320	1IA001
A321	3IA008
A332	4PW067
A333	4PW067
A337	3RR029
A338	04P24RR146
A339	02P23RR141
A343	2CM015
A346	8RR045
A358	01P18RR125
A359	01P21RR125
A35K	01P21RR125
A388	9EA001
A3ST	1GE021
AN72	1ZM001
B38M	01P20CM138
B39M	01P20CM138
B463	1TL003
B701	1PW001
B703	1PW001
B721	1PW008
B731	01P20CM138
B732	1PW008
B733	1CM007
B734	1CM007
B735	1CM007
B736	3CM031

B737	2CM015
B738	2CM015
B739	3CM034
B741	8PW088
B742	1RR011
B743	1PW029
B744	1RR010
B748	13GE157
B74S	8PW088
B752	1RR011
B753	3RR034
B762	1PW026
B763	5GE085
B764	5GE085
B772	3GE060
B773	2RR024
B77L	01P21GE217
B77W	01P21GE217
B778	01P21GE217
B779	01P21GE217
B788	02P23RR138
B789	02P23RR138
B78X	02P23RR138
BCS1	16PW111
BCS3	16PW111
C550	1PW037
C560	1PW037
C650	1AS002
C680	7PW077
C68A	7PW077
C700	01P18HN013
C750	6AL024
CL30	11HN003
CL35	01P14HN011
CL60	10GE130
CRJ2	01P05GE189
CRJ7	01P11GE202
CRJ9	01P08GE190
CRJX	01P08GE193
E135	01P10AL033

E145	6AL006
E170	01P08GE197
E190	10GE130
E195	10GE130
E290	04P20PW200
E295	04P20PW201
E35L	6AL006
E545	11HN003
E550	01P14HN016
E55P	01P14HN016
E75L	01P08GE197
E75S	01P08GE197
F100	1RR020
F2TH	01P07PW146
F900	1AS001
FA10	1AS002
FA50	1AS002
FA7X	03P16PW192
FA8X	03P15PW193
G280	01P11HN012
GA5C	01P22PW142
GA6C	01P22PW141
GALX	7PW077
GL5T	4BR004
GL7T	21GE185
GLEX	4BR004
GLF4	11RR048
GLF5	4BR004
GLF6	4BR004
H25B	1AS001
H25C	7PW077
HA4T	01P07PW146
IL62	1KK001
IL86	1KK003
LJ35	1AS001
LJ45	1AS002
LJ55	1AS002

MD11	5GE085
MD90	1IA001
RJ85	1TL004
SU95	01P11PJ004
T154	1KK001’

(52) leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) cuirtear é seo a leanas in ionad theideal Roinn 2:

‘MÍNGHLANADH OLA MAR A LIOSTAÍTEAR IN IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LE TREOIR 2003/87/CE’;

(b) leasaítear Roinn 5 mar seo a leanas:

(1) cuirtear é seo a leanas in ionad theideal Roinn 5:

‘TÁIRGEADH IARAINN AGUS CRUACH MAR A LIOSTAÍTEAR IN IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LE TREOIR 2003/87/CE’;

(2) i Roinn 5, pointe (B), an chéad mhír, cuirtear ‘iarann’ in ionad an téarma ‘muciarann’;

(c) i Roinn 6, pointe (A), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

‘Ní chuirfidh an t-oibreoir na forálacha sa roinn seo i bhfeidhm maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí CO_2 ó tháirgeadh iarainn agus cruach agus alúmanaim phríomhúil.’;

(d) leasaítear Roinn 7 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid a seo a leanas in ionad an teidil:

‘ASTAÍOCHTAÍ CO_2 Ó THÁIRGEADH NÓ Ó PHRÓISEÁIL ALÚMANAIM PHRÍOMHÚIL NÓ ALÚMANA MAR A LIOSTAÍTEAR IN IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LE TREOIR 2003/87/CE’;

(ii) i bPointe (A), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre agus an dara mír:

‘Cuirfidh an t-oibreoir forálacha na roinne seo i bhfeidhm maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí CO_2 ó tháirgeadh alúmana (Al_2O_3), táirgeadh leictreoidí le haghaidh bruithniú alúmanaim phríomhúil, lena n-áirítear gléasraí neamhspleácha chun leictreoidí den sórt sin a tháirgeadh, agus ídiú leictreoidí le linn leictrealaithe.

Breithneoidh an t-oibreoir na foinsí féideartha seo a leanas ar a laghad le haghaidh astaíochtaí CO_2: breoslaí chun teas nó gal a tháirgeadh, táirgeadh Al_2O_3, táirgeadh leictreoidí, laghdú Al_2O_3 le linn leictrealú a bhaineann le hídiú leictreoidí, agus úsáid luatha sóide nó carbónáití eile le haghaidh sciúradh dramhgháis.’;

(e) i Roinn 10, pointe (A), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

‘I gcás ina n-úsáidtear an t-aol dóite agus an CO_2 a eascraíonn as an aolchloch le haghaidh próisis íonúcháin, measfar an CO_2 a bheith astaithe, mura bhfuil an CO_2 ceangailte i dtáirge a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 49a(1) den Rialachán seo.’;

(f) i Roinn 17, pointe (B), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

‘I gcás ina n-úsáidtear CO_2 ó tháirgeadh amóinia mar bhunábhar chun úiré nó ceimiceáin eile a tháirgeadh, nó i gcás ina n-aistrítear as an tsuiteáil é le haghaidh aon úsáid nach gcumhdaítear le hAirteagal 49(1) den Rialachán seo, measfar go bhfuil an méid gaolmhar CO_2 á astú ag an tsuiteáil a tháirgeann CO_2, mura rud é go bhfuil an CO_2 ceangailte i dtáirge a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 49a(1) den Rialachán seo.’;

(g) leasaítear Roinn 20 mar seo a leanas:

(i) i bPointe (A), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (b) agus (c):

'(b) amhábhair, lena n-áirítear gás gaothaire ó chailcíniú aolchloiche;

(c) dramhgháis ó chéimeanna níocháin nó scagacháin tar éis carbónúcháin.';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (B):

'B. **Rialacha sonracha faireacháin**

Déanfar faireachán ar astaíochtaí ó phróisis dócháin, lena n-áirítear sciúradh gáis múcháin, i gcomhréir le Roinn 1 den Iarscríbhinn seo. Déanfar faireachán ar astaíochtaí próisis ó chomhpháirteanna amhábhair agus ó bhreiseáin i gcomhréir le Roinn 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Measfar go bhfuil CO_2 idirghabhálach chun luaith shóide a tháirgeadh á astú ag an tsuiteáil a tháirgeann CO_2, mura rud é go bhfuil an CO_2 ceangailte i dtáirge a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 49a(1) den Rialachán seo.';

(h) leasaítear Roinn 21 mar seo a leanas:

(i) i bpointe (A), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Déanfaidh suiteáil thiomnaithe a fhaigheann CO_2 gabháil CO_2 trí aistriú ó shuiteáil amháin eile nó níos mó, nó déanfaidh an tsuiteáil chéanna a dhéanann na gníomhaíochtaí a tháirgeann an CO_2 gafa faoin gcead astaíochtaí gás ceaptha teasa céanna í. Gach cuid den tsuiteáil a bhaineann le gabháil CO_2, agus aistriú chuig bonneagar iompair CO_2 nó chuig láithreán stórála geolaíche astaíochtaí gás ceaptha teasa CO_2, lena n-áirítear aon saoráid choimhdeach atá nasctha go feidhmiúil, amhail stóráil idirmheánach CO_2, treiseoir, leachtú, gásúchán, stáisiúin íonúcháin nó téitheoirí, áireofar iad sa chead astaíochtaí gás ceaptha teasa agus tabharfar cuntas orthu sa phlean faireacháin gaolmhar. I gcás na suiteála a dhéanann gníomhaíochtaí eile a chumhdaítear le Treoir 2003/87/CE, déanfar faireachán ar astaíochtaí na ngníomhaíochtaí sin i gcomhréir leis na ranna ábhartha eile den Iarscríbhinn seo.';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (B):

'B. **Cainníochtú na méideanna CO_2 arna n-aistriú agus arna n-astú**

B.1. *Cainníochtú an leibhéil suiteála*

Déanfaidh gach oibreoir na hastaíochtaí a ríomh trí na hastaíochtaí CO_2 féideartha ó na próisis ábhartha astaíochtaí uile ag an tsuiteáil a chur san áireamh, chomh maith leis an méid CO_2 a ghabhtar agus a aistrítear chuig bonneagar CO_2, ag úsáid na foirmle seo a leanas:

$$E_{\text{suiteáil gabhála}} = T_{\text{ionchur}} + E_{\text{gan ghabháil}} - T_{\text{fle haghaidh stórála}}$$

I gcás inarb amhlaidh:

$E_{\text{uiteáil gabhála}}$ =	Iomlán astaíochtaí gás ceaptha teasa na suiteála gabhála;
T_{ionchur} =	Méid CO_2 arna aistriú chuig an tsuiteáil ghabhála, arna chinneadh ar bhonn sreabh fhoinseach amháin nó níos mó mar chuid de mhodheolaíocht chothromúcháin maise i gcomhréir le hAirteagal 25 nó ar bonn modheolaíocht thomhasbhunaithe i gcomhréir le hAirteagail 40 go 46 agus Airteagal 49 den Rialachán seo.
$E_{\text{gan ghabháil}}$ =	Astaíochtaí na suiteála ag glacadh leis nár gabhadh CO_2, rud a chiallaíonn suim na n-astaíochtaí ó gach gníomhaíocht eile ag an tsuiteáil, a ndéantar faireachán orthu i gcomhréir le ranna ábhartha d'Iarscríbhinn IV, lena n-áirítear Modh B i Roinn 22 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo le haghaidh aon saoráid choimhdeach atá nasctha go feidhmiúil;

$T_{le\ haghaidh\ stórála}$ = An méid CO_2 arna aistriú chuig bonneagar iompair CO_2 nó chuig láithreán stórála, arna chinneadh ar bhonn sreabh fhoinseach amháin nó níos mó mar mhodheolaíocht chothromúcháin maise i gcomhréir le hAirteagal 25 nó ar bhonn modheolaíocht thomhasbhunaithe i gcomhréir le hAirteagail 40 go 46 agus Airteagal 49 den Rialachán seo.

I gcásanna ina ndéanann an tsuiteáil chéanna an ghabháil CO_2 leis an suiteáil as a dtionscnaíonn an CO_2 gafa, úsáidfidh an t-oibreoir nialas le $haghaidh_{ionchur}$ T.

I gcásanna suiteálacha gabhála neamhspleácha, cuirfidh oibreoirí na suiteálacha sin an méid seo a leanas san áireamh:

(a) measfaidh an t-oibreoir go bhfuil $E_{gan\ ghabháil}$ ina léiriú ar an méid astaíochtaí a tharlaíonn ó fhoinsí eile seachas CO_2 a aistrítear chuig an tsuiteáil lena ghabháil. Cinnfidh an t-oibreoir na hastaíochtaí sin i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(b) de mhaolú ar an modheolaíocht faireacháin a thuairiscítear sa roinn seo, féadfaidh an t-oibreoir faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí na suiteála trí Mhodh B a úsáid mar a thuairiscítear i Roinn 22 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.

I gcás suiteálacha gabhála neamhspleácha, déanfaidh oibreoir na suiteála a aistríonn CO_2 chuig an tsuiteáil gabhála an méid $_{ionchuir}$ T a asbhaint ó astaíochtaí a suiteála bunaithe mar shreabh fhoinseach amháin nó níos mó mar atá i modheolaíocht chothromúcháin maise i gcomhréir le hAirteagal 25 nó ar bhonn modheolaíocht thomhasbhunaithe i gcomhréir le hAirteagal 49 den Rialachán seo.

B.2. *CO_2 aistrithe a chinneadh*

Cinnfidh gach oibreoir an méid CO_2 a aistreofar ón tsuiteáil gabhála agus chuici ar bhonn sreabh fhoinseach amháin nó níos mó mar atá i modheolaíocht chothromúcháin maise i gcomhréir le hAirteagal 25 nó ar bhonn modheolaíocht thomhasbhunaithe i gcomhréir le hAirteagail 40 go 46 agus Airteagal 49 den Rialachán seo.';

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 22:

'22. ASTAÍOCHTAÍ GÁS CEAPTHA TEASA Ó IOMPAR CO_2 A CHINNEADH LE hAGHAIDH STÓRÁIL GHEOLAÍOCH I LÁITHREÁN STÓRÁLA ATÁ CEADAITHE FAOI THREOIR 2009/31/CE

A. **Raon**

Leagfar síos na teorainneacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí ó iompar CO_2 i gcead astaíochtaí gás ceaptha teasa bhonneagar iompair CO_2, lena n-áirítear na saoráidí coimhdeacha uile atá nasctha go feidhmiúil leis an mbonneagar iompair, amhail stóráil idirmheánach CO_2, treiseoir, leachtú, gású, stáisiúin íonúcháin nó téitheoirí. Beidh pointe tosaigh amháin agus pointe deiridh amháin ar a laghad ag gach bonneagar iompair, agus gach ceann acu nasctha le suiteálacha eile nó le bonneagar iompair CO_2 a dhéanann ceann amháin nó níos mó de na gníomhaíochtaí: CO_2 a ghabháil, a iompar nó a stóráil go geolaíoch. Féadfar pointí tosaigh agus deiridh a shocrú ag deighilteacha an bhonneagair iompair agus ag teorainneacha náisiúnta. Leagfar síos sa chead astaíochtaí gás ceaptha teasa na pointí tosaigh agus deiridh mar aon leis na suiteálacha nó an bonneagar iompair CO_2 lena bhfuil siad ag nascadh.

Breithneoidh gach oibreoir bonneagair iompair CO_2 na foinsí astaíochtaí féideartha seo a leanas ar a laghad le haghaidh astaíochtaí CO_2: próisis dócháin agus próisis eile ag suiteálacha atá nasctha go feidhmiúil leis an mbonneagar iompair lena n-áirítear stáisiúin treiseora agus stáisiúin leachtaithe; aonaid dócháin, lena n-áirítear aonaid dócháin inmheánaigh i bhfeithiclí iompair CO_2, a mhéid nach bhfuil astaíochtaí faoi réir oibleagáidí tabhairt suas a bhaineann le gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinní I nó III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE sa bhliain tuairiscithe chéanna sin; astaíochtaí éalaitheacha ón mbonneagar iompair; astaíochtaí scaoilte ón mbonneagar iompair; agus astaíochtaí ó theagmhais sceite sa bhonneagar iompair.

CO_2 a iompraítear chun críocha seachas stóráil gheolaíoch i láithreán stórála a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE, ní bheidh siad mar chuid de na teorainneacha chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí ó bhonneagar iompair CO_2. I gcásanna ina n-úsáidtear an bonneagar céanna chun CO_2 a iompar chun críoch iolrach, lena n-áirítear le haghaidh stóráil gheolaíoch i láithreán stórála a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE, ar bhealach nach féidir na coinsíneachtaí éagsúla a idirdhealú, léireoidh oibreoir bonneagair iompair CO_2 é sin sa chead astaíochtaí gás ceaptha teasa agus bunóidh sé modh chun na toirteanna CO_2 arna n-iompar chun críoch eile le haghaidh stóráil gheolaíoch i láithreán stórála a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE a thaifeadadh agus a dhoiciméadú. Déanfaidh oibreoir bonneagair iompair CO_2 faireachán ar astaíochtaí a eascraíonn as an toirt iomlán CO_2 a iompraítear ach tuairisceoidh sé mar astaíochtaí a astaítear an sciar de na hastaíochtaí a chomhfhreagraíonn don toirt CO_2 a iompraítear le haghaidh stóráil gheolaíoch i láithreán stórála a cheadaítear faoi Threoir 2009/31/CE arna roinnt ar an toirt iomlán CO_2 a iompraítear.

B. **Modheolaíochtaí Cainníochta le haghaidh CO_2**

Cinnfidh an t-oibreoir bonneagair iompair CO_2 astaíochtaí trí úsáid a bhaint as ceann de na modhanna seo a leanas:

(a) Modh A (cothromúchán maise foriomlán na sruthanna ionchuir agus aschuir uile) a leagtar amach i bhforoinn B.1;

(b) Modh B (faireachán ar fhoinsí astaíochtaí ina n-aonar) a leagtar amach i bhforoinn B.2.

Cuirfidh an t-oibreoir Modh B i bhfeidhm ach amháin más féidir leis an oibreoir a léiriú don údarás inniúil go dtiocfaidh torthaí níos iontaofa as cur i bhfeidhm Mhodh A le héiginnteacht níos ísle maidir leis na hastaíochtaí foriomlána, agus an teicneolaíocht agus an t-eolas is fearr atá ar fáil á n-úsáid tráth an iarratais ar chead astaíochtaí gás ceaptha teasa agus tráth fhormheas an phlean faireacháin, gan costais mhíréasúnta a thabhú. I gcás ina gcuirtear Modh B i bhfeidhm, léireoidh gach oibreoir chun sástachta an údaráis inniúil nach mó ná 7,5 % an éiginnteacht fhoriomlán maidir le leibhéal bliantúil na n-astaíochtaí gás ceaptha teasa le haghaidh bhonneagar iompair an oibreora.

Ní dhéanfaidh oibreoir bonneagair iompair CO_2 a úsáideann Modh B CO_2 a fuarthas ó shuiteáil eile ná bonneagar iompair CO_2 a cheadaítear i gcomhréir le Treoir 2003/87/CE a chur lena leibhéal ríofa astaíochtaí, agus ní dhéanfaidh sé aon CO_2 a aistrítear chuig suiteáil eile nó bonneagar iompair CO_2 a cheadaítear i gcomhréir le Treoir 2003/87/CE a dhealú óna leibhéal ríofa astaíochtaí.

Úsáidfidh gach oibreoir bonneagair iompair CO_2 Modh A chun torthaí Mhodh B a bhailíochtú uair amháin sa bhliain ar a laghad. Le haghaidh an bhailíochtaithe sin, féadfaidh an t-oibreoir leibhéil níos ísle a úsáid chun Modh A a chur i bhfeidhm.

B.1. **Modh A**

Cinnfidh gach oibreoir astaíochtaí i gcomhréir leis an bhfoirmle seo a leanas:

$$\text{Astaíochtaí [t } CO_2\text{]} = \text{Bonneagar}_{\text{iompair}} E + \sum iT_{ISTEACH,i} - \sum iT_{AMACH,i} - \Delta E_{\text{faoi bhealach}}$$

I gcás inarb amhlaidh:

Astaíochtaí =	Iomlán na n-astaíochtaí CO_2 ón mbonneagar iompair [t CO_2];
$E_{\text{bonneagar iompair}}$ =	Méid CO_2 [t CO_2] ó ghníomhaíocht an bhonneagair iompair féin, rud a chiallaíonn nach n-astaítear astaíochtaí a eascraíonn as CO_2 a iompraítear, ach go n-astaítear iad ó dhóchán nó ó phróisis eile atá nasctha go feidhmiúil leis an mbonneagar iompair, ar a ndéantar faireachán i gcomhréir leis na ranna ábhartha d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo;

$T_{ISTEACH,i}$ = Méid CO_2 arna aistriú chuig an mbonneagar iompair ag pointe iontrála *i*, arna chinneadh ar bhonn sreabh fhoinseach amháin nó níos mó mar chuid de mhodheolaíocht chothromúcháin maise i gcomhréir le hAirteagal 25 nó ar bhonn modheolaíocht thomhasbhunaithe i gcomhréir le hAirteagail 40 go 46 agus Airteagal 49den Rialachán seo.

$T_{AMACH,i}$ = Méid CO_2 arna aistriú amach as an mbonneagar iompair ag pointe imeachta i, arna chinneadh ar bhonn sreabh fhoinseach amháin nó níos mó mar chuid de mhodheolaíocht chothromúcháin maise i gcomhréir le hAirteagal 25 nó ar bhonn modheolaíocht thomhasbhunaithe i gcomhréir le hAirteagail 40 go 46 agus Airteagal 49den Rialachán seo.

$\Delta E_{faoi\ bhealach}$ = Méid CO_2 arna aistriú chuig an mbonneagar iompair ag pointe iontrála *i*, nach n-aistrítear chuig suiteáil eile nó chuig bonneagar iompair CO_2 eile sa tréimhse tuairiscithe chéanna ach faoin sprioc-am a léirítear in Airteagal 49(7) den Rialachán seo sa bhliain tar éis na tréimhse tuairiscithe.Ní chuirfear méideanna comhfhreagracha san áireamh le haghaidh $T_{AMACH,i}$ le haghaidh na tréimhse tuairiscithe ina dhiaidh sin.

B.2. **Modh B**

Cinnfidh gach oibreoir astaíochtaí agus na próisis uile atá ábhartha maidir le hastaíochtaí ag an tsuiteáil chomh maith leis an méid CO_2 a ghabhtar agus a aistrítear chuig an mbonneagar iompair á gcur san áireamh ag úsáid na foirmle seo a leanas:

$$\text{Astaíochtaí } [t\ CO_2] = E_{\text{éalaitheach}} + E_{\text{scaoilte}} + {}_{\text{teagmhais sceite}}E + {}_{\text{bonneagar iompair}}E$$

I gcás inarb amhlaidh:

Astaíochtaí = Iomlán na n-astaíochtaí CO_2 ón mbonneagar iompair [t CO_2];

$E_{éalaitheach}$ = Méid na n-astaíochtaí éalaitheacha [t CO_2] ó CO_2 arna iompar sa bhonneagar iompair, lena n-áirítear ó shéalaí, comhlaí, stáisiúin chomhbhrúiteora idirmheánacha agus saoráidí stórála idirmheánacha;

$E_{scaoilte}$ = Méid na n-astaíochtaí scaoilte [t CO_2] ó CO_2 arna iompar sa bhonneagar iompair;

$E_{sceitheadh\ teagmhais}$ = An méid CO_2 [t CO_2] arna iompar sa bhonneagar iompair, a astaítear mar thoradh ar chliseadh comhpháirt amháin nó níos mó den bhonneagar iompair;

$E_{bonneagar\ iompair}$ = Méid CO_2 [t CO_2] ó ghníomhaíocht an bhonneagair iompair féin, rud a chiallaíonn nach n-astaítear astaíochtaí a eascraíonn as CO_2 a iompraítear, ach go n-astaítear iad ó dhóchán nó ó phróisis eile atá nasctha go feidhmiúil leis an mbonneagar iompair, ar a ndéantar faireachán i gcomhréir leis na ranna ábhartha d'Iarscríbhinn IVa ghabhann leis an Rialachán seo.

B.2.1. *Astaíochtaí éalaitheacha ón mbonneagar iompair*

Breithneoidh oibreoir bonneagair iompair CO_2 astaíochtaí éalaitheacha ó aon cheann ar a laghad de na cineálacha trealaimh seo a leanas:

(a) séalaí;

(b) gairis tomhais;

(c) comhlaí;

(d) stáisiúin chomhbhrúiteora idirmheánacha;

(e) saoráidí stórála idirmheánacha lena n-áirítear iad siúd atá feistithe ar fheithiclí iompair CO_2.

Cinnfidh an t-oibreoir meánrátaí astaíochta *ER* (arna sloinneadh in g CO_2/am aonaid) in aghaidh an phíosa trealaimh in aghaidh an tarlaithe inar féidir coinne a bheith le hastaíochtaí éalaitheacha ag tús na hoibríochta, agus faoi dheireadh na chéad bhliana tuairiscithe ina bhfuil an bonneagar iompair i bhfeidhm ar a dhéanaí. Déanfaidh an t-oibreoir athbhreithniú ar na rátaí sin gach 5 bliana ar a laghad i bhfianaise na dteicnící agus an eolais is fearr atá ar fáil.

Ríomhfaidh an t-oibreoir astaíochtaí éalaitheacha tríd an líon píosaí trealaimh i ngach catagóir a iolrú faoin ráta astaíochta agus trí na torthaí le haghaidh na gcatagóirí aonair a shuimiú mar a thaispeántar sa chothromóid seo a leanas:

$$\textit{Éalaitheach Em}\ [tCO_2] = \left(\Sigma_{\textit{Catagóir}}\, ER\ [gCO_2/\textit{tarlú}] \bullet N_{\textit{tarlú}}\right)/10^6$$

Is éard a bheidh i líon na dtarluithe ($N_{tarlú}$) líon na bpíosaí den trealamh ar leith in aghaidh na catagóire, arna iolrú faoi líon na n-aonad ama in aghaidh na bliana.

B.2.2. *Astaíochtaí ó theagmhais sceite*

Soláthróidh oibreoir bonneagair iompair CO_2 fianaise ar shláine an chórais trí úsáid a bhaint as sonraí teochta agus brú ionadaíocha (spásúla agus a bhaineann le ham). I gcás ina léiríonn na sonraí gur tharla sceitheadh, ríomhfaidh an t-oibreoir an méid CO_2 a sceitheadh le modheolaíocht oiriúnach a dhoiciméadófar sa phlean faireacháin, ar bhonn treoirlínte dea-chleachtais an tionscail, lena n-áirítear trí úsáid a bhaint as na difríochtaí i sonraí teochta agus brú i gcomparáid le meánluachanna brú agus teochta a bhaineann le sláine.

B.2.3. *Astaíochtaí scaoilte*

Soláthróidh gach oibreoir bonneagair iompair CO_2 sa phlean faireacháin anailís maidir le cásanna féideartha astaíochtaí scaoilte, lena n-áirítear ar chúiseanna cothabhála nó éigeandála, agus soláthróidh sé modheolaíocht dhoiciméadaithe oiriúnach chun an méid CO_2 arna scaoileadh a ríomh, ar bhonn treoirlínte dea-chleachtais an tionscail.';

(j) Leasaítear Roinn 23 mar a leanas:

(i) i bPointe (A), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Bunóidh an t-údarás inniúil na teorainneacha maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí ó stóráil gheolaíoch CO_2 ar theorannú an láithreáin stórála agus an choimpléasc stórála mar a shonraítear sa chead de bhun Threoir 2009/31/CE, chomh maith leis na saoráidí coimhdeacha uile atá nasctha go feidhmiúil leis an gcoimpléasc stórála, amhail stóráil idirmheánach CO_2, treiseoir, leachtú, gású, stáisiúin íonúcháin nó téitheoirí. I gcás ina sainaithneofar sceitheadh ón gcoimpléasc stórála agus ina mbeidh astaíochtaí nó scaoileadh CO_2 isteach sa cholún uisce mar thoradh air sin, déanfaidh an t-oibreoir an méid seo a leanas ar fad láithreach:

(a) fógra a thabhairt don údarás inniúil;

(b) áireofar an sceitheadh mar shreabh fhoinseach nó mar fhoinse astaíochtaí le haghaidh na suiteála faoi seach;

(c) faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar na hastaíochtaí.'

(ii) i bPointe (B), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre:

'Ní dhéanfaidh oibreoir na gníomhaíochta stórála geolaíche CO_2 a fhaightear ó shuiteáil eile a chur lena leibhéal ríofa astaíochtaí, agus ní bhainfidh sé aon CO_2 óna leibhéal ríofa astaíochtaí, ar CO_2 é a stóráiltear go geolaíoch sa láithreán stórála nó a aistrítear chuig suiteáil eile. Déanfaidh an t-oibreoir faireachán ar astaíochtaí ó aon saoráid choimhdeach atá nasctha go feidhmiúil leis an gcoimpléasc stórála i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach i Roinn 22 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo.';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (B1), an dara mír:

'Cinnfidh gach oibreoir V CO_2 mar shreabh fhoinseach amháin nó níos mó mar atá i modheolaíocht chothromúcháin maise i gcomhréir le hAirteagal 25 nó trí úsáid a bhaint as modheolaíocht thomhasbhunaithe i gcomhréir le hAirteagail 41 go 46 den Rialachán seo. De mhaolú ar an gcéad abairt agus ar fhormheas ón údarás inniúil, féadfaidh an t-oibreoir modheolaíocht iomchuí a áireamh sa phlean faireacháin chun V CO_2 a chinneadh ar bhonn dhea-chleachtais an tionscail, i gcás ina dtabhófaí costais mhíréasúnta dá gcuirfí modheolaíochtaí faireacháin dá dtagraítear sa chéad abairt i bhfeidhm nó inar féidir leis an oibreoir a léiriú go gceadaítear leis an modheolaíocht ar bhonn dhea-chleachtas an tionscail na méideanna a chinneadh leis an gcruinneas céanna ar a laghad le modheolaíochtaí tomhas-bhunaithe.';

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad mhíre de phointe (B2):

'Breithneoidh gach oibreoir ar a laghad na foinsí astaíochtaí breise seo a leanas a d'fhéadfadh a bheith ann ó aisghabháil hidreacarbón feabhsaithe (RTL):';

(53) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) Leasaítear Tábla 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dóú ró déag, ceannteideal '**Ola mhianrach a mhínghlanadh**':

'**Ola a mhínghlanadh**';

(ii) sa seachtú ró is fiche, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil '**Táirgeadh alúmanaim príomhúil**':

'**Táirgeadh alúmanaim phríomhúil nó alúmana**';

(iii) cuirtear an ró seo a leanas isteach ag deireadh an Tábla:

'**Gabháil, aistriú agus stóráil gheolaíoch CO_2 i láithreán stórála atá ceadaithe faoi Threoir 2009/31/CE**

Cothromúchán maise CO_2 aistrithe	2	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	2	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar
Astaíochtaí scaoilte, sceite agus éalaitheacha CO_2	2	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar	2	Ní bhaineann le hábhar	Ní bhaineann le hábhar'

(54) sa Tábla in Iarscríbhinn VII, cuirtear na rónna seo a leanas isteach tar éis an dara ró, ceannteideal 'gás nádúrtha':

'CO_2 aistrithe	Uair sa tseachtain ar a laghad
Gás múcháin chun críoch Airteagal 43(4)	Gach 50 000 tona CO_2 san iomlán, ach uair sa mhí ar a laghad'

(55) leasaítear Iarscríbhinn IX mar a leanas:

(a) leasaítear Roinn 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'**EILIMINTÍ SONRACHA LE HAGHAIDH SUITEÁLACHA DO-AISTRITHE**:'

(ii) i bpointe (6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

'Le haghaidh táirgeadh alúmanaim phríomhúil nó alúmana, na heilimintí breise seo a leanas:';

(iii) i bpointe (7), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b) :

'(b) sonraí brú agus teochta ó bhonneagar iompair atá comhiomlánaithe go hionadaíoch';

(iv) cuirtear isteach an pointe (8) seo a leanas:

'(8) I gcás CO_2 atá ceangailte go ceimiceach go buan, i gcás inarb infheidhme, na heilimintí breise seo a leanas:

(a) doiciméadacht maidir leis an méid CO_2 atá ceangailte go ceimiceach go buan;

(b) na cineálacha táirgí a raibh CO_2 ceangailte go ceimiceach leo, na méideanna díobh a táirgeadh agus úsáidí faoi seach na dtáirgí.';

(b) leasaítear Roinn 3 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 4:

'(4) Chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí, doiciméadacht maidir leis an modheolaíocht le haghaidh bearnaí sonraí i gcás inarb infheidhme, líon na n-eitiltí inar tharla bearnaí sonraí, na sonraí a úsáideadh chun na bearnaí sonraí a dhúnadh, cár tharla siad, agus, i gcás inar mhó líon na n-eitiltí a raibh bearnaí sonraí iontu ná 5 % de na heitiltí a tuairiscíodh, cúiseanna leis na bearnaí sonraí chomh maith le doiciméadacht ar ghníomhaíochtaí ceartaitheacha a rinneadh;';

(ii) cuirtear isteach na pointí (5) agus (6) seo a leanas:

'(5) Chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2, na sonraí uile a ndéanann an t-oibreoir aerárthaí faireachán orthu de bhun Airteagal 56b(2) den Rialachán seo, i gcás ina n-úsáidtear na sonraí sin chun CO_2(e) in aghaidh na heitilte a ríomh i gcomhréir leis an modh dá dtagraítear in Airteagal 56a den Rialachán seo;

(6) Chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2 agus i gcás nach n-úsáideann an t-oibreoir aerárthaigh NEATS, líon na n-eitiltí inar tharla bearnaí sonraí agus luachanna réamhshocraithe iomchuí a úsáidtear in Iarscríbhinn IIIa, Roinn 5 agus Iarscríbhinn IIIb a ghabhann leis an Rialachán seo chun na bearnaí sonraí a dhúnadh.';

(56) leasaítear Iarscríbhinn X mar a leanas:

(a) leasaítear Roinn 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'**Tuarascálacha astaíochtaí bliantúla ar shuiteálacha do-aistrithe**';

(ii) i bpointe (6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) na hastaíochtaí iomlána arna sloinneadh mar t CO_2(e), lena n-áirítear CO_2 ó shreabha foinseacha bithmhaise nach gcomhlíonann Airteagal 38(5) den Rialachán seo, nó ó shreabha foinseacha RFNBO nó RCF nach gcomhlíonann Airteagal 39a(3) den Rialachán seo, nó ó shreabha foinseacha breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin nach gcomhlíonann Airteagal 39a(4) den Rialachán seo;';

(iii) i bpointe (6), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

'(f) fachtóirí astaíochta, arna sloinneadh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 36(2) den Rialachán seo; codán bithmhaise; codán bithmhaise nialas-rátaithe, codán RFNBO nó RCF, codán RFNBO nialas-rátaithe nó codán RCF, codán ísealcharbóin sintéiseach, codán ísealcharbóin sintéiseach nialas-rátaithe, fachtóirí ocsaídiúcháin agus coinbhéartachta sintéiseacha nialas-rátaithe, arna sloinneadh mar chodáin gan toise;';

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 7:

'(7) i gcás ina gcuirtear modheolaíocht chothromúcháin maise i bhfeidhm, an tsreabh maise, agus an cion carbóin le haghaidh gach sreabha foinsí isteach sa tsuiteáil agus amach aisti; codán bithmhaise, codán bithmhaise nialas-rátaithe, codán RFNBO nó RCF, codán RFNBO nialas-rátaithe nó codán RCF, codán sintéiseach ísealcharbóin nialas-rátaithe, codán sintéiseach ísealcharbóin nialas-rátaithe, agus glanluach calrach, i gcás inarb ábhartha;';

(v) i bpointe (8), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b), (c), (d) agus (e):

'(a) méideanna bithmhaise agus bithmhaise nialas-rátaithe a dhóitear nó méideanna RFNBO nó RCF agus RFNBO nialas-rátaithe nó RCF nialas-rátaithe a dhóitear, nó méideanna breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin nialas-rátaithe a dhóitear, a shloinntear in TJ, nó a úsáidtear i bpróisis, a shloinntear in t nó Nm3;

(b) Astaíochtaí CO_2 ó bhithmhais agus ó bhithmhais nialas-rátaithe nó astaíochtaí ó RFNBO nó RCF agus ó RFNBO nó RCF nialas-rátaithe, nó astaíochtaí ó bhreoslaí sintéiseacha ísealcharbóin agus ó bhreoslaí sintéiseacha ísealcharbóin nialas-rátaithe arna sloinneadh in t CO_2, i gcás ina n-úsáidtear modheolaíocht thomhasbhunaithe chun astaíochtaí a chinneadh;

(c) ionadaí le haghaidh ghlanluach calrach na bithmhaise nó RFNBO nó RCF nó sreabha foinseacha breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin a úsáidtear mar bhreosla, i gcás inarb ábhartha;

(d) astaíochtaí, méideanna agus luach fuinnimh breoslaí bithmhaise agus bithleachtanna a dhóitear nó RFNBO nó RCF a dhóitear, nó breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin a dhóitear in t agus TJ, agus faisnéis go gcomhlíonann breoslaí bithmhaise nialas-rátaithe agus bithleachtanna nó RFNBO nó RCF nó breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin Airteagal 38(5) nó Airteagal 39a(3) nó Airteagal 39a(4) den Rialachán seo;

(e) CO_2 nó N2O aistrithe chuig suiteáil nó faighte ó shuiteáil agus aon CO^2 faoi bhealach, i gcás ina bhfuil Airteagal 49 nó 50 den Rialachán seo infheidhme, arna shloinneadh in t CO_2(e);';

(vi) i bpointe (8), cuirtear pointí (i) agus (j) isteach:

'(i) an méid CO_2 atá ceangailte go ceimiceach i dtáirge i gcomhréir le hAirteagal 49a(1) den Rialachán seo, arna shloinneadh in t CO_2;

(j) cineálacha agus méideanna na dtáirgí a tháirgtear ina raibh CO_2 ceangailte go ceimiceach i gcomhréir le hAirteagal 49a(1) den Rialachán seo, arna sloinneadh in t den táirge;';

(vii) i bpointe (9), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) i gcás inarb infheidhme, ionadaí le haghaidh luach fuinnimh ó bhreoslaí agus ábhair iontaise agus ó bhithmhais a úsáidtear mar bhreoslaí agus ábhair agus ó RFNBO nó RCF nó breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin.';

(b) leasaítear Roinn 2 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (8) agus (9):

'(8) Mais an bhreosla íon (i dtonaí) in aghaidh an chineáil breosla in aghaidh an phéire Stáit, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na nithe uile seo a leanas:

(a) cé acu atá nó nach bhfuil ráta nialasach ag an mbreosla eitlíochta malartach i gcomhréir le hAirteagal 54c den Rialachán seo;

(b) cé acu atá nó nach bhfuil an breosla ina bhreosla eitlíochta incháilithe;

(c) Le haghaidh breoslaí eitlíochta incháilithe, an cineál breosla mar a shainmhínítear in Airteagal 3c(6) de Threoir 2003/87/CE;

(9) Iomlán na n-astaíochtaí CO_2 i dtonaí CO_2 agus an réamhfhachtóir astaíochta á úsáid chomh maith leis an bhfachtóir astaíochta arna dhí-chomhiomlánú de réir an Bhallstáit imeachta agus an Bhallstáit teachta;';

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe 12:

'(12) Míreanna meabhráin:

(a) méid na mbreoslaí eitlíochta malartacha a úsáideadh le linn na bliana tuairiscithe (i dtonaí) a liostaítear de réir cineál breosla, agus cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na breoslaí Airteagal 54c den Rialachán seo;

(b) glanluach calrach breoslaí malartacha;';

(iii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (13):

'(13) Mar iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil astaíochtaí bhliantúil, áireoidh an t-oibreoir aerárthaigh astaíochtaí bliantúla agus líonta eitiltí bliantúla in aghaidh an phéire aeradróm. Más infheidhme, sonrófar méid an bhreosla eitlíochta mhalartaigh agus an bhreosla eitlíochta incháilithe (i dtonaí) in aghaidh an phéire aeradróm. Arna iarraidh sin don oibreoir caithfidh an t-údarás inniúil leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis faoi rún.';

(c) cuirtear isteach Roinn 2a:

'2a. TUARASCÁLACHA BLIANTÚLA MAIDIR LE hÉIFEACHTAÍ EITLÍOCHTA NEAMH-CO_2 d'OIBRÍOCHTAÍ EITLÍOCHTA

Maidir le héifeachtaí eitlíochta neamh-CO_2, beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad sa tuarascáil ar leithligh dá dtagraítear in Airteagal 68(5) den Rialachán seo:

(1) Sonraí lena sainaithnítear an t-oibreoir aerárthaigh, agus an glao-chomhartha nó sainitheoirí uathúla eile a úsáidtear chun críoch rialaithe aerthráchta, chomh maith le sonraí teagmhála ábhartha;

(2) Ainm agus seoladh fhíoraitheoir na tuarascála;

(3) An bhliain tuairiscithe;

(4) Tagairt don phlean faireacháin formheasta is déanaí agus uimhir leagain an phlean sin agus an dáta óna bhfuil sé infheidhme, tagairt do phleananna faireacháin eile agus uimhir leagain na bpleananna sin atá ábhartha don bhliain tuairiscithe;

(5) Athruithe ábhartha ar oibríochtaí agus dialltaí ón bplean faireacháin formheasta le linn na tréimhse tuairiscithe;

(6) Uimhreacha clárúcháin na n-aerárthaí agus cineálacha aerárthaí a úsáidtear sa tréimhse a chumhdaítear leis an tuarascáil chun na gníomhaíochtaí eitlíochta a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE arna ndéanamh ag an oibreoir aerárthaí a dhéanamh;

(7) Líon iomlán na n-eitiltí in aghaidh an phéire Stáit a chumhdaítear leis an tuarascáil;

(8) Suim CO_2(e) d'eitiltí an oibreora aerárthaigh in aghaidh an phéire aeradróm a ndéantar faireachán orthu, arna sloinneadh sna méadrachtaí aeráide dá bhforáiltear in Airteagal 56a(2) den Rialachán seo.

(9) Tábla XML ina bhfuil, in aghaidh na heitilte agus mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn IIIa, Roinn 1 a ghabhann leis an Rialachán seo, faisnéis eitilte, cineál aerárthaigh, aitheantóir innill agus CO_2(e), a shloinntear sna méadrachtaí aeráide dá bhforáiltear in Airteagal 56a(2) den Rialachán seo;

(10) Mura bhfuil NEATS á úsáid ag an oibreoir aerárthaigh chun CO_2(e) a ríomh, ach más leis nó léi uirlisí TF tríú páirtí dá dtagraítear in Airteagal 56a(7)(b) den Rialachán seo, tuairisc ar an gcaoi a gcuirtear éifeachtúlacht i bhfeidhm sna huirlisí sin, i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le NEATS, chun GWP a bheachtú. Murar cuireadh éifeachtúlacht i bhfeidhm sna huirlisí, soláthróidh an t-oibreoir aerárthaigh tuairisc ina míneofar na cúiseanna nár cuireadh éifeachtúlacht i bhfeidhm.';

(d) leasaítear Roinn 4 mar a leanas:

(i) leasaítear pointe (6) mar a leanas:

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) iomlán na n-astaíochtaí arna sloinneadh mar t CO_2, lena n-áirítear CO_2 ó shreabha breosla bithmhaise nach gcomhlíonann Airteagal 38(5) den Rialachán seo, nó ó shreabha foinseacha RFNBO nó RCF nach gcomhlíonann Airteagal 39a(3) den Rialachán seo, nó ó shreabh fhoinseacha breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin nach gcomhlíonann Airteagal 39a(4) den Rialachán seo;';

— cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

'(d) fachtóirí astaíochta, arna sloinneadh i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 75f den Rialachán seo; codán bithmhaise, codán bithmhaise nialas-rátaithe, codán RFNBO nó RCF, codán RFNBO nialas-rátaithe nó codán RCF, codán ísealcharbóin sintéiseach nialas-rátaithe, codán ísealcharbóin sintéiseach nialas-rátaithe arna sloinneadh mar chodáin gan toise;';

(ii) i bpointe (7), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a) agus (b):

'(a) ionadaí le haghaidh ghlanluach calrach na bithmhaise, RFNBO nó RCF nó sreabha breosla sintéiseacha ísealcharbóin, i gcás inarb ábhartha;

(b) astaíochtaí, méideanna agus luach fuinnimh bithbhreoslaí, bithleachtanna, breoslaí bithmhaise, RFNBOnna agus RCFanna, breoslaí sintéiseacha ísealcharbóin a scaoiltear lena dtomhailt, a shloinntear in t agus TJ, agus faisnéis maidir le cé acu a chomhlíonann siad Airteagal 38(5) nó Airteagal 39a(3) nó Airteagal 39a(4) den Rialachán seo';

(57) in Iarscríbhinn Xa, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

'In éineacht leis an bhfaisnéis atá sa tuarascáil astaíochtaí bhliantúil de bhun Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirfidh an t-oibreoir an fhaisnéis seo a leanas isteach le haghaidh gach breosla a ceannaíodh mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (af) de Threoir 2003/87/CE:';

(58) in Iarscríbhinn Xb, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na habairte réamhráití:

'In éineacht leis an bhfaisnéis atá sa tuarascáil astaíochtaí bhliantúil de bhun Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirfidh an t-eintiteas rialáilte an fhaisnéis seo a leanas isteach le haghaidh gach breosla a ceannaíodh mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (af), de Threoir 2003/87/CE:'

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (2)(m), (42) go (46), (49), (57) agus (58) ón 1 Iúil 2024.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (3), (5) go (8), (9)(c), (21), (25) go (27), (28)(a), (29), (35), (36), (38), (40), (41), (47)(a) (ii) agus (iii), (47)(b)(i) an chéad dais agus an ceathrú dais, (47)(b)(iii), (48)(a)(ii), (51), (52)(d), (52)(e), (52)(f), (52)(g)(ii), (52)(h), (52)(i), (52)(j), (53), (55)(a)(ii), (55)(a)(iii), (55)(a)(iv), (55)(b)(ii), (56)(a)(vi), (56)(c) ón 1 Eanáir 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN